# Athbhreithniú ar an SPNF (NPWS) 2021: Príomhthorthaí agus moltaí



Tuarascáil don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Ullmhaithe ag Jane C. Stout agus Micheál Ó Cinnéide

Deireadh Fómhair 2021

## CLÁSAL SÉANTA

Is iad tuairimí agus na meonta na n-údar a nochtar sa tuarascáil seo agus ní gá go léiríodh siad polasaí oifigiúil nó seasamh an Rialtais. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thaighde a tugadh faoi i rith Feabhra - Meitheamh, 2021, lena n-áirítear comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí. Rinneadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ach ní féidir cruinneas iomlán a chinntiú, agus tugann na húdair le fios nach gá go léirítear athruithe ar bith laistigh den SPNF/NPWS a cuireadh i bhfeidhm ó Mheitheamh 2021 sa tuarascáil seo. Ní ghlacann na húdair le haon fhreagracht as caillteanas nó damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, i bpáirt nó go hiomlán, mar thoradh ar aon duine a bheith ag gníomhú, nó ag staonadh ó ghníomhú, mar thoradh ar ábhar atá sa bhfoilseachán seo. Is féidir an foilseachán seo ar fad nó cuid de a atháirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

## BUÍOCHAIS

Táimid buíoch den Aire Stáit Oidhreachta agus Athchóiriú Toghchán, Malcolm Noonan T.D., den fhoireann bhainistíochta shinsearach i DHLGH agus SPNF, agus den fhoireann agus de na geallsealbhóirí eile ar fad a thug a gcuid ama go fial le cur leis an athbhreithniú seo. Táimid buíoch go háirithe do Frank Donohoe a bhí ag feidhmiú mar Rúnaíocht ar an Athbhreithniú, agus a chabhraigh leis na húdair i rith an ama.

## LUA MOLTA

Stout J.C., Ó Cinnéide, M. (2021). Athbhreithniú ar an SPNF (NPWS) 2021: Príomhthorthaí agus moltaí. Tuarascáil don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, (DHLGH), Rialtas na hÉireann.

## ÍOMHÁ AR AN GCLÚDACH

Radharc ó Cheann Bhré, Co. Chill Mhantáin.

## Clár Ábhair


1. Achoimre Fheidhmeach v
2. Comhthéacsan athbhreithnithe 1
    2.1 Dúlra faoi bhagairt 1
    2.2 Am le haghaidh athraithe 1
    2.3 Caomhnú dúlra in Éirinn 3
    2.4 Aidhm an athbhreithnithe 5
3. Cur chuige modheolaíochta i dtaca leis an athbhreithniú 6
    3. 1 Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí 6
        3.1.1 Agallaimh foirne agus geallsealbhóirí 6
        3.1.2 Suirbhé ar líne 6
        3.1.3 Aighneachtaí scríofa 8
    3.2 Athbhreithniú ar inniúlacht agus acmhainní an NPWS 8
    3.3 Anailís chomparáideach deisce 8
    3.4 Teorainneacha leis an gcur chuige 8
    3.5 Aiseolas ón SPNF 9
    3.6 Struchtúr na tuarascála 9
4. Príomhthorthaí: Staid reatha 10
    4.1 Forbhreathnú ar oibleagáidí, cuspóirí straitéiseacha agus ar mhandáid 10
        4.1.1 Misean agus ról 10
        4.1.2 Sainchúram feidhme agus oibríochtaí 11
        4.1.3 Comhthéacs beartais agus coinbhleachtaí 14
        4.1.4 Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta (NBAP) 14
        4.1.5 Saincheisteanna straitéiseacha aitheanta 16
        4.1.6 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip 17
    4.2 Forbhreathnú ar struchtúr agus rialachas 17
        4.2.1 Struchtúr eagraíochtúil agus rialachas 17
        4.2.2 Páirceanna Náisiúnta 21
        4.2.3 Naisc fhoirmiúla le comhlachtaí eile Rialtais: 24
            An Chomhairle Oidhreachta (HC) 25
            An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) 26
            An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) 26
            An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) 27
            Fáilte Ireland 27
            Údaráis áitiúla agus LAWPRO 28
        4.2.4 Cumarsáid inmheánach 28
        4.2.5 Saincheisteanna Eagrúcháin aitheanta 29
        4.2.6 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip 30
    4.3 Forbhreathnú ar Acmhainní 31
        4.3.1 Comhthéacs Domhanda 31
        4.3.2 Leibhéal Náisiúnta 31
            4.3.2.1 Athbhreithniú Náisiúnta ar Chaiteachas Bithéagsúlachta 31
            4.3.2.2 Slogadh Airgeadas don Bhithéagsúlacht: Beartas agus Athbhreithniú Institiúideach 31
            4.3.2.3 Measúnú ar Riachtanas Airgeadais 32
            4.3.2.4 Straitéis Slógadh Acmhainní 33
            4.3.2.5 Creat Gníomhaíochta Tosaíochta do Natura 2000 34
            4.3.2.6 Iniúchadh an Fhóraim Náisiúnta Bithéagsúlachta ar an Athbhreithniú Eatramhach ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann 34

4.3.2.7 Máistirphlean Léirmhínitheach Turasóireachta do Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann 35
4.3.3 Maoiniú NPWS le deich mbliana anuas 35
4.3.4 Saincheisteanna Eagrúcháin aitheanta 36
4.3.5 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip 36
4.4 Soláthar Foirne 36
4.4.1 Soláthar Foirne reatha 37
4.4.2 Foireann atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i Loch Garman 38
4.4.3 Foireann Réigiúnach 41
Idirghníomhú idir foireann réigiúnach agus foireann an Aonaid um Measúnú Éiceolaíochta: 43
4.4.4 Foireann "thionsclaíoch" 43
4.4.5 Conraitheoirí 44
4.4.6 Saincheisteanna soláthar foirne a sainaithníodh 44
4.4.7 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip 46
4.5 Oideachas agus Rannpháirtíocht 46
4.5.1 Oideachas 46
4.5.2 Turasóireacht 47
4.5.3 Caidrimh phoiblí agus láithreacht sna meán 48
4.5.4 Sainchesiteanna Oideachais agus Rannpháirtíochta Aitheanta 49
4.5.5 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip 50
4.6 Monatóireacht agus Sonraí 50
4.6.1 Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) 50
4.6.2 Tionscadal BIOS, córas Eagraíochta Faisnéise Bithéagsúlachta 51
4.6.3 Sainchesiteanna Monatóireachta agus Sonraí aitheanta 52
4.8 Caomhnú Tailte Móna 52
4.9 Saineolas Muirí 55
4.10 Ceadúnú agus Spóirt Tuaithe 56
4.11 Reachtaíocht 57
4.12 Forfheidhmiú 58
4.13 Tátail: Éifeachtúlacht an SPNF agus a mhandáid a sheachadadh, na constaicí reatha agus an cumas chun freastal ar na héilimh atá ansin cheana féin 59
5. Moltaí: an todhchaí 58
5.1 Fís straitéiseach 58
5.2 Socruithe eagrúcháin agus rialachais 58
5.2.1 Roghanna maidir le todhchaí na heagraíochta 58
5.2.2 Fócas straitéiseach a fheabhsú ar fud na hearnála poiblí - Cur Chuige Comhordaithe tras-Rialtais 63
5.3 Cad iad na gníomhartha atá de dhíth? 63
5.3.1 Achoimre ar Mholtaí 65
5.4 Plean Gníomhaíochta 74
Aguisíní 75
Aguisín 1 Príomhghnéithe Straitéis Bithéagsúlachta an AE go dtí 2030 75
Aguisín 2 Cásanna sáraithe 77
Aguisín 3 Aighneachtaí scríofa 78
Aguisín 4 Achoimre ar thagarmharcáil/staidéar comparáideach 80
Aguisín 5 Ráitis Straitéise DHLGH 2021-25 82
Aguisín 6 Achoimre ar Theagmhálacha an EPA leis an NPWS 85
Aguisín 7 Líon na mball foirne reatha Tionsclaíochta 86
Aguisín 8 Ceadúnais arna n-eisiúint ag an Aonad Ceadúnaithe Fiadhúlra in 2020 87
Foinsí a luadh 88

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Tionscnaíodh an t-athbhreithniú neamhspleách seo ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) chun *"an tsamhail oibríochta reatha a mheas agus chun aon saincheisteanna, struchtúracha, ceisteanna bunaithe ar acmhainní nó eile a aithint, gur gá aghaidh a thabhairt orthu chun go mbeadh an SPNF feistithe níos fearr chun freastal ar a cuspóirí oibriúcháin".* Bhreithnigh an t-athbhreithniú ar **ról iomlán an SPNF**, i dtaca le caomhnú an dúlra, bithéagsúlacht agus forfheidhmiú na reachtaíochta fiadhúlra, chomh maith le forbairt, bainistíocht agus cur i láthair Pháirceanna Náisiúnta, Anaclanna Dúlra agus talamh phortaigh athchóirithe na hÉireann, lena n-áirítear a n-úsáid taitneamhachta agus a dtábhacht shocheacnamaíoch. tábhacht. Chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid atá ar fáil agus tagarmharcáil le gníomhaireachtaí i gceithre dhlínse eile Eorpacha, lorgaíodh meonta agus tuairimí ón bhfoireann, ó gheallsealbhóirí seachtracha agus ón bpobal i gcoitinne, de réir an dea-chleachtais i dtaca le rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara. Cuirfimid sraith **moltaí** ar fáil don SPNF, trí fhianaise a chuir i dtoll a chéile, éisteacht le freagraí, mhachnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna a ardaíodh, dúshláin a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu, le bogadh ar aghaidh mar eagraíocht níos éifeachtaí don todhchaí, laistigh de chreat níos straitéisí don dúlra ar fud na hearnála poiblí.

**Ní raibh an oiread béime ariamh ar an dúlra ar an gclár oibre poiblí ná polaitiúil**, mar is léir ón mbeart seo, go bhfuil an t-athbhreithniú mar chuid de Chlár 2020 don Rialtas, agus gur chuir níos mó ná 3,000 geallsealbhóir aonair spéis ann le linn Mhárta - Bealtaine 2021. Seo é an chéad uair a tugadh comhairliúchán poiblí den chineál seo chun críche go sonrach ar mhaithe leis an SPNF.

Is é ár dtátal foriomlán, bunaithe ar ualach na fianaise, ná go bhfuil sé in **am athrú**, laistigh den SPNF agus ar bhonn níos leithne náisiúnta araon. Tá comhshaol nádúrtha na hÉireann, lena n-áirítear a bithéagsúlacht, i mbaol. Tá ár sláinte agus folláine, ár sochaithe, agus ár ngeilleagar chomh maith lenár gcumas chun athrú aeráide a mhaolú agus dul in oiriúint dó, faoi bhagairt ag caillteanas seasta na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras. Mar thír, ní mór dúinn deireadh a chur le tiománaithe sistéamacha díreacha agus indíreacha an chaillteanais bhithéagsúlachta, agus dlús a chur le cur chun feidhme bearta caomhnaithe agus athchóirithe córacha. **Tá próiseas athchóirithe de dhíth anseo**, ní hamháin ar an SPNF, an comhlacht atá freagrach as go leor de ghnáthóga agus de speicis na hÉireann, a chosaint, ach ar fud an rialtais, agus ar fud na sochaí.

Tá an t-athbhreithniú seo tar éis tabhairt le fios nach bhfuil an SPNF **ailínithe go héifeachtach mar atá sé faoi láthair chun a éilimh reatha agus a mhandáid amach anseo a chomhlíonadh**. Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn spreagúil le bliain anuas, mar thoradh ar bhuiséid mhéadaithe, tá mórcheisteanna straitéiseacha, struchtúracha, acmhainne agus acmhainní le dul i ngleic leo go fóill. Ciallaíonn sé seo nach féidir leis an SPNF na hoibleagáidí reatha a chomhlíonadh, gan trácht aghaidh a thabhairt ar phleanáil do dhúshláin agus reachtaíocht amach anseo, lena n-áirítear ceanglais an Bhille Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE go dtí 2030.

I gcroílár an SPNF tá breis is 300 croíbhall foirne atá tiomanta, paiseanta agus eolach. Is léir go bhfuil comhdhearcadh leathan ann, ó éisteacht le geallsealbhóirí, go n-oibríonn foireann na SPNF go han dian, agus go bhfuil obair inmholta idir láimhe acu, nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil siad ag feidhmiú agus srianta ar acmhainní. Ba é an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, áfach, ná go bhfuil foireann an SPNF, agus an tSeirbhís lena n-oibríonn siad léi, ar an ngannchuid le blianta fada anuas, i gcóras polaitiúil nach raibh an chuma air go leag sé aon luach ar dhúlra ná ar bhithéagsúlacht. Tá gá le hath-thosaíocht phráinneach sa rialtas agus le hinfheistíocht shuntasach sa tseirbhís a chomhordaíonn athchóiriú agus caomhnú an dúlra. **Cosúil le hinfheistíocht i gcúrsaí sláinte agus oideachais, baineann buntáiste fadtéarmach poiblí le hinfheistíocht sa nádúr**.

Bhí tréimhse fhada tearc-infheistíochta sa SPNF ina chionn- stiocair faoi gur theip gach gné de Threoracha Dúlra an AE a chur i bhfeidhm i gceart, agus tá imeachtaí comhlíonta tionscanta ag an gCoimisiún Eorpach. Tá ról lárnach ag limistéir chosanta i gcaomhnú na bithéagsúlachta, ach tá tábhacht leo chomh maith don chaitheamh aimsire agus don oideachas. Tugann ár sé **Pháirc Náisiúnta** an-léargas ar dhúlra na hÉireann, agus is féidir leo eochairpháirt a bheith acu i dtionscal turasóireachta na hÉireann, ach mura dtugtar tosaíocht do bhainistiú a n-éiceachóras, is chun olcas a rachaidh a riocht éiceolaíocha.

De dheasca raon feidhme leathan shainchúram na SPNF agus a chuid oibleagáidí, níl an t-athbhreithniú seo go hiomlán uileghabhálach. Tá sé teoranta ag an bhfráma ama inar seoladh é, agus ag saineolas na n-údar, agus cé go bhfuil taithí fhairsing acu ag obair leis an dúlra le comhlachtaí acadúla, poiblí agus príobháideacha, níor oibrigh siad riamh laistigh den SPNF. Ina ainneoin sin, trí anailís a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil, cuirimid **24 moladh** i dtoll a chéile lena mbreithniú ag an Aire. Ní hionann iad seo agus treoirphlean don todhchaí, ach moltaí nó tograí ar mhaithe le cúrsa gníomhaíochta féideartha, mar a fheictear dúinne é, bunaithe ar an eolas atá ar fáil ag an am. Áirítear leis na moltaí seo athrú eagraíochtúil, athchóirithe oibriúcháin chun na sainorduithe iolracha cosanta, eolaíochta agus rannpháirtíochta a chomhlíonadh, agus acmhainní méadaithe chun seirbhís níos éifeachtaí a sheachadadh. Tá líon foirne nua ag teastáil ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear, inár dtuairim, Stiúrthóir tiomnaithe, lánaimseartha, foireann theicniúil speisialaithe, lena n-áirítear sna Páirceanna Náisiúnta, chomh maith le foireann tacaíochta riaracháin/corparáideach chun oibleagáidí a chomhlíonadh ar fud shainchúram iomlán na SPNF.

Ach níl sé taobh le níos mó foirne agus le maoiniú amháin; creidimid go bhfuil gá le **hathchóiriú bunúsach** ar struchtúir agus ar rialachas, plean soiléir straitéiseach don SPNF, agus an cheannaireacht é a chur i bhfeidhm, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach níos fearr, agus foirne athfhuinnmhithe, ag obair go héifeachtach as lámha a chéile laistigh agus lasmuigh den eagraíocht. is ceist chonspóideach í, an bhfeidhmeodh an t-aonán seo mar chuid de roinn rialtais nó ina heagraíocht fhéinrialaitheach. Tá buntáistí agus míbhuntáistí tosaigh a bhaineann le roghanna amach anseo curtha in iúl Mír 5 don Aire lena mbreithniú, ach i dtaca leis an bhfianaise agus leis an raon leathan aighneachtaí a fuarthas, ní meastar gur rogha ciallmhar é 'gnó mar is gnách' don SPNF, agus molaimid. go mbunófar **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin don Dúlra**.

Ní athchóiú an SPNF an t-aon athrú atá ag teastáil chun dúlra na hÉireann, a chosaint, ar mhaithe léi féin agus a saoránaigh agus mar sin molaimid **cur chuige Uile-Rialtais maidir le caomhnú an dúlra**, atá comhthreomhar agus a nascann leis na cuir chuige a úsáidtear anois i leith rialachas uisce agus le beartas aeráide. Is léir nach féidir leis an SPNF, fiú leagan éagsúil den SPNF, na hathruithe riachtanacha a sheachadadh ina aonar. Ní mór d'Éirinn gan a bheith taobh le h'ionaid Natura 2000 a chaomhnú agus a chosaint má tá sí chun stádas caomhantais gnáthóg agus speiceas a fheabhsú. Tá gá le tuilleadh oibre chun tuiscint chomhaontaithe náisiúnta ar chosaint faoin tuath i gcoitinne, a fhorbairt. Mar sin, moltar **creat il-leibhéal don dúlra,** a chuimsíonn grúpa ardleibhéil comhairleach, foireann tacaíochta theicniúil trasghníomhaireachta, agus líonraí ag leibhéal áitiúil. Tá gá le cur chuige comhtháite chun dul i ngleic le géarchéim na bithéagsúlachta agus is féidir le SPNF atá athnuaite, atá neartaithe príomhról a bheith aici chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na ndeich mbliana atá romhainn.



**Jane Stout**
Ollamh le Luibheolaíocht, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Comhstiúrthóir ar Ionad na Tríonóide um Bithéagsúlacht agus Réitigh Inbhuanaithe atá Bunaithe ar an Dúlra



**Mícheál Ó Cinnéide**
Comhairleoir neamhspleách, a bhfuil 30 bliain de thaithí aige sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha i réimsí an chomhshaoil, acmhainní mara agus taighde (iar-Stiúrthóir, EPA agus Foras na Mara)

# 2. Comhthéacsan athbhreithnithe

## 2.1 Dúlra faoi bhagairt

Táimid i lár géarchéime domhanda. Is é an dúlra ár gcóras tacaíochta beatha, a thacaíonn lenár mbeatha féin, ár sochaithe agus ár ngeilleagair. Agus fós féin tá an dúlra, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, éagsúlacht na beatha, á scrios, á dhíghrádú agus á aonchineálú ag na gníomhaíochtaí sin atá ag brath air. Tá na staitisticí i dtaca leis an gcaillteanas uafásach: Tá athrú suntasach ar **75%** d'achar talún an domhain de bharr ghníomhaíocht dhaonna, tá tionchair charnacha ag dul i méid i dtaca le **66%** d'aigéin an domhain agus tá **>85%** de bhogaigh dhomhanda imithe as radharc[1]. Sa lá atá inniu ann, is ionann daonraí daonna agus beostoc 96% de bhithmhais mhamaigh an domhain, agus is éanlaith chlóis iad 70% gach éan atá ina mbeatha ar domhan, sicíní den chuid is mó[2]. Is é titim na n-éiceachóras, lena n-áirítear na córais talmhaíochta sin a tháirgeann **bia,** an baol damáiste leanúnach don bhithéagsúlacht dhomhanda; easpa cumais chun **athrú aeráide** a mhaolánú agus a aisiompú[3]; agus **baoil sláinte** domhanda méadaithe, lena n-áirítear tuilleadh paindéim[4].

D'aithin 'Tuarascáil ar Riosca Dhomhanda' de chuid Fhóram Eacnamaíoch an Domhain 2021 go raibh caillteanas bithéagsúlachta i measc na gcúig phríomhriosca de réir cosúlachta agus tionchair, agus tháinig 'an t-Athbhreithniú domhanda déanaí de chuid Dasgupta' ar an gconclúid go bhfuil ár n-éilimh ar an dúlra ag sárú go mór an chumas atá ann na hearraí agus na seirbhísí a bhfuil muid ag brath orthu, a sholáthar dúinn agus tá rathúnas na nglún atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht á gcur i mbaol[5][6].

Tá dúlra na hÉireann ag fulaingt ar aon dul le treochtaí domhanda. De réir Thuarascáil[7] 'Staid an Chomhshaoil' is déanaí de chuid an EPA, níl cáilíocht chomhshaol na hÉireann go maith, as a eascraíonn saincheisteanna casta, ar fud chórais bhith-gheoiceimiceacha aeir, uisce, ithreacha, aeráide agus bhithéagsúlachta. In 2019, bhí **85% de ghnáthóga cosanta na hÉireann i riocht neamhfhabhrach**, agus bhí 46% acu ag léiriú treochtaí de laghdú leanúnach sna 12 bliain a bhí caite[8]. Ina theannta sin, **bhain stádas neamhfhabhrach le 43% de na speicis a bhí faoi chosaint,** agus i gcás na ngrúpaí tacsanomaíocha a raibh measúnuithe foirmiúla caomhnaithe déanta orthu, bhí níos mó ná 1 as 5 speiceas faoi bhagairt díothaithe in Éirinn[9]. Tugadh le fios in athbhreithniú a rinneadh le déanaí go bhfuil níos mó ná an ceathrú cuid d'éin na hÉireann ina n-ábhar imní i dtaca le caomhantas anois[10].

## 2.2 Am le haghaidh athraithe

Tá sé in am athrú. Mura gcuirimid luas le cur chun feidhme réiteach ar chaillteanas bithéagsúlachta ar fud na n-earnálacha agus na sochaí go léir, tá an baol go mbeidh tragóid éiceolaíochta sa bhreis ann, caillteanais eacnamaíocha agus tionchair dhiúltacha ar fholláine na sochaí. Tá an dúlra riachtanach do tháirgeadh bia, adhmaid agus amhábhar eile na hÉireann, déanann sé scagadh ar uisce agus soláthraíonn sé an t-aer a análaímid. Cabhraíonn sé linn dul i ngleic le hathrú domhanda, bagairtí sláinte agus tubaistí. Baineann tábhacht leis i dtaca le folláine fhisiciúil agus mheabhrach agus bíonn caighdeáin mhaireachtála shláintiúla dá bharr. Tá sé mar bhonn tacúil dár ngeilleagair, agus beidh infheistíocht i dtaca lena chosaint agus lena athchóiriú ríthábhachtach do théarnamh eacnamaíoch iar-COVID-19.

Tá sé dearbhaithe ag an NA go mbeidh 2021-2030 a aithint mar an **Deich mBliana d'Athchóiriú Éiceachórais**[11], mar aitheantas ar an ngá práinneach le héiceachórais a bhfuil damáiste déanta díobh a athchóiriú, chun díghrádú éiceachórais a chosc, a stopadh agus a aisiompú. Soláthraíonn Margadh Glas an Choimisiúin Eorpaigh beart gníomhaíochta chun bithéagsúlacht [12]a athbhunú agus córas[13] bia inbhuanaithe le hionchuir agraiceimiceacha laghdaithe, a thógáil agus le 25% de thalamh talmhaíochta a bheith faoi fheirmeoireacht orgánach. Is dúshláin shuntasacha iad seo d'Éirinn.

Go sonrach, tá sé mar sprioc ag **Straitéis Bithéagsúlachta an AE** líonra na limistéar cosanta a leathnú, agus 30% ar a laghad den talamh agus 30% den fharraige san EU a bheith cosanta faoi 2030 (a dtugtar **gealltanas "30/30" air)**. I gcroílár na straitéise tá athchóiriú éiceachórais talún agus farraige agus athrú bunathraitheach ar fud an rialtais, bheartais agus na sochaí (Fíor 2.1).




**Fíor 2.1 Príomhghnéithe de Straitéis Bithéagsúlachta an AE go dtí 2020[14]. Do bhreis eolais, féach Aguisín 1. (Foinse https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/fs_20_906)**

Tá ról tábhachtach ag Éirinn maidir le gealltanais an AE go dtí 2030 a bhaint amach. Chaith comhaltaí Dháil Éireann vóta ar rún chun **éigeandáil bhithéagsúlachta** a fhógairt in 2019. Gheall an Clár Rialtais 2020 [15]go mbunófaí tionól saoránach maidir leis an mbithéagsúlacht, agus shínigh an Taoiseach **'Gealltanas Ceannairí don Dúlra' sna NA,** agus gealltanas á thabhairt aige, tabhairt faoi ghníomhaíocht phráinneach chun stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus an dúlra a chur ar an mbealach chun téarnaimh faoi 2030[16]. Tá luas faoin dearcadh go bhféadfadh cosaint na bithéagsúlachta dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide, mar is léir ó óráid an Aire Noonan sa Dáil agus an Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide[17], á phlé agus le déanaí le linn cainteanna ag an gComhchoiste Oireachtais um Chomhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide [18].

> *"Tá réitigh atá bunaithe ar an dúlra, ar nós bogaigh, talaimh portaigh agus éiceachórais chósta a chosaint agus a athchóiriú, bainistiú inbhuanaithe limistéar muirí, foraoisí, féarach agus ithreacha talmhaíochta, ríthábhachtach chun astaíochtaí a laghdú agus don oiriúnú aeráide."*
>
> \- **An tAire Stáit Oidhreachta agus Athchóiriú Toghcháin, Malcolm Noonan T.D., 20 Aibreán 2021**

I bhfianaise fhairsinge Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, ní mór comhordú tras-rannach a bheith i bhfeidhm, ina mbeadh níos mó ná an Roinn nó an dá Roinn atá freagrach go príomha as an mbithéagsúlacht i gceist. Ní mór don chur chuige beartais i dtaca leis an Dúlra teacht le agus

freagairt go dlúth de ghníomhaíochtaí **Uile-Rialtais** maidir leis an Aeráid agus Uisce le gur féidir le hÉirinn a cuid uaillmhianta 2030 a bhaint amach.

Chomh maith le gníomhaíochtaí atá faoi stiúir rialtais, tá corparáidí príobháideacha ag tosú ar ghníomhartha bithéagsúlachta[19] agus tá méadú faoin éileamh sa réimse seo. Rinneadh scrúdú le déanaí i dtuarascáil ar an ngaol idir gnó agus bithéagsúlacht in Éirinn agus leagadh béim ar an bhféidearthacht ardán Gnó agus Bithéagsúlachta a bhunú [20]. Ina theannta sin, tá borradh úr faoin meas agus éileamh atá ag saoránaigh na hÉireann ar an dúlra áitiúil ar thoradh ar phaindéim COVID 19 [21]. Tá ualaí breise le sárú mar gheall ar Breatimeacht, agus mar straitéisí a d'fhéadfadh go mbeadh éagsúil ag baint leo i dtaca le caomhnú an dúlra ó thuaidh agus ó dheas den teorainn. Ar deireadh, cé go leanfaí an t-athrú aeráide mar údar cainte i measc lucht polaitíochta[22] agus airgeadais[23], tá sé ina chion tsiocair chomh maith leis an méadú atá le réitigh atá bunaithe ar an dúlra[24]. Go deimhin, leagtar béim sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021[25] ar an ngá atá le bithéagsúlacht a athbhunú agus a chosaint, agus ar thionscadail atá bunaithe ar an dúlra a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa agus a thacaíonn le hathléimneacht aeráide.

**Éilíonn seo uile gníomhaíocht atá práinneach, comhtháite, iomlánaíoch don dúlra ar scála náisiúnta agus trasteorann.**

## 2.3 Caomhnú dúlra in Éirinn

Taobh amuigh de ghaiscí suntasacha ag tionscadail éagsúla, ar an drochuair, is droch cháil amach is amach atá bainteach amach ag Éirinn i dtaca le cosaint an dúlra. Tá dearcadh forleathan ann de chur chuige atá ilroinnte, le droch-acmhainní, neamhéifeachtach i leith chosaint agus athchóiriú an dúlra sa Stát de dheasca blianta fada de thearc-infheistíocht, d'easpa tacaíochta polaitiúla forleathan agus teipeadh dlí comhshaoil an AE a chur i bhfeidhm go héifeachtach (Aguisín 2).

Tá freagracht as cosaint agus cur chun cinn na timpeallachta nádúrtha scaipthe ar fud roinnt Ranna, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Rialtais (Fíor 2.2), a bhfuil leibhéil éagsúla saineolais i dtaca leis an dúlra acu. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag údaráis áitiúla chomh maith. Cé go bhfuil tromlach na n-eagraíochtaí seo lasmuigh de shainchúram an athbhreithnithe seo, baineann tábhacht leis i dtaca leis an mbealach a ndéantar an dúlra a bhainistiú in Éirinn, agus an chaoi a mbreathnaítear air ar fud an rialtais agus ar fud na sochaí.


Is cuid den Rannóg Oidhreachta, laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) í an **tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra** (NPWS) ach tá sí tar éis bogadh idir Ranna roinnt uaireanta ó bunaíodh í (féach Roinn 4.2.1). Baineann athruithe suntasacha in oibríochtaí agus cur chuige le gach uair go mbogtar agus tá an tuairim i measc go leor geallsealbhóirí go léiríonn sé easpa tosaíochta polaitiúla i dtaca leis an dúlra. B'fhéidir gur chuir patrún na tearcinfheistíochta le dearcadh an phobail nach féidir tabhairt faoi infheistíocht sa dúlra le linn tréimhsí deacra agus i gcásanna áirithe, go mbreathnaítear ar an dúlra mar bhac ar dhul chun cinn.

Mar sin féin, tá borradh faoin dearcadh gur codanna ríthábhachtacha dár gcaipiteal nádúrtha iad bithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla agus gur cheart tabhairt infheistíocht iontu, iad a athchóiriú agus a chosaint[26]. Leagtar amach i **dTionscadal Éireann 2040**, an Creat Pleanála Náisiúnta, >75 cuspóir beartais náisiúnta i dtaca le fás agus forbairt in Éirinn, lena n-áirítear tosaíocht straitéiseach do bhainistiú inbhuanaithe ar acmhainní comhshaoil; áirítear leis seo caipiteal nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, lena n-áirítear bithéagsúlacht, agus sprioc shonrach chun "An stádas caomhantais a fheabhsú agus feabhas a chuir le bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas"[27].

Tá an SPNF faoi shainordú le hoidhreacht nádúrtha na hÉireann a chaomhnú, a chosaint agus a chur i láthair agus tá sé freagrach as an bhfiadhúlra a chosaint agus as caomhnú na héagsúlachta bitheolaíche in Éirinn a chur chun cinn. Áirítear leis an sainchúram leathan seo **sé Pháirc Náisiúnta agus 74 Anaclann Dúlra** a reáchtáil, ar príomhghnéithe iad den bhonneagar turasóireachta náisiúnta, agus a mheallann níos mó ná ceithre mhilliún cuairteoir gach bliain. Ina theannta sin, tá an SPNF freagrach as 'Treoracha Dúlra' an AE,[28, 29] agus an dlí náisiúnta (na hAchtanna um Fhiadhúlra)[30] a chur i ngníomh agus a chur i bhfeidhm. Le méadú mór tagtha ar ualach oibre fhoireann an SPNF le deich mbliana anuas, mar thoradh ar mhéaduithe ar thurasóireacht, ar fhorbairt agus

sa reachtaíocht, tá laigí i struchtúir agus cur chuige na heagraíochta chomh maith leis an ngá atá le tuilleadh acmhainní le tabhairt faoi deara. Sna deich mbliana amach romhainn, beidh brú breise ar an SPNF, agus go deimhin ar an Rialtas ina iomlán, agus luas faoi spriocanna náisiúnta, an AE agus idirnáisiúnta maidir le hathshlánú agus cosaint an dúlra, i dtreo spriocanna 2030 i dtaca le bithéagsúlacht, aeráid agus forbairt inbhuanaithe (Féach moladh uimh 14). Ní hamháin go mbaineann dúshláin theicniúla leis seo, i bhfianaise staid reatha an dúlra ach tá an baol maidir le coinbhleachtaí beartas, méadaithe, mar atá leagtha amach i Roinn 4.1.3.

**Mar sin, ní féidir na dúshláin atá os comhair an Stát ó thaobh na bithéagsúlachta agus éiceachórais a mheas faoina luach.**




**Fíor 2.2 Comhlachtaí rialtais a bhfuil baint acu le dúlra/bainistíocht dúlra (A = Gníomhaireacht, EA = Gníomhaireacht Feidhmiúcháin, SA = Gníomhaireacht Stáit neamhthráchtála)**

## 2.4 Aidhm an athbhreithnithe

Leagtar síos gealltanas sa Chlár Rialtais, 2020 '***Ár dTodhchaí Roinnte',*** [15] athbhreithniú a dhéanamh ar shainchúram, stádas agus maoiniú an NPWS, "*lena chinntiú go bhfuil ról éifeachtach aige i dtaca lena shainordú foriomlán a sheachadadh agus lena ról forfheidhmithe i gcosaint an fhiadhúlra".*

Mar sin, i bhFeabhra 2021, chuir an tAire Stáit um Oidhreachta agus Athchóiriú Toghcháin (an tAire Malcolm Noonan T.D.) tús le hathbhreithniú neamhspleách chun eolas a thabhairt don phróiseas a chuirfeadh le forbairt an NPWS sa todhchaí chun cur ar a chumas tacú le cuspóirí bithéagsúlachta na hÉireann in ailíniú lena hoibleagáidí agus creataí [31]idirnáisiúnta.

Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná **luacháil a dhéanamh ar an tsamhail oibríochta reatha** agus aon **saincheisteanna gur gá aghaidh a thabhairt orthu** a aithint chun cur níos fearr le cumas an NPWS lena chuspóirí oibríochtúla a bhaint amach, lena n-áirítear caomhnú an dúlra agus reachtaíocht fiadhúlra a chur i gníomh, chomh maith le na Páirceanna Náisiúnta, Anclanna Dúlra agus talamh phortaigh athchóirithe, lena n-áirítear a n-úsáid taitneamhachta.

Go sonrach, iarradh ar an athbhreithniú "*Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an stádais Rialachais reatha, ag tuairisciú maidir le caidrimh agus struchtúir foirne agus a n-oiriúnachta do dhúshláin na deich mbliana atá le teacht",* mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha a foilsíodh[32].

De dheascadh tabhairt faoi athbhreithniú mion ar an staid reatha, lena n-áirítear comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí, sainaithníodh **moltaí bainistíochta agus rialachais agus riachtanais acmhainní** don todhchaí (Roinn 5). Ina theannta sin, cuirtear i láthair moltaí maidir le ***'conas gur féidir leis an NPWS an fócas straitéiseach is fearr a bhaint amach do chaomhnú an dúlra i gcomhar le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí',*** [32] agus Plean Gníomhaíochta tosaíochta (Cuid 5).

# 3. Cur chuige modheolaíochta i dtaca leis an athbhreithniú

Rinneadh an t-athbhreithniú neamhspleách seo, a tionscnaíodh i mí Feabhra 2021, trí thrí shraith, mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha (ToR) a foilsíodh [32]:

1. Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí (foireann inmheánach agus grúpaí seachtracha, eagraíochtaí agus daoine aonair),
2. Athbhreithniú deisce ar inniúlacht agus acmhainní an NPWS,
3. Anailís chomparáideach deisce ar acmhainní/struchtúir eagraíochtaí comhchosúla i ndlínsí eile agus forbhreathnú ar ról agus ar fhreagrachtaí chomhlachtaí stáit eile agus a gcaidreamh leis an NPWS.

## 3. 1 Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí

Lorgaíodh tuairimí agus dearcaidh ón bhfoireann, ó gheallsealbhóirí seachtracha agus ón bpobal i gcoitinne, de réir na sé ghrúpa sa ToR, agus de réir an chleachtais is fearr i dtaca le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) Treoir ar Chomhairliúchán Poiblí i mí na Samhna 2016 (www.gov.ie). Rinne an tAthbhreithniú seo iarracht na príomhphrionsabail mar atá leagtha amach ag DPER a leanúint, i.e.

- *"Ní mór den comhairliúchán leis an bpobal a bheith fíor, bríoch, tráthúil, cothromaithe agus go mbeadh sé mar sprioc deiridh aige torthaí níos fearr a bhaint amach agus go mbeadh tuiscint níos fearr ag gach duine atá rannpháirteach, ar na buntáistí agus na hiarmhairtí a bhaineann le beartas ar leith*
- *Ba cheart comhairliúchán a dhíriú ar dhaoine a bhfuil spéis shoiléir acu sa bheartas atá i gceist agus go mbeadh siad in ann teacht go héasca air."*

Glacadh le trí chur chuige chun dul i ngleic le páirtithe leasmhara ag teacht leis na Téarmaí Tagartha sonracha agus le treoir níos leithne de chuid an DPER:

### 3.1.1 Agallaimh foirne agus geallsealbhóirí

Dréachtaíodh liosta geallsealbhóirí, bunaithe ar an ToR, agus reáchtáladh **66** cruinniú duine-le-duine nó i bhfoirm ghrúpa trí fhíschomhdháil le linn Feabhra, Márta agus Aibreán 2021, lena n-áirítear cruinnithe le breis agus 80 ball foirne de chuid na NPWS. Níor bhain aon chlaonadh i dtaca le cé a ndeachthas i gcomhairle leo – tugadh cuireadh do gach grád foirne, agus do na páirtithe leasmhara go léir a bhí liostaithe sa ToR, ionchur a bheith acu. Bhí seisiúin aonair le ceathrar de na Rúnaithe Cúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) agus dhá chruinniú an duine le formhór na bPríomhoifigeach atá i gceannas ar fhoireann na NPWS, i measc na gcruinnithe,. Mhair gach cruinniú idir 1 agus 2 uair a chloig. Bhain leagan amach agallaimh leath-struchtúrtha leis na cruinnithe, inar ceistníodh na hagallaithe go ginearálta maidir lena gcaidreamh/idirghníomhaíochtaí leis an NPWS, conas a bhraith siad feidhmíocht, sainchúram, stádas agus éifeachtacht reatha an NPWS, agus na roghanna nó na cinntí straitéiseacha i dtaca le todhchaí an NPWS a mheas.

Rinneadh tuarascáil agus sintéis de na saincheisteanna a ardaíodh (ar fáil i **dTuarascáil Fhorlíontach 1**) i ndiaidh na hagallamh go léir a thabhairt chun críche.

Bhuail an fhoireann athbhreithnithe le chéile ar bhonn míosúil leis an Aire a rinne an t-athbhreithniú a choimisiúnú (féach Mír 2.4 thuas) agus bhuail siad chomh maith le comhaltaí Chomhchoiste an Oireachtais ar Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

### 3.1.2 Suirbhé ar líne

Seoladh suirbhé ar líne ar an 5 Márta 2021 le preasráiteas [31] ***gov.ie,*** chun teacht ar raon leathan tuairimí páirtithe leasmhara ar bhealach anaithnid agus inchainníochtúil. Roinneadh an fógra leis an bhfoireann agus ar na meáin shóisialta, agus spreagadh daoine an t-eolas a roinnt lena ngreasán féin. Faoin am gur tháinig deireadh le tréimhse an tsuirbhé ar an 7 Aibreán bhí **2,997** freagra aonair bailithe, lena n-áirítear 133 freagra foirne.

Chuimsigh an suirbhé sé cheist chun déimeagrafaic na bhfreagróirí a chinntiú, trí cheist i dtaca le hidirghníomhaíochtaí agus eispéiris, ceithre cheist ar fheidhmíocht agus ar struchtúr eagraíochta, dhá cheist a bhain go sonrach le baill foirne an NPWS, agus cúig cheist maidir leis na tosaíochtaí agus na dúshláin atá roimh an NPWS amach anseo. Bhí ceisteanna dúnta agus neamhiata i gceist agus ceadaíodh anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil araon (achoimre ar na torthaí tugtha i **mBosca 3.1** thíos, agus tá tuarascáil iomlán an tsuirbhé agus achoimre ar na freagraí ar fáil i **dTuarascáil Fhorlíontach 2**).

**Bosca 3.1 Achoimre ar na torthaí i dtaca leis an suirbhé ar líne ar gheallsealbhóirí**

Tugann suirbhé na bpáirtithe leasmhara le fios go bhfuil an-suim in obair agus feidhmíocht an NPWS. Sháraigh líon na bhfreagraí **(2,997)** gach a rabhthas ag súil leis agus thug siad forbhreathnú saibhir agus mionsonraithe ar thuairimí pháirtithe leasmhara ar an NPWS, i dtaca lena feidhmíochta agus a treo araon sa todhchaí.

Tháinig dhá phríomhthreocht chun cinn agus anailís á dhéannamh ar fhreagraí ón suirbhé agus is féidir iad a meas, go ginearálta. Ar an gcéad dul síos, thug freagraí na ngeallsealbhóirí le fios gur bhain **easpa eolach le ról agus le fhreagrachtaí cinnte an NPWS**. Tugtar é seo le fios i dtaca leis an raon leathan tosaíochtaí atá molta do thodhchaí an NPWS, lena mbaintear, stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta sa todhchaí, gníomhaíocht aeráide, oideachas agus for-rochtain chomh maith le beartais agus forghníomhú an dlí. I dtaca le roinnt tuairimí, tá ról an NPWS bainteach le teorainneacha na bPáirceanna Náisiúnta, agus gur chóir dóibh freastal ar an sochaí fre chéile mar eispéiris áineasa, inrochtana; ach dár le daoine eile, ba cheart don NPWS a bheith ag feidhmiú chun cosc a chuir le haon chaillteanas speiceas laistigh agus lasmuigh de limistéir ainmnithe, ar talamh, i bhfionnuisce, agus ar muir.

Is é an dara tuairim inghinearálta ná go bhfuil **tuairim leathan nochtaithe nach bhfuil a cuid spriocanna i dtaca le cosaint agus le caomhnú an dúlra in Éirinn bainte amach ag an SPNF.** Cé gur theastaigh ó go leor freagróirí aird a tharraingt ar shamplaí de bhaill foirne iontacha agus de thionscadail atá idir láimhe, níor thug ach fíorbheagán freagróirí le fios go raibh an sprioc seo bainte amach ag an SPNF. Bhain mínithe bunúsacha éagsúla leis an tuairim seo ach is féidir achoimre ginearálta a dhéanamh orthu mar seo: go raibh easpa tosaíochta polaitíochta, tréimhsí sa stair ina raibh siad gann ar acmhainní agus a bhain le heaspa tábhachta ina leith agus struchtúr nó sainordú eagraíochtúil a bhí míchuí, agus gan a dotháin cumhachta do fhorghníomhú. Téama eile a tháinig chun cinn go minic mar bhealach chun todhchaí an NPWS a fheabhsú ab ea rannpháirtíocht agus cumarsáid níos fearr le grúpaí áitiúla agus tuaithe, go háirithe ó dhaoine a bhraith go raibh an SPNF scoite i dtaca le leasanna agus gníomhaíochtaí daoine a raibh cónaí orthu i gceantair a bhí saibhir le fiadhúlra. Chuaigh na téamaí seo i ngleic le go leor de na freagraí sa suirbhé seo, agus tugann siad le fios go bhfuil nasc idir na saincheisteanna idirnasctha agus go bhfeidhmíonn siad ar scáth a chéile.

Bhain na hidirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta ba choitianta idir freagróirí agus an NPWS maidir le húsáid na bPáirceanna Náisiúnta nó limistéir chosanta, agus i dtaca le forghníomhú coireachta fiadhúlra. Bhí an t-idirghníomhú ba dearfaí i gceist leis an gcéad cheann díobh seo agus bhí idirghníomhú diúltach ar an meán i gceist leis an dara ceann. Tugann sé seo le fios gur eagraíocht ilfheidhmeach í an NPWS a bhfuil go leor spriocanna aici, ach ní chaitheann geallsealbhóirí le gach ceann go cothrom. Bhí an fhoireann reatha agus freagróirí ginearálta an tsuirbhé araon, den tuairim go ndeachaigh aistriú rialta an NPWS idir Ranna Rialtais chun dochair dá feidhmíochta, in ainneoin gur chuir roinnt acu béim ar mhéaduithe ar mhaoiniú, ar cuireadh fáilte rompu, i dtaca leis an mbeart is déanaí. Chuir baill foirne béim chomh maith ar na dúshláin a bhaineann le cumarsáid inmheánach in eagraíocht a bhfuil struchtúr ceartingearach casta aici agus baill foirne atá scaipthe go spásúil ar fud na tíre.

Tá an suirbhé seo sna sála ar bhliain a bhí faoi thionchar dianglasála riachtanach COVID-19 agus a athcheangail daoine leis an taobh amuigh agus leis an dúlra agus a mhéadaigh aird na meán i dtaca le meath na bithéagsúlachta domhanda agus le hathrú aeráide agus mar sin tá feasacht agus meas i leith fhiadhúlra agus bhithéagsúlacht na hÉireann treisithe. Tugann an fuinneamh atá faoin bhfreagra ar an suirbhé seo le fios go bhfuil meas forleathan ag daoine in Éirinn ar ról an SPNF agus léiríonn sé go bhfuil SPNF cumhachtaithe a bheadh feistithe leis na huirlisí, na hacmhainní agus leis an ngníomhaireacht chun fiadhúlra na hÉireann a chosaint agus aghaidh a thabhairt ar na héilimh iolracha seo, de dhíth orthu.

### 3.1.3 Aighneachtaí scríofa

Tugadh cuireadh ó dhaoine aonair agus do ghrúpaí, doiciméad scríofa 1-2 leathanach (suas le 1,000 focal) a scríobh chun ionchur níos mionsonraithe a cheadú ó pháirtithe leasmhara. Thug sé sin deis do fhreagróirí freagra a thabhairt ar Théarmaí Tagartha an athbhreithnithe, agus lorg sé tuairimí ar ról, ar shainchúram agus feidhmíocht reatha an NPWS, agus lorg sé moltaí ar ról, mandáid agus sainchúram an NPWS amach anseo. Faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2021, bhí 135 aighneacht faighte. Rinneadh na **63** aighneacht scríofa ó húdaráis phoiblí, ó ghrúpaí tionscail agus neamhrialtasacha (atá liostaithe in Aguisín 1) a shintéisiú de réir na bpríomhcheisteanna a ardaíodh i dtaca le láidreachtaí agus laigí reatha, chomh maith le torthaí amach anseo (ar fáil i **dTuarascáil Fhorlíontach 3**, lch 1 -16). Rinneadh achoimre chomh maith ar na **72** aighneacht scríofa ó dhaoine aonair/bhaill den phobal i leith struchtúir agus maoinithe, moltaí, agus Páirceanna Náisiúnta (ar fáil freisin i **dTuarascáil Fhorlíontach 3**, lch 17-18).

## 3.2 Athbhreithniú ar inniúlacht agus acmhainní an NPWS

Lorgaíodh faisnéis, tuarascálacha agus doiciméid ábhartha i dtaca le sainordú an NPWS, oibleagáidí dlíthiúla, struchtúir oibriúcháin, acmhainní (airgeadais agus foirne araon), le Rúnaíocht an Athbhreithnithe, agus le hábhar a bhí ar fáil go poiblí ar líne. Ina theannta sin, téadh i gcomhairle le réamh-athbhreithnithe agus príomhdhoiciméadú (mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha), lena n-áirítear an **Straitéis Náisiúnta Tailte Móna**, **Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta do na Páirceanna agus na hAnclainn**, **Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta**, **an tAthbhreithniú ar Chaiteachas ar Bhithéagsúlacht, Measúnú ar Riachtanais Airgeadais** agus **Creat Gníomhaíochta Tosaíochta do 2021-27.**

## 3.3 Anailís chomparáideach deisce

Thug sainchomhairleoir seachtrach, neamhspleách (Earth System Services) faoi anailís chomparáideach i dtaca le hacmhainní/struchtúir eagraíochtaí i ndlínsí eile a bhfuil caomhnú an dúlra agus cur i bhfeidhm oibleagáidí bithéagsúlachta náisiúnta agus idirnáisiúnta ina bhfreagracht orthu. Tugadh cuireadh do dheich n-eagraíocht a bheith rannpháirteach agus fuarthas freagraí dearfacha ó shé cinn: trí cinn laistigh den Ríocht Aontaithe (Sasana Nádúrtha, Acmhainní Nádúrtha na Breataine Bige, agus Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann), chomh maith le Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Sualainne (*Naturvårdsverket*), *Metsähallitus* na Fionlainne – Páirceanna Náisiúnta na Fionlainne, agus Gníomhaireacht Dúlra na Danmhairge. Eisíodh ceistneoir do gach eagraíocht a rinne faisnéis i dtaca lena stádas reachtach agus lena mbainistíocht straitéiseach, le bainistiú láithreán Natura agus neamh-Natura 2000, agus le feidhmeanna rialála agus toilithe na heagraíochta, a chuimsiú.

Rinneadh an fhaisnéis a soláthraíodh a forlíonadh trí phlé le daoine atá ag obair sna heagraíochtaí roghnaithe agus/nó lena n-eagraíochtaí comhpháirtíochta, agus le hathbhreithniú deisce ar acmhainní ar líne lena n-áirítear láithreáin ghréasáin eagraíochtúla, agus tuarascálacha náisiúnta don Choimisiún Eorpach (tuarascálacha Airteagal 17 a éilítear faoin Treoir um Ghnáthóga). agus Coinbhinsiún na NA ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch. Ar deireadh, ní raibh ach ceithre eagraíocht in ann faisnéis a chur ar fáil in am chun an t-athbhreithniú seo a thabhairt chun críche (**Sasana, an tSualainn, an Danmhairg** agus **an Fhionlainn**). Cuireadh sonraí i bhfoirm tábla ar mhaithe comparáide (Aguisín 4) agus rinneadh achoimrí do gach tír (ar fáil i **dTuarascáil Fhorlíontach 4**).

## 3.4 Teorainneacha leis an gcur chuige

Níl an tuarascáil seo go hiomlán uileghabhálach. Thug beirt athbhreithneoirí chun críche é laistigh de thréimhse teoranta ama, ag obair go páirtaimseartha (cuireadh conradh oibre, dhá lá in aghaidh na seachtaine ar feadh cúig mhí ar fáil de na húdair). Níorbh leor é seo le go mbeadh tuiscint iomlán ar gach mionsonra, miondifríocht agus castacht a bhaineann leis an SPNF. Baineann dúshlán le gach sainchúram agus raon feidhme thar a bheith leathan de chuid an SPNF a thuiscint agus a chuimsiú, agus bhí peirspictíocht leathan de dhíth chun le dul i ngleic leis an gcur chuige trí shnáithe. Cé gur tugadh aghaidh ar raon feidhme iomlán shainchúram an SPNF (lena n-áirítear oibleagáidí, cuspóirí

straitéiseacha, agus sainordú; struchtúr agus rialachas; acmhainní a chur ar fáil; soláthar foirne; oideachas agus rannpháirtíocht; monatóireacht agus sonraí; talaimh phortaigh agus saincheisteanna muirí; ceadúnú agus spóirt tuaithe; reachtaíocht; agus forfheidhmiú), gan saineolas ar athchóiriú eagraíochtúil, ní raibh iarracht déanta tabhairt faoi atheagrú mionsonraithe struchtúrach inmheánach mar chuid den athbhreithniú seo. Chuir Foireann Bhainistíochta Shinsearach na NPWS tuilleadh faisnéise agus sonraí ar fáil ó bhí mí an Mheithimh 2021 ann, agus tá siad seo anois ionchorpraithe sa tuarascáil seo chomh fada agus is féidir.

Aithnítear go bhfuil ríthábhacht ag baint le rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara i dtaighde comhshaoil chun rathúlachtaí, saincheisteanna agus dúshláin a shintéisiú, ach tá an baol ann chomh maith go ndéanfaí míthuiscintí a thionscnamh nó a neartú [33]. Ina theannta sin, ní fhéadfaí an suirbhé ar líne a chomhlánú ach amháin dá mbeadh geallsealbhóirí ar an eolas maidir leis an suirbhé agus in ann é a rochtain agus a chomhlánú. Rinneamar iarracht claonachtaí den chineál seo a sheachaint leis na trí chur chuige rannpháirtíochta a chomhcheangal (agallaimh, suirbhé ar líne agus aighneachtaí scríofa), agus le feidhm a bhaint as ilbhealaí agus muid ag díriú ar lucht féachana. Rinneadh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a phleanáil agus a pleanáilte agus a chothromú, chomh fada agus ab fhéidir. B'fhéidir nár cuireadh san áireamh go hiomlán aon athruithe a rinneadh le déanaí ar an SPNF mar seans go raibh páirtithe leasmhara ag tabhairt faoi mhachnamh ar a dtaithí le roinnt blianta anuas. De dheasca srianta i dtaca le COVID-19, agus am teoranta a bheith ar fáil do na húdair, níorbh fhéidir tabhairt faoi agallaimh phearsanta, ná tabhairt faoi chuairt ar an láthair le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Rinneadh gach iarracht a bheith oibiachtúil agus an fhianaise a bhí ar fáil á meas, agus aon chlaonadh a d'fhéadfadh a theacht chun cinn de dheasca dhearcadh aonair nó ó chohórt foirne a fheabhsú. Toisc gur próiseas athbhreithnithe seachtrach a bhí i gceist, áfach, ní fhéadfaí ach tátail a bhaint as an bhfianaise a bhí ar fáil ag an am. Ní raibh aon réamhthuiscint ag na húdair i dtaca le torthaí nó conclúidí, agus thuairiscigh siad dul chun cinn rialta don Aire, agus i dtreo dheireadh na tréimhse comhairliúcháin, do bhaill Foirne Ardbhainistíochta a bhí ar fáil (féach Roinn 3.1.1).

## 3.5 Aiseolas ón SPNF

D'eagraigh Foireann Bhainistíochta Shinsearach an SPNF grúpaí fócasacha foirne (ghabh 37 ball foirne san iomlán páirt i gceithre chruinniú), I rith Iúil agus Lúnasa 2021, chun aiseolas a sholáthar ar dhréacht-tuarascáil. Iarradh ar na grúpaí seo aghaidh a thabhairt ar thrí cheist: go sonrach, bhain siad seo leis an SPNF amach anseo agus conas a dhéanfaí é a struchtúrú; i dtaca na tuarascála maidir le díriú ar na Codanna den SPNF; agus an raibh sé soiléir cén áit a n-oireadh baill foirne nua do struchtúr an SPNF amach anseo.

Chríochnaigh na húdair trí bhabhta d'athbhreithnithe ar an tuarascáil seo i rith Meitheamh-Deireadh Fómhair 2021, agus an t-aiseolas mionsonraithe a fuarthas ón bhfoireann ón DHLGH agus go sonrach ón SPNF á dtógáil san áireamh acu.

## 3.6 Struchtúr na tuarascála

Baineann dhá rannóg leis an gcuid eile den tuarascáil seo; ag tabhairt aghaidh ar an staid reatha ar dtús, agus ar an dara dul síos, ar mholtaí don todhchaí. Tá ceithre mholadh is fiche á moladh, lena gcuimsítear moltaí maidir le socruithe bainistíochta agus rialachais don SPNF, cumarsáid agus caidreamh poiblí, príomhriachtanais inniúlachta agus acmhainní i dtaca le réimsí riaracháin, le hoibríochtaí réigiúnacha agus eolaíochta (réamh-mheasta do na deich mbliana atá le teacht), TF agus athchóiriú reachtach agus i dtaca le comhlíonadh agus le forfheidhmiú. Ina theannta sin, de réir an ToR, téann moltaí lasmuigh den SPNF, agus áirítear orthu sin, breathnú ar conas gur féidir leis an NPWS an fócas straitéiseach is fearr a bhaint amach do chaomhnú an dúlra ag obair le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Ar deireadh, moltar Plean Gníomhaíochta tosaíochta chun na bearta seo a chur i bhfeidhm thar tréimhse 3-5 bliana.

# 4. Príomhthorthaí: Staid reatha

## 4.1 Forbhreathnú ar oibleagáidí, cuspóirí straitéiseacha agus ar mhandáid

### 4.1.1 Misean agus ról

Is é misean na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) ná *"tacú le forbairt inbhuanaithe,agus fócas faoi leith ar phleanáil straitéiseach, seachadadh éifeachtach ar thithe dea-phleanáilte i bpobail bhríomhara, ár n-acmhainní uisce a bhainistiú go hinbhuanaithe, oidhreacht na hÉireann a chothú agus rialtas áitiúil éifeachtach a chur chun cinn"*[34].

Tá cúig sprioc i **Ráiteas Straitéise** 2021-25 de chuid an DHLGH, ceann acu sin ná *"Ár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha, seandálaíochta agus ár mbithéagsúlacht a chaomhnú, a chosaint, a bhainistiú agus a chur i láthair, i dtaca lena luach intreach, lena n-áirítear a luach don chomhshaol chomh maith le tacú le pobail áitiúla, le forbairt eacnamaíoch réigiúnach agus le fostaíocht inbhuanaithe".* Chun an sprioc seo a bhaint amach, tá ceithre chuspóir, 17 gníomh sonrach agus 10 dtoradh sonraithe (Aguisín 5).

Is é ról an **SPNF**[35], mar chomh-Rannán líne laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ná:

- A chinntiú go bhfuil raon ionadaíoch éiceachórais a chaomhnú chun daonraí flóra agus fána in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú.
- Ainmniú, comhairliúchán agus comhairle i dtaca le cosaint na ngnáthóg agus na speiceas atá aitheanta do chaomhnú an dúlra (Limistéir Oidhreachta Nádúrtha - NHA, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta - SAC, agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta - SPA).
- Reachtaíocht agus beartais náisiúnta agus de chuid an AE a chur i bhfeidhm i dtaca le caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta lena n-áirítear Treoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin, agus anréimse de Choinbhinsiúin agus Chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm. (Tábla 4.1).
- Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra faoi úinéireacht an Stáit a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt.
- Feasacht i dtaca le saincheisteanna oidhreachta nádúrtha agus bithéagsúlachta a chur chun cinn le hoideachas, for-rochtain ar scoileanna agus trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara.

**Tábla 4.1 Príomhthiománaithe Reachtaíochta agus Beartais atá curtha i bhfeidhm** ag **an SPNF. Tugann na cinn i gcló trom le fios áit ina bhfuil an SPNF ar an bpríomhchomhlacht atá freagrach as cur i bhfeidhm nó áit a bhfuil príomhról maoirseachta aici.** **(Foinse: SPNF)**

| Reachtaíocht an AE | Domhanda | Náisiúnta |
|---|---|---|
| • **Treoir i dtaca na n-Éan**<br>• **Treoir um Ghnáthóga**<br>• Creat-Treoir Uisce<br>• Creat-treoir na Straitéise Muirí<br>• EIA<br>• SEA<br>• INSPIRE<br>• Treoir Sonraí Oscailte<br>• **Treoir Zú**<br>• **Rialacháin an AE i dtaca le speicis choimhthíocha ionracha** | • **CBD na Náisiún Aontaithe (Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch)**<br>• **Coinbhinsiún Ramsar i dtaca le Bogaigh**<br>• **IPBES (Painéal Idir-Rialtasach ar Bhithéagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais)**<br>• **CITES (An Coinbhinsiún um Thrádáil Idirnáisiúnta i dtaca le Speicis Flóra agus Fána Fiáin atá i mBaol)**<br>• **Coinbhinsiún Berne**<br>• **Coinbhinsiún i dtaca le Speicis Imirceacha**<br>• OSPAR (comhpháirtíocht chun timpeallacht mhuirí an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chosaint)<br>• **An Coimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra**<br>• **Coinbhinsiún um Chaomhnú Speicis Imirceacha Ainmhithe Fiáine (aka Coinbhinsiún Bonn)** | • **Achtanna um Fhiadhúlra 1976 go 2021**<br>• **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011-2021**<br>• An tOrdú Flóra (Cosaint), 2015 (An tOrdú um Chosaint Flora 2021 atá le síniú go luath)<br>• Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt<br>• Na hAchtanna Urthrá<br>• Achtanna Iascaigh<br>• Achtanna Foraoiseachta<br>**Beartais***<br>• **Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2021**<br>• Oidhreacht Éireann 2030<br>• Tionscadal Éireann 2040<br>• **Straitéis Náisiúnta na dTalamh Portach**<br>• Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta do Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann<br>• **Pleananna Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe (NAF) don Bhithéagsúlacht**<br>• Straitéis Sonraí Oscailte ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-2022<br>• Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 |

*Déanann an SPNF feidhmeanna reachtúla éagsúla a chomhlíonadh chomh maith: lena n-áirítear "comhlacht forordaithe" nó "comhlacht comhairliúcháin" de réir reachtanna éagsúla, lena n-áirítear na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000, Rialacháin um Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe 2004, agus na Rialacháin um Measúnú Tionchair Timpeallachta (Talmhaíocht) 2011. Is comhairleoir reachtúil é an tAire chomh maith ar son na n-údarás poiblí éagsúla i dtaca le himpleachtaí na ngníomhaíochtaí atá á rialú acu, agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht thógtha nó nádúrtha (m.sh. foraoiseacht, muirí, iarratais urthrá, ceadanna dumpála ar muir srl.)

### 4.1.2 Sainchúram feidhme agus oibríochtaí


Is é an SPNF, thar ceann an Aire atá ag tabhairt faoi mhaoirseacht ar an DHLGH, ceann de na húinéirí talún is mó sa Stát, in éineacht le Coillte, Bord na Móna agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Tá an SPNF freagrach go díreach as bainistiú agus feidhmiú **87,000 ha** de Pháirceanna Náisiúnta, Anaclanna Dúlra agus réadmhaoine caomhantais agus áineasa eile, agus gnáthóga agus speiceas atá de réir dlí agus coinbhinsiún náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chaomhnú (Tábla 4.2, Fíor 4.1). Roinneann sé freagracht i dtaca le dúlra agus le bithéagsúlacht le Ranna eile Rialtais, hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí (Fíor 2.2). Cuireann sé fianaise eolaíoch chun cinn atá mar thaca don chosaint sin, bíonn ról aige i ndearadh bearta caomhnaithe, agus tuairiscíonn sé maidir le stádas gnáthóg agus speiceas. Tá ról aige chomh maith idtaca le measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála atá tarchurtha ag Údaráis Phleanála agus ag An Bord Pleanála, agus iarratais ó húdaráis eile agus gníomhaíocht á rialú, a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar an gcomhshaol nádúrtha (laistigh nó lasmuigh de láithreáin ainmnithe).

**Tábla 4.2 Limistéir faoi Chosaint sainithe ag an SPNF; Is iad SACanna agus SPAanna le chéile an Líonra Natura 2000 (Foinse: NPWS)**

| Cineál cosanta | Líon na láithreán | Achar iomlán |
|---|---|---|
| Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) | 439 | 16,944 $km^2$ |
| Limistéar faoi Chosaint Speisialta(SPA)* | 154 | 5,971 $km^2$ |
| Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAs) | 148 | 603 $km^2$ |
| Páirceanna náisiúnta | 6 | 687 $km^2$ |
| Anaclanna Dúlra** | 74 | 189 $km^2$ |
| Tearmann Éan Fiáin | 68 | |
| Tearmainn ar mhaithe le Fána Áitiúil | 7 | |

*Ina theannta sin, tá 11 SPA eile atá faoi chosaint an dlí, a bhfuil a stádas faoi athbhreithniú ag an NPWS faoi láthair.

**Tá 74 Anaclann Dúlra - tá suíomh Gréasáin na NPWS á nuashonrú chun é seo a thabhairt le fios (tá 85 liostaithe faoi láthair, ach de réir an fhigiúir seo, tá 11 NR a ndearnadh orduithe Bunú agus Aitheantais araon ina leith), á gcomhaireamh faoi dhó




**Fíor 4.1 Líonra Natura 2000 de láithreáin ainmnithe in Éirinn (Foinse: NPWS)**

De réir dhoiciméad Faisnéise na Rannóige Oidhreachta a ullmhaíodh in 2020, áirítear le sainchúram feidhme an SPNF:

1. Na 6 Pháirc Náisiúnta agus 74 Anaclann Dúlra a bhainistiú.
2. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 go 2021 agus na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 go 2021 a chur chun feidhme, lena n-áirítear limistéir mhuirí agus talún a ainmniú mar SAC agus SPA, rialú ar ghníomhaíochtaí áirithe laistigh de na limistéir sin (éilíonn úinéirí talún cead an Aire chun). tabhairt faoi na 'Gníomhaíochtaí sin a dteastaíonn Cead uathu'), agus pleananna caomhantais do na limistéir seo, a fhorbairt.
3. Cosc a chur ar Choireacht Fiadhúlra.
4. Gníomhaíochtaí ceadúnaithe a bhaineann le fiadhúlra, lena n-áirítear fiach, seilbh, allmhairiú agus onnmhairiú, gabháil ar son críocha eolaíocha agus suaitheadh speiceas áirithe (arna rialú ag na Treoracha um Ghnáthóga nó Éin, na hAchtanna um Fhiadhúlra, CITES).
5. Taighde agus lámhleabhair a bhaineann le bithéagsúlacht agus fiadhúlra, lena n-áirítear mapáil chun tacú le hainmniú SACanna agus SPAanna, a fhoilsiú.
6. Feidhmiú Phlean Feirme an NPWS, lena n-áirítear príomhghnáthóga agus speicis nach bhfuil clúdaithe ag scéimeanna eile comhshaoil talmhaíochta.
7. Cinntí an Rialtais i dtaca le caomhnú agus bainistiú talamh phortaigh, a chur i bhfeidhm.

8. Ag gníomhú mar Chomhairleoir Reachtúil i dtaca le hiarratais ar fhorbairt.
9. Beartas i dtaca le speicis choimhthíocha ionracha (lena n-áirítear cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an AE).
10. Coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhaineann leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a sheirbhísiú, lena n-áirítear CBD agus CITES, páirt a ghlacadh sa phlé iar-2020 ar an gCreat Bithéagsúlachta Domhanda a raibh Comhdháil Bithéagsúlachta na NA (CBD COP15) mar bhuaic aici.

Go praiticiúil, cuimsíonn raon feidhme leathan na hoibre a dhéanann an SPNF limistéir agus speicis chosanta agus neamhchosanta, agus cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach le láithreán a bhfoilsiú. Maidir le limistéir chosanta, áirítear leis seo láithreáin a ainmniú, cosaint láithreáin, suirbhéireacht agus monatóireacht, SEA, EIA, cothabháil, caomhnú agus bainistíocht cuairteoirí, agus pleanáil/patrólú. Faoi láthair, tá thart ar **13.8%** de chríoch náisiúnta na hÉireann ainmnithe do chaomhnú an dúlra, lena n-áirítear líonra Natura 2000, Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra[36]. Orthu seo, tá thart ar **90%** de láithreáin ainmnithe faoi úinéireacht phríobháideach. Go dtí seo, níor chuir Éire acmhainní ar fáil do chóras cuimsitheach ar mhaithe le pleanáil bhainistíochta agus ar mhaithe le beart caomhnaithe, a sheachadadh don chuid is mó dá láithreáin Natura 2000.

Taobh amuigh de shuíomhanna sainithe, tá raon leathan saincheisteanna caomhnaithe dúlra, lena n-áirítear caomhnú gnáthóg agus speiceas ar talamh agus san fharraige. Go sonrach, tá saincheisteanna bainistíochta muirí (lena n-áirítear dobharshaothrú, iascach, dreidireacht, leagan síos píopaí/cáblaí, doirteadh, fuaimíocht/suaitheadh, muiríní/céanna/cuanta, cosaint cósta) agus saincheisteanna i dtac le cosaint speiceas (lena n-áirítear sonraí bonnlíne a bhailiú agus a chomhthiomsú, monatóireacht, brúnna agus gníomhartha infhógartha a thuiscint), atá faoi chúram roinnt gníomhaireachtaí agus Ranna Stáit, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus Foras na Mara. Ina theannta sin, is minic beartais agus cláir, a eascraíonn as il-Ranna Rialtais, a raibh cumas éiceolaíoch teoranta ag go leor acu go traidisiúnta, mar a admhaíonn siad féin, (cé go bhfuil feabhas tagtha air seo le blianta beaga anuas), ag teacht le agus ag baint leasa as an NPWS.

Mar chrann taca dó seo uile, tá gá go leanúnach le saineolas eolaíoch agus teicniúil fairsing, foireann caomhantais agus gníomhú ar an talamh, chomh maith le bainistíocht sonraí (lena n-áirítear sonraí eolaíocha a chartlannú agus mapáil GIS), bainistíocht maoine (lena n-áirítear éadálacha, bainistíocht maoine, bunachar sonraí agus GIS), agus réimsí leathana (lena n-áirítear soláthar, bainistíocht airgeadais, Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, tuarascálacha CBD, pleananna gnó/PMDanna, oideachas agus feasacht).

Ina theannta sin, freastalaíonn oifigigh ón Rannán Oidhreachta (go minic foireann SPNF) ar choistí éagsúla ag leibhéal an **AE** agus na **NA**, lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach ar an gCoinbhinsiún um Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD, lena n-áirítear Fochomhlacht i dtaca le Comhairle Eolaíoch, Theicniúil agus Theicneolaíoch agus Fochomhlacht i dtaca le Cur i bhFeidhm), EUROBATS. agus Ardán Beartais Eolaíochta-Idir-Rialtais ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES). Tá sé mar cheangal ar an NPWS faisnéis a sholáthar agus tabhairt faoi chláir oibre a thar ceann an Stáit don Choimisiún Eorpach, i dtaca le himeachtaí sáraithe san áireamh. Áirítear ar na meithleacha agus ar na grúpaí oibre seo: Meitheal na Comhairle Eorpaí i dtaca le Saincheisteanna Comhshaoil Idirnáisiúnta lena gcumhdaítear comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht, míolta móra agus ag trádáil ar speicis atá i mbaol; Coiste um Ghnáthóga an Choimisiúin Eorpaigh, ar coiste rialaitheach é a bunaíodh chun cabhrú le cur i bhfeidhm na Treorach um Ghnáthóga; Sainghrúpa an AE ar na Treoracha um Éin agus Ghnáthóga; Coiste an Choimisiúin Eorpaigh um Speicis Choimhthíocha Ionracha, a phléann cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Speicis Ionracha; agus Cruinniú de chuid na Stiúrthóirí Dúlra, a bhailíonn le chéile na hoifigigh shinsearacha atá freagrach as an dúlra agus bithéagsúlacht ar fud an AE.

Tá cumhacht sa bhreis faoi raon agus faoi acmhainní i dtaca le hoibleagáidí an SPNFle fiche bliain anuas, go príomha mar thoradh ar Threoracha an AE agus an chastacht a bhaineann lena gcur i bhfeidhm, agus níos straitéisí, chomh maith, de dheasca Choinbhinsiúin na NA ar Bhithéagsúlacht (CBD).

Sa suirbhé a rinneadh mar chuid den athbhreithniú seo (**Tuarascáil Fhorlíontach 2**), thug freagairtí go leor páirtithe leasmhara le fios go raibh easpa cur amach acu ar ról agus ar fhreagrachtaí an SPNF. Dár le cuid acu, níl an SPNF ach taobh le teorainneacha na bPáirceanna Náisiúnta, agus dar le cuid eile ba chóir go mbeadh an SPNF ag feidhmiú chun cosc a chur le haon damáiste don dúlra talún agus uisceach laistigh agus lasmuigh de limistéir ainmnithe. Ar an iomlán, is léir nach bhfuil tuiscint rómhaith ar ról agus rialachas an SPNF lasmuigh den eagraíocht.

### 4.1.3 Comhthéacs beartais agus coinbhleachtaí

Tá líon mór de bheartais agus de phleananna idirnáisiúnta, náisiúnta agus earnála a théann i bhfeidhm ar chaomhnú na bithéagsúlachta in Éirinn (athbhreithnithe in, [37]*"Athbhreithniú beartais agus institiúideach ar shocruithe airgeadais ar mhaithe le caomhnú bithéagsúlachta in Éirinn",* a ullmhaíodh don NPWS agus don Chomhairle um Thaighde in Éirinn in 2020). Rinne an t-athbhreithniú seo, atá cothrom le dáta, an acmhainneacht do choinbhleachtaí beartais ar fud earnálacha, lena n-áirítear an dúlra, an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an mhuir agus an t-uisce, a mheas [36]. Níorbh fhéidir athbhreithniú iomlán beartais a dhéanamh mar chuid den athbhreithniú reatha ar an NPWS, agus mar sin tá achoimre déanta againn thíos ar na conclúidí ábhartha ón athbhreithniú roimhe seo.

Thug athbhreithniú beartais 2020 le fios go mbaineann dúshláin leis an gcumhacht chun Treoracha AE a chur i ngníomh (mar is léir ó smachtbhannaí leanúnacha arna nglacadh ag an AE i dtaca le neamhchomhlíonadh, Aguisín 2), agus go bhfuil easpa soiléireachta ginearálta i dtaca le cé chomh héifeachtach is atá pleananna ag gníomhaíochtaí a threorú ag leibhéal na ngeallsealbhóirí [36]. Cé go bhfuil an NPWS freagrach as raon de bheartais agus de chomhaontuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a sheachadadh (Tábla 4.1), cuirtear iad seo i bhfeidhm laistigh de chomhthéacs beartais náisiúnta le fócas straitéiseach ar tháirgeadh méadaithe agus ar dhiansaothrú, mar shampla, sa déiríocht, san fhoraoiseacht agus sa dobharshaothrú [38]. Cé go mbraitheann na hearnálacha seo go léir, agus an tsochaí i gcoitinne, ar bhithéagsúlacht ar thalamh feirme, i bhforaoisí agus i bhfarraigí, thug an t-athbhreithniú le fios go raibh claonadh ag bearta chun na bithéagsúlachta a chosaint, a bheith imeallach ar chroíbheartais, agus nach raibh ach damáiste imeallach a mhaolú [36]. Cé go nglacann an t-athbhreithniú leis go bhfuil feabhas ag teacht ar bheartais talmhaíochta, foraoiseachta agus muirí ó thaobh bearta de i dtaca le cosaint na bithéagsúlachta, [37] baineann dúshlán fós le cinntiú go ndéantar breithniú leordhóthanach agus cuí ar bhithéagsúlacht lasmuigh de limistéir chosanta sa phróiseas pleanála forbartha. Ina theannta sin, tugadh le fios nach leor an ráta athraithe ar bheartas agus cleachtas earnála chun dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta leanúnach[37].

### 4.1.4 Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta (NBAP)

Soláthraíonn an NBAP creat do chur chuige náisiúnta na hÉireann i leith na bithéagsúlachta. Tá trí NBAP (2002, 2011 agus 2017) curtha i ngníomh agus tá an ceathrú ceann beartaithe do 2022.




**Fíor 4.2 Trí Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann**

D'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán an ***"Chéad Tuarascáil Náisiúnta ar Chur i bhFeidhm an Choinbhinsiúin ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch"*** i 1998, a chuimsíonn forbhreathnú úsáideach ar obair 'NPW', rannóg na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid Dúchas[39]. [40]Is cosúil gur freagairt dhíreach é an chéad bheartas náisiúnta ar dhaingniú 1992 ar an gCoinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch, agus bhí sé uaillmhianach, ina raibh 91 gníomh. Bunaíodh Coiste Idir-Rannach (le hionadaithe ó 13 Roinn agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí) chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus an Phlean Náisiúnta Oidhreachta, agus bhuail sé le chéile den chéad uair i bhFeabhra 2003.

[41]Bhain 102 gníomh don tréimhse suas go dtí 2016 leis an dara plean de chuid NBAP, a foilsíodh in 2011 le linn mheathlú eacnamaíoch iar 2008, agus le ré na déine.

[42]Sonraíonn an tríú NBAP agus an ceann reatha Fís na hÉireann i dtaca le Bithéagsúlacht:

"*Go gcaomhnaítear agus go n-athshlánófar bithéagsúlacht agus éiceachórais in Éirinn, ag seachadadh leasaithe atá riachtanach do gach earnáil den tsochaí agus go rannchuidíonn Éire le hiarrachtaí chun stop a chur le caillteanas na bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus go domhanda*."

Baineann 7 gcuspóir, 18 sprioc agus 119 Gníomh leis. [43]In 2020 thug athbhreithniú eatramhach de Phlean 2017-2021 le fios go raibh go leor gníomhaíochtaí dearfacha curtha i gcrích ar son na bithéagsúlachta, agus bhí méadú suntasach ar fheasacht i dtaca le saincheisteanna bithéagsúlachta, ar rannpháirtíocht agus ar chomhoibriú leo. Thug an t-athbhreithniú faoi deara, as na 119 Gníomh, gur cuireadh ocht gcinn i bhfeidhm, go raibh 98 ag leanacht ar aghaidh agus maidir le 13 cás, go raibh dul chun cinn teoranta déanta. Tugadh faoi deara chomh maith gur bhain 88 de na 119 gníomh le cinn a bhí ag leanacht ar aghaidh nó neamhiata agus gur baineadh amach measúnú ar an leibhéal forfheidhmithe le chomhdhearcadh leis na gníomhaireachtaí ábhartha. Cuireadh tráchtaireacht mhionsonraithe ar an dul chun cinn faoi gach gníomh i láthair[43].

B'iad an Fóram neamhspleách Náisiúnta Bithéagsúlachta a thug faoi iniúchadh ar an athbhreithniú féin, a d'fhoilsigh moltaí don chéad NBAP eile in 2020, i bhfoirm **'Plean Tionchair Bithéagsúlachta'** [44]. Bhain na moltaí seo le rialachas, airgeadas, athchóiriú, feasacht agus rannpháirtíocht (Tábla 4.3). D'aibhsigh an Fóram Náisiúnta Bithéagsúlachta, cé go *bhfuil "feasacht tar éis ardú agus go bhfuil feabhas tagtha ar rannpháirtíocht tras-earnála i ngníomh bithéagsúlachta, tá stádas na bithéagsúlachta i limistéir chosanta, farraigí agus an faoin tuath i gcoitinne i ndroch-chaoi agus go leanann sé ag dul i laghad"*. Léiríonn a gcuid moltaí réimsí laige a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta a sholáthar in Éirinn, agus lorgaíonn siad go gcuirfí bonn dlíthiúil leis an NBAP chun cuntasachta maidir lena sheachadadh a chinntiú, agus go ndéanfaí an eagraíocht atá freagrach as an NBAP a *"neartú agus dóthain acmhainní a chur ar fáil di agus a chumasú chun gníomhú ar fud ranna rialtais".*

**Tábla 4.3 Príomh-mholtaí ó iniúchadh an Fhóraim Náisiúnta Bithéagsúlachta ar an Athbhreithniú Eatramhach ar an NBAP 2017-21.**

| | |
|---|---|
| **1. Rialachas agus maoirseacht na bithéagsúlachta a fheabhsú** | 1.1 Comhordú beartais a fheabhsú<br>1.2 Bithéagsúlacht a phríomhshruthú isteach sa chinnteoireacht ar fud gach earnáil<br>1.3 Cuntasacht a chinntiú don chéad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta eile agus spriocanna SMART a leagan síos |
| **2. An Plean a Mhaoiniú agus gníomhartha a chur in ord tosaíochta** | 2.1 Mórathrú a bhaint amach sa mhaoiniú don bhithéagsúlacht |
| **3. Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a ghnóthú agus a athnuachan** | 3.1 Bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint trína chinntiú go gcuirtear dlíthe reatha i bhfeidhm<br>3.2 Cosaintí bríocha a chinntiú do ghnáthóga agus speicis<br>3.3 Gníomhú i limistéir mhuirí a luathú |
| **4. An bonn eolais bithéagsúlachta a thógáil, a nascadh agus feidhm a bhaint as** | 4.1 Feabhas a chur le córais mhonatóireachta agus mheastóireachta do ghníomh bithéagsúlachta<br>4.2 Inrochtaineacht sonraí a fheabhsú<br>4.3 Taighde idirdhisciplíneach a chur chun cinn agus a éascú<br>4.4 Comhoibriú trasteorann a neartú |
| **5. Dul i ngleic le pobail agus leis an earnáil phríobháideach** | 5.1 Buntáistí iolracha na bithéagsúlachta a chur in iúl<br>5.2 Cur le gníomhú an phobail & rannpháirtíocht na cosmhuintire<br>5.3 Cur le hiarrachtaí dul i ngleic leis na hearnálacha airgeadais agus gnó |

### 4.1.5 Saincheisteanna straitéiseacha aitheanta

- De dheasca gur Rannán líne de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige í an SPNF, níl aon doiciméad nó plean straitéiseach amháin go sonrach ar mhaithe leis an SPNF, agus feidhmíonn sé ar aon dul le gach rannán líne, ní mar aonán aonair. Tá straitéis ag leibhéal Roinne agus cuirtear Pleananna Gnó agus Oibre aonair i gcrích laistigh den cheithre Rannóg/Stiúrthóireacht oibriúcháin den SPNF (féach Cuid 4.2.1), agus an Rúnaí Cúnta á maoirsiú agus á gcomhordú sula dtéann siad chuig Bord Bainistíochta DHLGH. Mar sin tá Plean Oibre bliantúil ag gach ceann de na ceithre Rannóg/Stiúrthóireacht. Déanann an fhoireann Bainistíochta Réigiúnach a fhreastalaíonn ar na 4 Rannóg/Stiúrthóireacht soláthar ar an gceithre Phlean Oibre seo. I ndáiríre, is cosúil go ndéantar an ceithre Phlean Oibre a fhorbairt agus a bheag nó a mhór, a chur i bhfeidhm, neamhspleách ar a chéile. [Féach **Moladh** uimh. 5, Roinn 5].

- Baineann spriocanna uileghabhálacha le Straitéis na Roinne, ach is fíorbheagán sonraí sonracha don NPWS (m.sh. níl sonraí ar bith maidir le conas "*Stádas caomhnaithe sásúil i dtaca le gnáthóg agus speiceas ar fud na tíre"* a bhaint amach seachas cur i bhfeidhm an NBAP), agus maidir le cuid de tá feidhmeanna reatha an SPNF ar iarraidh ón straitéis seo (m.sh. an ról eolaíoch). Ní thugann an NBAP bunlínte le fios agus níl go leor de na spriocanna SMART (Sainiúil, Intomhaiste, Inghnóthaithe, Réalaíoch, Tráthúil), agus mar sin ní féidir mionanailís ar dhul chun cinn a bhaint amach.

- Ní thagraíonn an sainordú reatha go follasach do "athchóiriú" – baineann ríthábhachtach leis seo ar mhaithe le Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030, Deich mBliana na NA ar Athchóiriú agus (is dócha) Spriocanna CBD Iar-2020. Aithnítear go mbaineann obair reatha an SPNF le hathchóiriú, ach le huasdátú ar straitéis na SPNF/Ranna amach anseo, ba mhór an chabhair í tagairt don phríomhthasc seo a chur san áireamh mar chuid shoiléir de shainordú na SPNF (féach Roinn 5.1).

- Ní leor iad struchtúir, inniúlacht ná hacmhainní an SPNF chun an raon dualgas atá ann faoi láthair a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i Roinn 4.1.2 agus níl an eagraíocht *'oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na ndeich mbliana atá le teacht',* mar atá leagtha amach chun tosaigh i Roinn 1. Tá sonraí breise i dtaca leis na raon saincheisteanna eagraíochtúla agus rialachais mar a shainaithnítear iad san Athbhreithniú leagtha amach thíos, ó Roinn 4.2 go Roinn 4.12.

- Ar cheann de róil shonraithe an SPNF tá *"feasacht ar shaincheisteanna oidhreachta nádúrtha agus bithéagsúlachta a chur chun cinn le hoideachas, for-rochtain ar scoileanna agus dul chun dteagmhála le páirtithe leasmhara"*. Cé go bhfuil go leor den obair fheasachta curtha i gcrích le han-díograis ag foireann réigiúnach an SPNF ag Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra, agus tá buiséad bliantúil ann a chuimsíonn an tionscnamh Oidhreacht i Scoileanna, tá freagracht i dtaca le hoideachas ar Stiúrthóireacht Eolaíochta agus Bithéagsúlachta, níl aon straitéis uileghabhálach (mar atá leagtha amach thuas), agus ní leor na hacmhainní a cuireadh ar fáil chun ról an NPWS a bhaint amach go hiomlán. Tugadh faoi deara é seo mar shaincheist ó rinneadh ENFO (acmhainn náisiúnta um fhaisnéis faoin gcomhshaol – leabharlann fhisiciúil i mBaile Átha Cliath go dtí 2009, agus suíomh ar líne) a chomhnascadh leis an Roinn. Ón am gur aistríodh ar ais go dtí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, feictear é seo mar shaincheist agus tá plean ag an Rannóg Tacaíochta Corparáideach agus Gnó chun straitéis cumarsáide agus faisnéise a fhorbairt don SPNF. [Féach an Roinn thíos maidir le hOideachas agus **Moltaí** uimh. 13 agus 15, Roinn 5]

### 4.1.6 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip

Ceann de na difríochtaí is mó idir an SPNF agus na ceithre eagraíocht eile a ndearnadh athbhreithniú orthu (Gníomhaireacht Dúlra na Danmhairge, Sasana Nádúrtha, Metsähallitus na Fionlainne – Páirceanna Náisiúnta na Fionlainne, agus Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Sualainne - Naturvårdsverket) ná a ról i dtaca le bainistíocht ar an talamh de chuid láithreáin Natura 2000. Toisc go bhfuil cuid mhór de na láithreán cosanta in Éirinn faoi úinéireacht phríobháideach, is beag baint dhíreach atá ag an SPNF i dtaca le bainistiú láithreáin Natura 2000, agus is iad na húinéirí talún amháin a mbíonn cúraimí bainistíochta orthu. Tá Cuspóirí Caomhnaithe Sainiúil don Láthair (SSCOanna) agus plean bainistíochta ar fáil do 53 portach ardaithe SACs agus portaigh ardaithe NHAs chomh maith[45], ach tá cásanna tugtha chuig Cúirt Bhreithiúnais an AE (féach Roinn 4.3.2.4 agus 4.4.2) áfach, de bharr moill ar fhoilsiú SSCOanna agus sainaithint agus seachadadh na mbeart riachtanach caomhnaithe do chuid mhaith do SACs na hÉireann.

Baineann níos mó rannpháirtíochta agus freagrachtaí leis na heagraíochtaí eile a ndearnadh athbhreithniú orthu i dtaca le láithreáin Natura 2000 a bhainistiú, cibé an bhfuil siad faoi úinéireacht an stáit nó nach bhfuil (san Fhionlainn tá 80% agus sa tSualainn tá 89% de limistéir chosanta faoi úinéireacht an stáit), i gcomhpháirtíochtde ghnáth le húinéirí talún agus leasanna áitiúla eile. Tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm ag gach eagraíocht chun pleananna bainistíochta limistéar cosanta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, atá críochnaithe den chuid is mó do gach láithreán ina limistéir oibriúcháin faoi seach.

[Féach **Tuarascáil Fhorlíontach 4**]

## 4.2 Forbhreathnú ar struchtúr agus rialachas

### 4.2.1 Struchtúr eagraíochtúil agus rialachas

Tá Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ann le tríocha bliain mar chomhroinn líne de roinn rialtais. Bunaíodh é le cónascadh na Seirbhíse Fiadhúlra, a aistríodh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ó Sheirbhís Foraoiseachta agus Fiadhúlra na Roinne Fuinnimh i mí an Mheithimh 1997, agus an chuid

de Pháirceanna Náisiúnta den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Séadchomharthaí, a roinneadh ina atheagrú inmheánach san OPW i 1990. Cuireadh tús le réim Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPW) go foirmiúil ar 2 Eanáir, 1991 agus rinneadh cuid de mhór-aonán Dúchas de i [46] **1997**. Tá an NPWS tar éis a bheith i roinnt Ranna Rialtais éagsúla ó rinneadh príomhchuid de "Dúchas de: An tSeirbhís Oidhreachta" i 1997:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (1997)
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2002)
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2011)
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (2016)
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2017-2020)
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta (2020-faoi láthair)

I mí Aibreáin 2003, chinn an Rialtas deireadh a chur leis an ainm Dúchas a úsáid, mar chuid de *"thacar nua socruithe a rialaíonn comhlíonadh na bhfeidhmeanna oidhreachta".*

Is é an fócas an NPWS go príomha, ná a chuspóirí beartais, a sheachadadh le tacaíocht chorparáideach agus ghnó (lena n-áirítear HR, tacaíocht oibriúcháin agus straitéiseach, faisnéis bhainistíochta, comhordú saincheisteanna idirnáisiúnta AE/Thuaidh Theas/Brexit, TF, anailísíocht sonraí, cumarsáid, iniúchóireacht dhlíthiúil agus inmheánach) a sholáthraíonn a Roinn "baile". Agus sraith athruithe curtha i gcrích le roinnt blianta anuas, leag go leor den fhoireann a ndeachthas i gcomhairle leo le linn an athbhreithnithe béim ar shaincheisteanna agus ar mhoilleanna maidir le hathbhrandáil, aistriú TF agus cailliúint foirne agus 'cuimhne chorparáideach' i gcuid de na príomhsheirbhísí tacaíochta. Rinne láithreacha scaipthe fhoireann an SPNF agus go dtí le déanaí, ag saincheisteanna a bhaineann le nascacht lag TF, na dúshláin a bhaineann le hoiriúnú do na hathruithe sa Roinn, a mhéadú.

Tá an Rúnaí Cúnta Oidhreachta, mar cheannaire an Rannáin, freagrach as an SPNF (le breis agus 340 ball foirne, féach Roinn 4.4) mar aon le réimsí den Oidhreacht. De dheasca sin, tá sé curtha in iúl ag an gcéim chomhairliúcháin nach bhfuil aon cheannaire lánaimseartha nó eisiach/tiomanta (Stiúrthóir/POF) ag an NPWS. Tá an SPNF á bhainistiú ag ceathrar Príomhoifigeach mar cheithre Rannóg/Stiúrthóir ar leith, ar bhonn laethúil mar sin, agus 4-5 Aonad i ngach ceann acu, ag tuairisciú don Rúnaí Cúnta (Fíor 4.1). [Féach **Moladh** uimh. 3, Roinn 5]

Tá Aonad gnó amháin nó níos mó freagrach as raon leathan feidhmeanna agus sruthanna oibre an NPWS, agus bíonn foireann réigiúnach i mbun go leor díobh go díreach ar an talamh, le tacaíocht ó bhfoireann atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath (ó 2018 i Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath; roimh 2018 ag Plás Ely, Baile Átha Cliath), agus Loch Garman (lena n-áirítear na *hIarratais Fhorbartha, Cúiteamh Móna Phortaigh Ardaithe/Cosaint Láithreáin agus Aonaid Bhainistíochta Phortaigh Móna*).

Tá an *Rannán Straitéise, Oibríochtaí Réigiúnacha agus Bainistíochta Réadmhaoine* (ar nós an *Stiúrthóireacht*) freagrach go príomha as foireann réigiúnach na SPNF a mhaoirsiú agus a bhainistiú, ina n-imscartar Maoirseoirí Caomhnaithe túslíne trí struchtúr Rannach agus Réigiúnach. Tá ceithre Rannán agus naoi réigiún; 16 Cheantar agus 84 limistéar maoir. Tugann an Rannán/Stiúrthóireacht seo faoi bhainistiú agus riaradh díreach Pháirceanna Náisiúnta agus Anclanna agus pléann le saincheisteanna Bainistíochta Réadmhaoine (lasmuigh de bhainistíocht réadmhaoine oifigí na Roinne, lena bpléann Bainistíocht Saoráidí na Roinne leo). Freastalaíonn an fhoireann bhainistíochta réigiúnach sa Rannóg seo ar obair na gceithre Rannán/Stiúrthóireacht, agus is í an fhoireann seo príomh 'fhoireann allamuigh' den SPNF.





**Fíor 4.3 Struchtúr réigiúnach, ag léiriú 8 réigiún (aithníodh Cill Mhantáin le déanaí mar 9ú réigiún chomh maith leis na réigiúin thoir thuaidh agus thoir theas) (Foinse: NPWS).**

Tá socruithe idir lámha chun **Aonad Coireachta Fiadhúlra** nua a bhunú sa NPWS le linn 2021. Soláthróidh an tAonad, mar chuid den *Rannán Reachtaíochta agus Ceadúnaithe*, faisnéis agus treoir, tacaíocht oibriúcháin, faisnéis, oiliúint, taifid agus bunachar sonraí náisiúnta, athbhreithnithe ar fhianaise, Caidreamh Poiblí agus feasacht (i gcomhairle leis an aonad Cumarsáide in DHLGH) agus idirchaidreamh leis an Rannán Dlí in DHLGH. Féach sonraí breise ar Fhorfheidhmiú i Roinn 4.12.

Faomhadh **Aonad nua um Bearta Caomhantais** le déanaí chun inniúlacht náisiúnta a fhorbairt sa phríomhlimistéar seo agus tá an próiseas mar fhreagra ar an gcás Sáraithe a thug Coimisiún an AE in aghaidh na hÉireann (2006/2015) maidir leis an ngá atá le bearta caomhnaithe suíomhoiriúnaithe a leagan síos do LCSanna, agus tá tús curtha leis an bpróiseas chun foireann an aonaid seo a cheapadh. Ar nós go leor rannán eile den SPNF, tá sé soiléir ón measúnú a rinneadh le linn an Athbhreithnithe seo nach bhfuil dóthain acmhainní ag na foirne Pleanála Caomhnaithe agus Agra-Éiceolaíochta atá ann cheana féin agus nach bhfuil siad in ann an fhreagairt náisiúnta thabhairt chun críche.

[Féach ar Roinn 4.4.2 agus **Moladh** uimh. 10, Roinn 5]




**Fíor 4.1 Eagrú simplithe de chuid SPNFlaistigh den Rannán Oidhreachta den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, bunaithe ar Chairt Eagrúcháin an SPNF a cuireadh ar fáil d'údair an Athbhreithnithe seo ar 04.02.21, agus arna athbhreithniú ag na ceithre POs.** Nóta: **1. Is Rannóg/Stiúrthóireacht amháin a thugann faoi mhaoirsiú ar Oibríochtaí Réigiúnacha, a bhaineann le heagrú ginearálta, foireann eagraíochtúil, struchtúr srl., ach déanann Oibríochtaí Réigiúnacha freastal ar gach ceann den cheithre Rannóg/Stiúrthóireacht i dtaca le hobair shonrach sna réigiúin. 2. Is í an Rannóg/Stiúrthóireacht Straitéise, Oibríochtaí Réigiúnacha agus Bainistíochta Maoine a dhéanann baill foirne atá ag feidhmiú mar oifigigh agus treoraithe Oideachais, a bhainistiú ach tá sainchúram an Oideachais faoi Rannóg/Stiúrthóireacht na hEolaíochta agus na Bithéagsúlachta.**

*An Scéim Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú – lena mbaineann an fhoireann ón Aonad Eolaíoch chomh maith. [47]

Bhí "díshrathú" ar ghrád an **Leas-Bhainisteoir Réigiúnaigh** agus cruthú an **Aonaid um Mheasúnaithe Éiceolaíochta** i measc na n-athruithe struchtúracha mar thoradh ar Athbhreithniú Grant Thornton 2010. Ba iarracht a bhí sa cheann ba túisce le dul i ngleic leis an iomarca grád, stop a chur le struchtúir a bhí thar a bheith achrannach agus le freagrachtaí a shoiléiriú, ach bhraith an fhoireann a bhí fágtha ag an am nach raibh malairt foirne ná leibhéil eile curtha in ionad na Leas-Bhainisteoirí Réigiúnacha. Mar sin féin, tháinig méadú de bheirt ar na hOifigigh Chaomhantais Cheantair, agus anois tá triúr Bainisteoirí Réigiúnacha in dhá Rannán, agus bheadh triúr a bheith i ngach ceann de na ceithre Rannán mar uaillmhian. Mar thoradh ar an athrú deireanach seo bunaíodh ról nua mar Cheannasaí ar Mheasúnú Éiceolaíochta ceapadh seisear Éiceolaithe Rannacha sa bhreis, lonnaithe sna láithreacha réigiúnacha.

### 4.2.2 Páirceanna Náisiúnta


Tá sé Pháirc Náisiúnta in Éirinn (Gleann Bheatha, Néifinn Fhiáine, Baile Chruaich, Conamara, Boirinn, Cill Airne agus Sléibhte Chill Mhantáin; Fíor 4.4, Tábla 4.4), ag clúdach 68,700 heicteár, arna chatagóiriú de réir na gcritéar agus na gcaighdeán do Pháirceanna Náisiúnta a leag an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) síos i 1969[48]. Dá bhrí sin, is ceantair iad

- nach n-athraítear éiceachóras amháin nó níos mó go hábhartha le saothrú agus lonnú daonna; ina bhfuil tábhacht ar leith ag baint le spéisis phlandaí agus ainmhithe, láithreáin gheomoirfeolaíocha agus gnáthóga ó thaobh eolaíochta, oideachais agus áineasa de, nó ina bhfuil tírdhreach nádúrtha sár-áilleachta;
- ina bhfuil an t-údarás is inniúla sa tír tar éis tabhairt faoi bhearta chun cosc a chur nó deireadh a chur chomh luath is gur féidir le saothrú nó lonnú sa limistéar iomlán agus chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach na ngnéithe éiceolaíocha, geomoirfeolaíocha nó aeistéitiúla ba chúis lena bhunú;
- a bhfuil cead ag cuairteoirí dul isteach, faoi choinníollacha speisialta, ar mhaithe le feidhmeanna inspioráideacha, oideachais, cultúrtha agus caithimh aimsire.

**Tábla 4.4: Mionsonraí achoimre i dtaca le sé Pháirc Náisiúnta na hÉireann (ó 'Máistirphlean Turasóireacht Léirmhínithe', le SLR Consulting le Telltale, Eanáir 2019)**

| Páirc Náisiúnta | Bunaithe | Méid (ha) | Turasóirí Bliaintúla[1] | Ionad Cuairteora | Ionad Léirmhíniúcháin | Ionad Oideachais | Líon. cosán | Uaireanta Oscailte |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cill Airne | 1932 | 10,300 | 1,000,000 | Y | Y | Y | 13 | An bhliain ar fad |
| Gleann Bheatha | 1975 | 17,000 | 170,000 | Y | Y | Y | 5 | An bhliain ar fad |
| Sléibhte Chill Mhantáin[2] | 1991 | 21,500 | 1,500,000 | Y | Y | Y | 17 | An bhliain ar fad |
| Conamara[3] | 1980 | 3,000 | 180,000 | Y | Y | Y | 5 | Márta-Deireadh Fómhair |
| Boirinn | 1991 | 1,700 | 20,000 | N | Y | N | 7 | Aibreán-Meán Fómhair |
| Baile Chruaich | 1998 | 15,200 | 74,000 | Y | Y | Y | 3 | Aibreán-Meán Fómhair |

[1] Líon na gcuairteoirí a ndearnadh meastachán orthu agus súil ar líon na gcuairteoirí a théann isteach in Ionaid – meastachán faoina luach is dócha. [2] Is í Oifig na nOibreacha Poiblí atá freagrach as feidhmiú ionad cuairteora Shléibhte Chill Mhantáin. [3]Fógraíodh i mí Lúnasa 2019 go bhfanfadh Ionad Cuairteoirí Pháirc Náisiúnta Chonamara ar oscailt ar feadh na bliana, i bhfianaise méadú ar líon na gcuairteoirí go 250,000 in aghaidh na bliana faoi thionchar Shlí an Atlantaigh Fhiáin (Galway Advertiser, 29 Lúnasa 2019)




**Fíor 4.4 Suíomh sé Pháirc Náisiúnta agus 74 Anaclann Dúlra na hÉireann (Foinse: NPWS)**

Tá limistéir agus speicis chosanta i ngach Páirc Náisiúnta, tá a suíomh Gréasáin féin aici (nasctha le www.npws.ie/national-parks), agus déantar í a bhainistiú go neamhspleách ar na cinn eile. Níl aon reachtaíocht shonrach ann do Pháirceanna Náisiúnta (féach Roinn 4.11). I dteannta a chéile, meallann na Páirceanna beagnach **3 mhilliún cuairteoir** in aghaidh na bliana chuig a nIonaid aonair. Is cuid í Páirc Náisiúnta Chill Airne chomh maith de Thearmann Bithsféir UNESCO [49]Chiarraí, ceann de dhá thearmann Bithsféir in Éirinn.

Tá na Páirceanna á mbainistiú ag Bainisteoirí Réigiúnacha, a bhfuil sainchúraim i bhfad níos leithne acu (féach Cuid 4.4.3). Níl **Bainisteoir Páirce** ainmnithe ag aon cheann de na páirceanna a bhfuil an t-aon fhreagracht air tabhairt faoi bhainistiú, na páirce ach is feidhm de chuid an Aonaid Páirceanna agus Anclanna tabhairt faoi chomhordú, arna maoirsiú ag an PO atá i bhfeighil na *Roinne Straitéise, Oibríochtaí Réigiúnacha agus Bainistíochta Réadmhaoine.* Mar sin, níl aon **Stiúrthóir Páirceanna Náisiúnta** tiomnaithe ag leibhéal níos airde, le freagracht eisiach as tabhairt faoi chomhardú ar straitéis agus gníomhaíochtaí i measc na bPáirceanna. Tugadh le fios le haiseolas ón bhfoireann go bhfuil laghduithe suntasacha tagtha ar líon na mball foirne ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a fhreastalaíonn ar na Páirceanna Náisiúnta, ag an am céanna le méadú níos mó fós ar líon na gcuairteoirí. Ní leor ach oiread an nasc idir an fhoireann san Aonad Eolaíoch agus a gcuid oibre, agus níl foireann tiomnaithe eolaíoch ag bainistíocht na bPáirceanna ná ag na Páirceanna. [Féach **Moladh** uimh. 17, Roinn 5]

Rinneadh dochar do riocht éiceolaíoch na bPáirceanna Náisiúnta de dheasca saincheisteanna seanbhunaithe lena n-áirítear ró-innilt, ionradh ag speicis choimhthíocha ionracha (go háirithe *Rhododendron ponticum*) agus tinte (nach bhfuil gnáthóga agus speicis na hÉireann oiriúnaithe dóibh), agus idirghníomhaíochtaí idir na tosca seo. D'fhéadfadh ceantair atá curtha ar leataobh do chaomhnú an dúlra agus 'athfhiailithe' dul in olcas gan dóthain foirne agus gan pleananna bainistíochta a bhfuil eolas eolaíoch ag baint leo, á gcur i bhfeidhm acu. Mar shampla, tá tionchar ag athghiniúint neamhrialaithe an *Rhododendron ponticum* ar chodanna de Pháirc Náisiúnta Néifinne Fiáine: tharla sé seo go príomha i gceantar a fuaireadh le hoidhreacht ó Coillte tar éis leathnú na Páirce in 2018/9. De réir geallsealbhóra amháin, tagann athghiniúint neamhrialaithe péine lodgepole Mheiriceá Thuaidh (*Pinus contorta*) agus speicis choimhthíocha eile sna sála ar seo. Tá sé aitheanta ag an NPWS gur gá dul i ngleic le seanfhadhb an *Róslabhrais*, agus tá céimeanna gníomhacha á nglacadh chun dul i ngleic leis an *Róslabhras* i bPáirc Náisiúnta Néifinne Fiáine, Bhaile Chruaich, lena n-áirítear Bainisteoir Tionscadail tiomnaithe a cheapadh don Pháirc Náisiúnta seo.

Tugadh faoi '**Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta'** (TIMP) uaillmhianach a fhorbairt, thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2019, chun cur le heispéireas na turasóireachta, mar chuid den Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an SPNF agus Fáilte Éireann. Forbraíodh an TIMP 10 mbliana seo chun príomhthéamaí, eispéiris agus tionscadail fhéideartha a shainaithint chun na Páirceanna Náisiúnta a lonnú *"i gcroílár tairisceana thurasóireachta na hÉireann".* Cuireadh roinnt saincheisteanna agus deiseanna i dtaca leis na Páirceanna ar na súile den TIMP, lena n-áirítear cur i láthair faisnéise atá as dáta agus/nó dorochtana, easpa comhtháthú téamach san fhaisnéis a cuireadh i láthair, bonneagar cuairteoirí uireasach, acmhainní oideachais teoranta, easpa comh-chur chun cinn nó brandáil na bpáirceanna, éagsúlacht i láithreacht dhigiteach, saincheisteanna rochtana (easpa iompair phoiblí, brú tráchta, limistéir pháirceála a bhí ró-shuibscríofa), comharthaíocht dhiúltach, agus an deis rannpháirtíocht iomlán a fhorbairt (le pobail, fiontair áitiúla, scoileanna, taighdeoirí, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus idir na Páirceanna iad féin). Ina theannta sin, leag an TIMP béim ar ghann-acmhainní foirne, easpa bonn reachtúil (tá Páirceanna Náisiúnta faoi chosaint faoi láthair faoin Acht um Maoin Stáit 1954, chomh maith le limistéir atá ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta, Limistéir faoi Chosaint Speisialta srl.), agus saincheisteanna oibriúcháin maidir le struchtúir agus pleanáil straitéiseach, chomh maith le heaspa sonraí bonnlíne chun tacú le gníomhaíochtaí caomhnaithe agus le cuairteoirí a bhainistiú.

Thug an TIMP faoi deara go raibh an NPWS, i dtaca le bainistíocht Pháirceanna agus Anclanna, thart ar 50% gann ar fhoireann. Mhol sé go raibh cohórt de 341.5 FTE de dhíth le haghaidh Páirceanna amháin – sin beagnach an oiread céanna agus atá fostaithe ar fud an SPNF ar fad.

Bhain cúig phríomhsprioc leis an TIMP:

1. Cothromaíocht idir turasóireacht agus caomhnú
2. Luach comhchoiteann a ghiaráil
3. Eispéireas cuairteora atá den scoth a sheachadadh
4. Léirmhíniú téamach a fhorbairt
5. Ionaid 'Fáilte agus Treoshuímh' spreagthacha do chuairteoirí a chruthú

Mhol an TIMP reachtaíocht shonrach, oifigeach(í) tiomnaithe chun tacú leis an treo straitéiseach agus go mbeadh Plean Bainistíochta ag gach Páirc. Mhol sé Creat Léirmhínithe chomh maith agus moltaí chun eispéireas an chuairteora a fheabhsú i dtaca leis na spriocanna seo a bhaint amach, agus moltaí sonracha do gach ceann de na Páirceanna. **Is é an NPWS atá freagrach as an TIMP a chur i bhfeidhm agus tá ceannaireacht, pleanáil straitéiseach agus acmhainní de dhíth.** Cuireadh €4 milliún de mhaoiniú breise ar fáil do thionscadail i Néifinne Fiáine Bhaile Chruaich agus i gConamara mar thoradh ar an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an SPNF agus Fáilte Éireann. Mar sin féin, is próiseas mall é tarraingt anuas, ar cuireadh bac air de bharr idirbheartaíochtaí fada le húinéirí talún, moill ar chinnteoireacht idir na comhpháirtithe, agus saincheisteanna pleanála.

D'eascair tairiscint rathúil ar mhaoiniú faoin gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe (RRDF) ón TIMP, agus tá 32 tionscadal, scaipthe go náisiúnta, á maoiniú le hinfheistíocht iomlán de **€7,175,000** (75% ón RRDF, 12.5% ó Fáilte Éireann, agus 12.5% ó DHLGH). Tá go leor de na tionscadail idir lámha faoi láthair, agus cuid acu curtha i gcrích go hiomlán. Mar chuid de seo, fuair an NPWS €2 mhilliún ar mhaithe le brandáil nua a fhorbairt do na Páirceanna Náisiúnta. Mar thoradh air seo déanfar meascán de chomharthaí oidhreachta/stairiúla agus de bhrandáil, a bhfuil ainmneacha Roinne contrártha ag cuid acu, a athrú. I dtaca le cur i bhfeidhm, brandáil, dearadh, monarú agus suiteáil, agus sraith de chomharthaí (fáilte, slán, treoshuíomh, cláir léarscáileanna), déanfar iad a rolladh amach faoi dheireadh 2021 i ngach Páirc Náisiúnta agus Páirc an Chúil, déanfar iad a rolladh amach go córasach ansin chuig Anaclanna Dúlra, agus tosaíocht á dtabhairt do shuíomhanna cuairteora. Beidh struchtúr nua láithreáin ghréasáin bainteach leis an tionscadal, áit a mbeidh leathanach baile amháin de chuid na Páirce Náisiúnta agus láithreáin ghréasáin aonair Pháirce, a chuimseoidh an stíl nua.

Chomh maith leis an sé Pháirc Náisiúnta, tá 74 Anaclann Dúlra ainmnithe ag Éirinn ar fud 18 gcontae [50]. Is limistéar atá tábhachtach don fhiadhúlra, atá cosanta faoi ordú ón Aire, í Anaclann Dúlra. Is leis an Stát a bhformhór,cé go bhfuil cuid acu faoi úinéireacht eagraíochta nó tiarnaí talúna príobháideacha. Tá sonraí teoranta i dtaca le gach anaclann ar fáil ar https://www.npws.ie/nature-reserves.

[Féach **Moladh** uimh. 17, Roinn 5]

### 4.2.3 Naisc fhoirmiúla le comhlachtaí eile Rialtais:

Meastar go bhfuil Ranna de chuid Rialtas na hÉireann ag cur feabhas ar chomhtháthú na bithéagsúlachta agus á cosaint ina gcuid oibre[37]. Tá comhaontuithe foirmiúla ag an NPWS le raon comhlachtaí (Tábla 4.5). Déantar príomheagraíochtaí comhpháirtíochta (an Chomhairle Oidhreachta, EPA, DAFM, DECC, Fáilte Éireann, na hÚdaráis Áitiúla agus An Garda Síochána) a mheas ar bhealach níos mine sa roinn seo.

**Tábla 4.5 Comhaontuithe reatha idir an NPWS agus comhlachtaí rialtais eile. Chuir an NPWS an liosta seo ar fáil, ach níl sé uileghabhálach agus ní chuimsíonn sé naisc le comhlachtaí eile (lena n-áirítear An Bord Pleanála, ISPCA, Caipiteal Nádúrtha Éireann, Coillearnacha na hÉireann, agus Fondúireacht Pobail Éireann).**

| Ceantar/Ábhar | Le (Roinn/Gníomhaireacht/comhlacht) |
|---|---|
| Comhphrótacal ar choireacht fiadhúlra | An Garda Síochána |
| Comhaontú ar chomhroinnt sonraí **(1)** | Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann (PRAI) |
| ObSERVE – an clár eolaíoch mara amach ón gcósta atá dírithe ar speicis faoi chosaint amach ón gcósta | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) |
| Comhroinnt sonraí ar mhaithe le córais LPIS agus GLAS **(2)** | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) |
| Tacaíocht an Aerchóir d'obair shuirbhéireachta | An Roinn Cosanta |
| Comhoibriú ar thionscadail ó Chiste Eorpach Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) | Foras na Mara |
| Piardóg agus plá na piardóige | Foras na Mara |
| Pórú ghafa an diúilicín péarla | Foras na Mara |
| Tionscadal tógála gafa don Chnádán | Páirc Fiadhúlra Fota |
| Monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) |
| Grúpa beartais "Feirmeoireacht ar son Dúlra" - maoiniú | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) |
| Tacaíocht Chlár na Boirne, Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha Chromán na gCearc agus na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce (EIPanna) | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) |
| Comhroinnt faisnéise don Choinbhinsiún ar Thrádáil Speicis i mBaol (CITES) | Seirbhís Custam |

| | |
|---|---|
| Comhroinnt faisnéise i dtaca le zúnna | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) |
| Tionscadal LIFE “Insular” **(3)** | USC IBADER/Dúlra Coillte |
| Gníomhartha tosaíochta a chur i bhfeidhm i bPlean Straitéiseach Fhóram Bogach an Chomhphobail (CWF)**(4)** | Nasc Tuaithe na hÉireann/CWF |
| Comhpháirtíocht straitéiseach do Pháirceanna Náisiúnta | Fáilte Ireland |
| Corncrake Traonach LIFE(5) | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT), Páirc Fiadhúlra Fota, Údarás na Gaeltachta |
| LIFE IP (Nature) – Dúlra an Atlantaigh Fhiáin(6) | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), RTÉ, Fáilte Éireann, Coillte, Teagasc, IBADER, Bord na Móna, An Chomhairle Oidhreachta, Údarás Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRA) |
| LIFE IP (Climate) – Tailte Móna agus Daoine(7) | Bord na Móna, OÉ Gaillimh |

1. **SPNF – PRAI Prótacal Comhroinnte Sonraí Chlárlann na Talún**: comhaontú comhroinnte sonraí a cheadaíonn aistrithe bulc sonraí de chuid Chlárlann na Talún le húsáid i dtionscadail Ainmniúcháin, Bainistíocht Réadmhaoine agus Bearta Caomhnaithe.

2. **SPNF – LPIS na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Comhaontú Comhroinnte Sonraí GLAS (á ath-idirbheartaíocht faoi láthair):** freastalaíonn sé ar aistriú tacair sonraí talamhúsáide ó chóras Faisnéise Dáileachtaí Talún na Roinne (LPIS) agus córais GLAS – atá riachtanach do bheartas comhshaoil talmhaíochta an NPWS agus do thionscadail bhearta caomhnaithe eile, a úsáideadh chomh maith ar mhaithe le próiseas fógartha Láithreáin Ainmnithe an NPWS.

3. Is tionscadal traidisiúnta LIFE NATURE é **LIFE Insular**, a bhfuil sé mar aidhm aige stádas caomhantais na ndumhcha seasta agus an ghnáthóg fraochmhá thirim ghaolmhar ar Oileáin Atlantacha a fheabhsú. Má cheadaítear maoiniú dó, beidh an tionscadal ar siúl ar feadh na 5 bliana nó mar sin atá romhainn. Tá an tionscadal, a bhfuil roinnt tairbhithe aige lena n-áirítear an NPWS agus Coillte, á chomhordú ag an Universidade de Compostela (USC IBADER – an Institiúid um Bithéagsúlacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe sa Spáinn).

4. Thug an **NPWS** faoi Mheabhrán Tuisceana agus in 2018, 2019, 2020 agus 2021 chuir maoiniú ar fáil faoina Buiséad Tionscnaimh Phobail Phortaigh Mhóna don bhFóram Bogaigh Pobail (CWF) trí Nasc Tuaithe na hÉireann ar mhaithe le costais oibriúcháin an Fhóraim agus chun é a chur i bhfeidhm agus na gníomhaíochtaí tosaíochta do 2021 a chomhordú mar atá leagtha amach san iarratas CWF agus le Plean Straitéiseach CWF. Leagann an Meamram síos na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca leis deontas a urscaoileadh.

**5. Traonach Is tionscadal LIFE** traidisiúnta é atá á chomhordú ag an NPWS le linn na tréimhse 2020-2024. Is é an sprioc atá leis ná stádas caomhantais an traonaigh a fheabhsú le gréasán SPA in Iarthar agus Iarthuaisceart na hÉireann a fheabhsú. Baineann buiséad iomlán de €5.89m leis an tionscadal, le ranníocaíocht de thart ar €4.29m ó chiste LIFE.

**6. Tionscadal Comhtháite LIFE (Dúlra)** – Is tionscadal 9 mbliana é Dúlra an Atlantaigh Fhiáin, á chomhordú ag an SPNF a bhfuil sé mar sprioc aige tabhairt faoi chatalú Chreat Gníomhaíochta Tosaíochta na hÉireann don líonra Natura 2000. Beidh sé mar sprioc ar leith aige gnáthóg bhratphortach ar feadh chósta an Atlantaigh a chosaint agus a athchóiriú. Tá maoiniú de €12.4m á sholáthar ó chiste LIFE an AE don tionscadal, a bhfuil buiséad iomlán de €20.6m aige. Bunófar Grúpa Comhordaithe Beartais agus Rialachais Natura idir-rannach/idirghníomhaireachta nua chun cumarsáid agus comhar a fheabhsú i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le beartas agus rialachas Natura 2000 mar chuid den tionscadal seo chomh maith agus chun comhtháthú agus comhordú a fheabhsú maidir le maoiniú comhlántach a úsáid (féach freisin **Moladh** uimh. 24).

**7.** Tá Bord na Móna i dteannta an SPNF, an EPA agus cuideachta phríobháideach Erinn Innovation Ltd mar chomhpháirtithe, agus DAFM mar chomhpháirtithe. -airgeadaí, atá ag tabhairt faoi chomhordú ar Thionscadal Comhtháite LIFE (Aeráid) – Portaigh Mhóna agus Daoine, atá ar bun le linn na tréimhse ó 2020 – 2027. Feidhmíodh an tionscadal le portaigh mhóna i lár na tíre agus leis na pobail ina dtimpeall chun athrú a spreagadh agus cinntiú go bhfuil spreagadh faoi chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann. Tacófar le feabhsuithe ar thart ar 9,900 heicteár de phortaigh mhóna laistigh den tionscadal. Tá maoiniú de €9.8m á ranníoc ó chiste LIFE an AE le tionscadal ar luach iomlán €28m é.

### *An Chomhairle Oidhreachta (HC)*

Ó bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta i 1995, a tharla ag an am céanna agus Dúchas, aonán leathan-struchtúrtha gníomhach (a fhostaíonn suas le 1,399 ball foirne), tá dlúth-chomhpháirtíochtaí tagtha chun cinn idir an Chomhairle agus an NPWS i roinnt réimsí comónta. Cé nach comhlacht rialaitheach í an Chomhairle Oidhreachta agus nach bhfuil aon údarú aici de réir Achtanna um Fhiadhúlra, tá sainchúram aici maidir le comhairle beartais agus feasacht phoiblí i réimsí na hoidhreachta nádúrtha, gnáthóg, flóra agus fána. Le linn an Athbhreithnithe, mhol an Chomhairle

Oidhreachta *"gur cheart fóram níos leithne, a chuimseodh an fhoireann Oidhreachta sna Scoileanna, OOP, LAWPRO agus eile a fhiosrú",* i dtaca le hoideachas agus for-rochtain. Is príomhréimse comhleasa idir an Chomhairle agus an NPWS an **Lárionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta** (féach Mír 4.6.1), áit ar bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta an Lárionad i bPort Láirge, ag feidhmiú le comhaontú leibhéal seirbhíse ag conraitheoir (Compass Informatics), le maoiniú a chuir an NPWS ar fáil, moladh a luadh sa chéad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta (foilsithe in 2002).

*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)*

Comhoibríonn an SPNF leis an EPA ar roinnt comhréimsí oibre ar mhaithe leis an gcomhshaol in Éirinn, a chosaint lena n-áirítear i dtaca le Creat-Treoracha Dúlra agus Uisce an AE, cláir mhonatóireachta, léarscáiliú clúdach talún, ceadúnú agus taighde. Cé go bhfuil Meabhrán Tuisceana oibriúcháin (MoU) idir an EPA agus an SPNF chun an iliomad réimsí idirghníomhaíochta, lena n-áirítear measúnú, monatóireacht (m.sh. limistéir faoi chosaint, éiceachórais), taighde, rialúchán agus pleanáil reachtúil (lena n-áirítear AA, EIA, Dliteanas Comhshaoil) (Féach Aguisín 6), a threorú, is léir go bhfuil scóip ann do chaidreamh débhealaigh níos láidre, a d'fhéadfaí a chumasú le hathruithe rialachais agus cumas neartaithe laistigh den NPWS.

Is geallsealbhóir tábhachtach de chuid an EPA í an SPNF, agus comhoibríonn siad agus comhordaíonn siad ar roinnt comhréimsí oibre ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil in Éirinn. Mar shampla, tá ról ag an SPNFmaidir le dúnadh agus athshlánú iarshuímh bainte móna Bhord na Móna, atá á rialú ag an EPA. Ina n-Aighneacht don athbhreithniú seo, thug an EPA le fios go bhfuil rialachas na hoidhreachta nádúrtha casta, a bhfuil baint ag comhlachtaí éagsúla rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha leo, chomh maith le saoránaigh, agus **nach bhfuil aon fhóram náisiúnta**, i dtaca leis an dúlra ann faoi láthair chun feidhmeanna, riachtanais eolais agus gníomhaíochtaí faoi seach a chomhordú. Cuireadh easpa comhlachta chun tacú le agus chun taighde bithéagsúlachta agus éiceachórais a chomhordú ar na súile dóibh chomh maith, mar aon le staid neamhbhuana an NBDC mar shócmhainn náisiúnta riachtanach (féach chomh maith Roinn 4.6.1). Ina theannta sin, thug siad faoi deara go mbaineann dúshlán le rochtain ar fhaisnéis agus ar shonraí, go bhfuil sé deacair dul i ngleic le cúrsaí rialála lasmuigh de shuíomhanna ainmnithe, agus go bhfuil deis ann ar mhaithe le rannpháirtíocht neartaithe agus fhoirmiúil i dtaca leis an gCreat-Treoir Uisce. Mar sin, measann an EPA go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an NPWS ina ball gníomhach de struchtúir rialachais náisiúnta na Creat-Treorach Uisce, agus mar an gcéanna i dtaca le rannpháirtíocht an EPA i struchtúir rialachais dúlra (féach Cuid 5.3).

*An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM)*

Is í infhaighteacht bia an chéad tosaíocht atá ag DAFM, sábháilteacht táirgí ar an dara ceann agus inbhuanaitheacht ar an tríú ceann, lena n-áirítear uisce, bithéagsúlacht agus athrú aeráide. Is fada an lá atá an Roinn ag idirghníomhú leis an NPWS i dtaca le beartas agus aithníonn sé an gá atá le huaillmhianta comhtháite comhroinnte maidir leis an dúlra. Tá tuiscint DAFM i dtaca leis hearraí poiblí (seirbhísí éiceachórais lasmuigh de sholáthar bia) a sholáthraíonn talamh feirme agus tábhacht phleananna bainistíochta do láithreáin ainmnithe agus iad siúd a bhfuil luach ard ó thaobh an dúlra leo, ag dul i méid. Bíonn idirghníomhú idir an SPNF agus an DAFM i dtaca le saincheisteanna eile freisin, agus an SPNF ag feidhmiú mar chomhairleoir ar iascach agus dobharshaothrú, agus maidir le gnéithe éagsúla den fhoraoiseacht (m.sh. an grúpa oibre ar Bheartas Foraoiseachta, agus ról comhairliúcháin an SPNF i dtaca le hiarratais fhoraoiseachta). Tugann an DAFM agus an NPWS faoi chómhaoiniú agus rannchuidíonn siad le roinnt tionscadal (lena n-áirítear tionscadail LIFE, Wild Atlantic Nature, Plean Pailneora Uile-Éireann, Caipiteal Nádúrtha Éireann), ar cheart a bheith úsáideach chun comhtháthú trasna beartais a chinntiú. In 2020, bunaíodh Aire Stáit um Úsáid Talún agus Bithéagsúlachta, i dteannta leis an Aire Stáit um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin, rud a d'fhág go raibh beirt Aire a raibh freagrachtaí maidir le gnéithe den 'bhithéagsúlacht' ina sainchúram acu.

Cé go bhfuil caidreamh maith oibre go ginearálta idir an DAFM agus foireann an SPNF, i bhfianaise mhéid an lorg talmhaíochta ar thailte na hÉireann, agus na tosaíochtaí maidir le caomhnú an dúlra

agus táirgeadh bia a bhíonn ag teacht salach ar a chéile uaireanta, tá sé ríthábhachtach go mbeadh **an SPNF ina comhpháirtí láidir leis an DAFM.** Mar sin féin baineann deacracht leis seo agus an difríocht sa scála idir an dá eagraíocht. Tá Coiste tras-Rannach i bhfeidhm leis an nGrúpa Teicniúil Feirmeoireacht ar mhaithe dúlra (FFNTG), áit a bhfuil an NPWS agus an DAFM chun iarracht a dhéanamh cothromaíocht a bhaint amach idir ionchais uisce, aeráide agus bhithéagsúlacht. Tá an Roinn tar éis feidhmiú le foireann an NPWS i dtionscnaimh tras-Rialtais eile, ar nós forbairt leanúnach an Ardáin Gnó & Bithéagsúlachta.

*An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC)*

Ón am go raibh athruithe ar chúramaí Rialtais in 2020, tá ról ceannais glactha ag an DECC i gcomhordú beartais tras-Rialtais agus raon beart a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide a chur i bhfeidhm agus Éire ag tabhairt faoi céimeanna chun a spriocanna aeráide AE agus NA do 2030 agus ina dhialdh seo a bhaint amach. Tá naisc shuntasacha idir an clár oibre Aeráide agus Dúlra (mar atá leagtha amach i gcuid 1) agus tá ról gníomhach ag an NPWS maidir le dul chun cinn faoin bPlean Bithéagsúlachta um Oiriúnú Aeráide (BCAP), a thuairisciú. Téann na tuarascálacha seo i dtaca leis an BCAP chuig Roinn an Taoisigh agus tugann grúpa oifigeach sinsearach agus fochoiste Comh-aireachta faoi mhaoirseacht orthu.

Soláthraíonn DECC cuid mhór den mhaoiniú do na cláir athchóirithe Phortaigh Ardaithe atá ag teacht chun cinn, leis an gCiste Cánach Carbóin, mar aon le foinsí eile lena n-áirítear cláir LIFE agus INTERREG (féach tuilleadh sonraí ar phortaigh mhóna i gCuid 4.8). Tá an ról ceannais glactha ag an DECC maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur chun cinn ar fud an rialtais agus na sochaí, lena n-áirítear an Plean Forfheidhmithe Náisiúnta SDG. Ina theannta sin, tá príomhról ag DECC an clár beartais agus infheistíochta ar Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta, a fhorbairt, le spriocanna uaillmhianacha chomh fada le 2030 leagtha amach i gClár an Rialtais, agus baineann sé seo le dlúth-theagmháil le foirne eolaíocha an NPWS, i dtaca le saincheisteanna comhshaoil mhara agus measúnaithe (féach tuilleadh sonraí ar an bhfarraige i gCuid 4.9).

*Fáilte Ireland*

Bíonn teagmháil dhíreach idir Fáilte Éireann, mar an t-údarás náisiúnta forbartha turasóireachta, agus an SPNF le comhpháirtíocht straitéiseach, a cuireadh ar bhonn foirmiúil in 2016. Ba é an sprioc uileghabhálach ná '*feabhas a chur le chaighdeán agus le méid eispéiris an chuairteora chun go mbeadh sé ar chumas Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta mar eispéireas iontach do chuairteoirí, agus cothromaíocht idir caomhnú agus caitheamh aimsire a chinntiú'.* Go dtí seo, tá €4.5 milliún bronnta ar cheithre thionscadal faoin gComhpháirtíocht seo, lena n-áirítear tionscadail i bPáirceanna Náisiúnta Chonamara, Néifinne Fiáine, Baile Chruaich, Gleann Bheatha agus Chill Mhantáin.

Mar a dúirt Fáilte Éireann ina n-aighneacht don Athbhreithniú: "*Tá struchtúr an SPNF, dúshlánach agus casta toisc nár gníomhaireacht ná comhlacht neamhspleách í,agus gan athrú ar an reachtaíocht is deacair don SPNF a bheith in oiriúint do riachtanais athraitheacha tomhaltóirí agus eispéiris an-láidir idirnáisiúnta do chuairteoirí a sheachadadh ar fud a cuid líonra Páirceanna agus Anaclann Dúlra. Ní mór dul i ngleic chomh maith leis an leibhéal íseal feasachta ar Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann sa mhargadh turasóireachta idirnáisiúnta.* I láthair na huaire is sócmhainní stáit iad na Páirceanna Náisiúnta nach bhfuil acmhainn turasóireachta á baint amach go hiomlán acu". Cuireann an t-aiseolas seo ar na súile dúinn gurb é Fáilte Éireann an comhlacht náisiúnta atá freagrach as cur chun cinn na Turasóireachta, agus go bhfuil an SPNF ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir a dá ról i dtaca le cur i láthair agus a fhreagrachtaí caomhnaithe. Tá an NPWS ag tabhairt tosaíochta d'fheabhsú eispéiris cuairteora agus bainistiú ar lódáil cuairteoirí ag tarraingtí "látháir mheala", agus a chomhpháirtíochta le Fáilte Éireann a chur chun cinn, chun na gnáthóga leochaileacha laistigh de na Páirceanna Náisiúnta a chosaint, ach nach gá go mbeadh méadú ar líon turasóirí ar bun. Féach ar Roinn 4.5.2 maidir le turasóireacht.

*Údaráis áitiúla agus LAWPRO*

Ó 1999, tá Oifigigh Oidhreachta Chontae fostaithe ag Údaráis Áitiúla i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta. Tá feidhm an Oifigigh Oidhreachta thar a bheith leathan agus braitheann an obair a dhéantar ar roghanna na n-údarás áitiúil aonair. Tá Oifigigh Bithéagsúlachta tiomnaithe ag cúig údarás chomh maith. Feidhmíonn an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Scéim Deontais Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil chun cabhrú le hoifigigh bhithéagsúlachta na n-údarás áitiúil, agus le hoifigigh oidhreachta in údaráis áitiúla gan oifigeach bithéagsúlachta na tionscadal a chuireann gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht chun cinn, a chur i bhfeidhm.

Ó bhí 2016 ann, tá na húdaráis áitiúla bailithe le chéile i seirbhís chomhroinnte nua, Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (**LAWPRO**) chun gníomhaíochtaí a chomhordú agus chun rannpháirtíocht an phobail ar chaighdeán uisce a chur chun cinn. Tugadh le fios gurb príomh-nuálaíocht é seo sa Phlean Bainistíochta Abhantraí (RBMP) d'Éirinn, 2018-2021, atá á mhaoirsiú ag an DHLGH. Tá an SPNF ar cheann den iliomad comhlachtaí forfheidhmithe a bhfuil ionadaíocht acu ar choistí éagsúla na Creat-Treorach Uisce (WFD) a bunaíodh faoin dara Timthriall WFD agus ata leagtha amach sa RBMP (2018-2021). Féadfaidh ról tábhachtach a bheith ag an SPNF maidir le tacú le seachadadh cuspóirí an RBMP agus an WFD, go háirithe i dtaca leis na nasc idir uisce agus bithéagsúlacht.

Tá dlúthnaisc idir an Treoir maidir le Gnáthóga agus an WFD. De réir an RBMP (2018-2021) "Tá 430 Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna) sainaitheanta ag Éirinn, ar a bhfuil ar a laghad gné amháin uisce-spleách le fáil iontu i 358 (83%) díobh, i.e. gnáthóga a bhraitheann ar uisce agus/nó speicis chosanta a bhraitheann ar uisce. Tá 44 cineál éagsúil gnáthóige a bhraitheann ar uisce agus 22 speiceas a bhraitheann ar uisce atá aitheanta ag an NPWS. Meastar go bhfuil Stádas Fabhrach Caomhnaithe ag cúig cinn de na gnáthóga seo a bhraitheann ar uisce (11%), agus tá Stádas Fabhrach Caomhnaithe ag aon speiceas déag atá ag brath ar uisce (50%)."

Cé go bhfuil ról níos gníomhaí glactha ag foireann an NPWS (Éiceolaithe Rannacha go príomha) sna fóraim rialachais Uisce, amhail cruinnithe ráithiúla na gCoistí Oibriúcháin Réigiúnacha, mhol LAWPRO na gréasáin seo le haghaidh malartú eolais ar shaincheisteanna ar nós bearta cáilíochta uisce, speicis ionracha. agus caithfidh an NPWS tosaíocht a thabhairt do chomhshochair dúlra sa chéad timthriall Abhantraí eile, tar éis 2022.

### 4.2.4 Cumarsáid inmheánach

Bhí cumarsáid inmheánach ar cheann de na príomhábhair ar díríodh orthu go sonrach le foireann an NPWS, tríd an suirbhé ar líne (féach Tuarascáil Fhorlíontach 2). Mheas breis is leath d'fhreagróirí na foirne go raibh cumarsáid maidir le hoibríochtaí NPWS, saincheisteanna lasmuigh den NPWS, infheictheacht aonad eile agus cumarsáid idir foireann réigiúnach agus comhghleacaithe atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath **uireasach**. Mar a thug ball foirne amháin le fios:

> *"Feidhmíonn an fhoireann go dian dícheallach agus is breá leo a gcuid post, i ngach rannóg ... ach de dheasca bhrú an ualaigh oibre, is féidir le cumarsáid inmheánach titim le fána go simplí toisc nach bhfuil an t-am ag bainisteoirí rannóga eile a choinneáil ar an eolas."*

Leagadh béim ar na nithe seo a leanas mar phríomh-shaincheisteanna, ag eascairt ó thuairimí a thug baill foirne a d'fhreagair an suirbhé:

- Bhí dearcadh i láthair nach raibh aon 'ghuth' soiléir ag an eagraíocht ná ceannaireacht leanúnach sa chumarsáid, go hinmheánach nó go seachtrach
- Cé go bhfuil foireann ghníomhach Chumarsáide ag an DHLGH, bhí an dearcadh ann nach bhfuil róil agus ionchais do chumarsáid sheachtrach soiléir go ginearálta i dtaca le sainchúram an dúlra

- Bhain doiléireacht nó bhí ar neamhréir ag baint le sreabhadh faisnéise ingearach
- Níl an sreabhadh faisnéise cothrománach soiléir ach oiread, go háirithe idir réigiúin nó idir Ranna/Aonaid. Bhain mothú 'dícheangail' idir an fhoireann réigiúnach agus neamh-réigiúnach, dtaca leis an bpróiseas comhairliúcháin agus chomh maith idir baill den fhoireann eolaíoch / theicniúil agus foireann riaracháin.
- Braitheadh go raibh infheistíocht leanúnach i leibhéil mhéadaithe cumarsáide costasach ó thaobh ama agus acmhainní de do lucht saothair a raibh srianta orthu cheana féin.
- Mhothaigh baill foirne go bhfuil gá le meascán marthanach idir idirghníomhaíochtaí foirmiúla/eagraithe, e.g. comhdhálacha bliantúla, seimineáir ghréasáin ar líne, cruinnithe foirne, agus sreafaí faisnéise neamhfhoirmiúla. Cé gur thug foireann shinsearach DHLGH le fios go bhfuil clár leathan rannpháirtíochta, lena n-áirítear nuachtlitreacha agus imeachtaí foirmiúla, eagraithe, go háirithe le linn na bliana seo caite, is cosúil nach bhfuil siad seo ag freastal ar riachtanais fhoireann uile na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, nó (mar a bhí sa tuarascáil roimhe seo). mothaíonn cuid d'fhoireann an NPWS nach bhfuil am acu freastal ar imeachtaí dá leithéid.
- Leagadh béim chomh maith ar an ngá atá le faisnéis fhoirmiúil maidir le líonraí foirne, freagrachtaí, agus faisnéis teagmhála. Cé go bhfuil inlíon inmheánach ann ina bhfuil go leor faisnéise, agus go bhfuil coistí agus fóraim fhoirmiúla ann ar mhaithe le cuid den fhoireann, bhí sé le mothú fós ann go raibh struchtúir foirne teimhneacha ann a fhágann go mbíonn comhoibriú agus comhroinnt faisnéise deacair.
- Roinnt frustrachais go bhfuil nuacht an SPNF á roinnt go poiblí sula roinntear go hinmheánach í**.**

Léiríodh na mothúcháin seo in agallaimh leis an bhfoireann ar fud, agus fiú laistigh de ghráid agus rannóga éagsúla. Ba léir ón bplé a rinneadh le raon foirne nach bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú go barrmhaith mar fhoireann. Déantar tuilleadh forbartha ar na saincheisteanna seo i Roinn 4.4.2 maidir le soláthar foirne thíos.

### 4.2.5 Saincheisteanna Eagrúcháin aitheanta

- Feictear go ndeachaigh **gluaiseachtaí minice idir Ranna Rialtais**, go háirithe iad sin in 2011 agus 2020, i bhfeidhm ar an NPWS, toisc gur ghá feidhm a aistriú de bharr bearta a d'fhág gur cailleadh foireann chorparáideach/riaracháin nár bhog leis an gcuid eile den eagraíocht, agus mar gheall ar sin, méadú ar mhoilleanna i gcur chun feidhme tionscadal.
- Tá **foireann cheannaireachta scaipthe** ann, seachas Stiúrthóir/POF tiomnaithe amháin de chuid an SPNF, agus is cosúil go bhfuil drochchumarsáid, go cothrománach agus go hingearach. Reáchtáiltear cruinnithe foirne bainistíochta sinsearaí (cruinnithe de chuid Chinn Oidhreachta faoi chathaoirleacht an Rúnaí Cúnta agus ar a bhfreastalaíonn gach PO Oidhreachta agus roinnt APanna) go rialta (seachtainiúil/coicísiúil le 18 mí anuas, agus go míosúil nó nuair ba ghá roimhe sin), agus tagann POanna le chéile rialta lena bhfoireann. Mar sin féin, léirigh na comhairliúcháin foirne agus geallsealbhóirí easpa comhsheasmhachta idir na ceithre Rannóg/Stiúrthóireacht de chuid an SPNF (féach thíos) agus meastar go bhfuil easpa próisis cheannaireachta tar éis moill a chur ar chinnteoireacht thráthúil i gcásanna áirithe.
- Cuireann baill foirne réigiúnacha, go teoiriciúil, oibríochtaí i bhfeidhm ar an talamh, iad curtha ar an eolas ag na ceithre Rannóg/Stiúrthóireacht. Mar sin féin, **ní bhíonn an caidreamh idir na réigiúin agus na ceithre Rannóg/Stiúrthóireacht soiléir i gcónaí,** toisc go mbíonn an fhoireann réigiúnach ag déileáil le ceathrar Príomhoifigeach ar leith, a raibh cur chuige difriúil acu, a raibh

cur chuige contrártha uaireanta acu. D'fhéadfadh mearbhall, forluí agus struchtúr tuairiscithe doiléir a bheith mar thoradh air seo. Is sampla de chásanna inar chruthaigh an easpa soiléireachta seo fadhbanna tromchúiseacha is ea an cásobair measúnaithe éiceolaíochta a bhaineann le limistéir chosanta, agus róil fhorluiteacha na nÉiceolaithe Rannáin agus na mbainisteoirí Rannáin/Réigiúnacha. [Féach **Moladh** uimh. 8, Roinn 5]

- Tá freagrachtaí ag Bainisteoirí Réigiúnacha atá i bhfeighil láithreáin chosanta, ar nós Páirceanna Náisiúnta, as ceantair lasmuigh de na Páirceanna chomh maith, rud a chiallaíonn nach féidir leo iad féin a thiomnú go heisiach do cheisteanna laistigh de na Páirceanna. **Mar sin níl aon fhoirne tiomnaithe bainistíochta ag Páirceanna Náisiúnta** atá dírithe go hiomlán ar na páirceanna, ach fós féin tá siad freagrach as gach gné de bhainistiú cuairteora, chomh maith le cosaint éiceolaíocht na bPáirceanna, lena n-áirítear saincheisteanna ar nós bainistiú speiceas ionracha. [Féach **Moladh** uimh. 17, Roinn 5]

- Tá easpa speisialtóireachta feidhme laistigh de réigiúin, rud a fhágann go bhfuil **sainchúraimí ollmhóra leathana** ag baill foirne aonair (m.sh. forfheidhmiú, oideachas agus for-rochtain san áireamh, caomhnú ar an talamh, agus cásoibre atá bainteach le beartas/pleanáil, féach Roinn 4.4.3). Tá ról tábhachtach ag an SPNF i i dtaca le patrólú, bainistíocht, iniúchtaí agus tuairisciú faoin tuath i gcoitinne, ach tá acmhainn teoranta ann faoi láthair chun dul i ngleic lasmuigh de shuíomhanna sainithe. [Féach **Moladh** uimh. 7, Roinn 5].

- Tá **Aonad Coireachta Fiadhúlra** nua bunaithe, agus tá foireann ann faoi láthair, chun tacú leis na Réigiúin ina n-iarrachtaí dul i ngleic le coireacht fiadhúlra. Ina theannta sin, tá an prótacal nua leis an nGarda Síochána bunaithe, ach d'fhéadfadh sé ualach a chur ar na DCOs. [Féach **Moladh** uimh. 22, Roinn 5].

- Cé go bhfuil straitéis Cumarsáide Inmheánach i bhfeidhm ag an DHLGH, (le forfheidhmiú á maoirsiú ag foireann tras-rannóige, faoi cheannas Rúnaí Cúnta agus ag tuairisciú don Bhord Bainistíochta), is léir gur gá acmhainní leanúnacha a thiomnú ar mhaithe le **cumarsáid inmheánach SPNF** a fheabhsú. Tá go leor oibre úsáideach déanta i réimsí ar leith ar nós Sláinte & Sábháilteacht, Trealamh, Fóram na mBainisteoirí Páirce srl., bunaithe ar chomhairliúchán forleathan leis an bhfoireann, ach tá fiúntas ag baint le fócas níos mó ar chumarsáid rialta foirne chun deiseanna a sholáthar ar mhaithe le sreabhadh faisnéise, malartú agus aiseolas foirne [Féach **Moladh** uimh. 8, Roinn 5]

### 4.2.6 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip

Tá níos mó neamhspleáchais ag na ceithre eagraíocht eile a ndearnadh athbhreithniú orthu (Gníomhaireacht Dúlra na Danmhairge, Sasana Nádúrtha, Metsähallitus na Fionlainne – Páirceanna Náisiúnta na Fionlainne, agus Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Sualainne - Naturvårdsverket) ná mar atá ag an NPWS, ag feidhmiú mar chomhlachtaí stáit neamhspleácha neamhrannacha, nó mar chomhlachtaí neamhspleácha stáit ag feidhmiú laistigh de roinn rialtais (Gníomhaireacht Dúlra na Danmhairge) (Aguisín 4, Tábla A4.1).

Roinntear oibríochtaí straitéiseacha an NPWS idir oifigí Bhaile Átha Cliath/Loch Garman agus na réigiúin, a fheidhmíonn mar cheithre aonad bainistíochta réigiúnacha, le saincheisteanna iarmhartacha mar a leagtha amach thuas. I gcás leis na h-eagraíochtaí eile a ndearnadh measúnú orthu, déantar straitéisí, creataí agus treoir a fhorbairt ag láraonad straitéiseach ach cuirtear i bhfeidhm iad ag leibhéal réigiúnach, le teagmháil dhíreach le baill den phobal agus le heagraíochtaí eile ar shaincheisteanna caomhnaithe dúlra.

Féach **Tuarascáil Fhorlíontach 4.**

## 4.3 Forbhreathnú ar Acmhainní

### 4.3.1 Comhthéacs Domhanda

Tá bearna sa mhaoiniú domhanda ar mhaithe le caomhnú dúlra (BIOFIN, Conservation Finance, IEEP). [51]Tugann meastacháin reatha le fios go bhfuil airgeadas caomhantais domhanda de $52bn dollar SAM in aghaidh na bliana ach meastar go bhfuil airgeadas $130-440bn dollar SAM in aghaidh na bliana de dhíth chun spriocanna CBD Aichi a bhaint amach [52]. Ba é an sprioc a bhí le straitéis slogtha Choinbhinsiúin um Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) in 2010, *"ná sreafaí airgeadais a dhúbailt ar mhaithe le tíortha i mbéal forbartha agus acmhainní airgeadais intíre a shlógadh ó gach foinse chun an bhearna idir riachtanais aitheanta agus na hacmhainní atá ar fáil ag an leibhéal intíre a laghdú".*

### 4.3.2 Leibhéal Náisiúnta

Is í Éire an chéad náisiún forbartha a ghlac le samhail Airgeadais Bithéagsúlachta Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (BIOFIN) (www.biodiversityfinance.net), le BIOFIN Ireland (biodiversityfinance.ucd.ie), tionscadal a ndeachaigh UCD ina bhonn le maoiniú ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus an NPWS. Tá cúig ábhar insoláthartha i gceist le tionscadal BIOFIN Ireland, agus tá an chéad dá cheann díobh críochnaithe, agus tá gnéithe eile i bhfoirm dréachta:

1. Athbhreithniú Náisiúnta ar Chaiteachas Bithéagsúlachta
2. Beartas agus Athbhreithniú Institiúideach
3. Measúnú ar Riachtanais Airgeadais
4. Plean Straitéiseach Airgeadais
5. Straitéis Slógadh Acmhainní

#### *4.3.2.1 Athbhreithniú Náisiúnta ar Chaiteachas Bithéagsúlachta*

[53]Thug an tAthbhreithniú Náisiúnta ar Chaiteachas Bithéagsúlachta, bunaithe ar shonraí ó 2010-2015, le fios gur caitheadh €1.49 billiún (thart ar **€250 milliún** in aghaidh na bliana, nó **0.31% de chaiteachas iomlán an rialtais** thar an tréimhse 6 bliana) ar chaomhnú bithéagsúlachta. Seachadadh an chuid is mó den chaiteachas seo (96.6%) le heagraíochtaí stát-treoraithe, agus tháinig thart ar leath (55.5%, €832 milliún) ó mhaoiniú Stáit. Tháinig an chuid is mó den mhaoiniú a bhí fágtha ón AE (42%, €629 milliún). Rangaíodh caiteachas den chuid is mó mar fhóirdheontais (80%), agus measadh gur caitheadh 94-96% den airgeadas a bhain le bithéagsúlacht i dtaca le costais reatha agus cothabhála laethúla. Go sonrach, ciallaíonn sé seo nach raibh **ach 6% den chaiteachas rangaithe mar infheistíocht chaipitiúil i gcaomhnú bithéagsúlachta**. Tháinig an chuid is mó den chaiteachas seo **(79.5%)** ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le **<10%** ón NPWS agus ón gComhairle Oidhreachta.

Maidir le **hOidhreacht Nádúrtha**, arb í an NPWS an comhlacht stáit le príomhfhreagracht astu, ba é **€146** milliún, móide €29 milliún caiteachas an SPNF do 2010-2015 le cláir Chiste Comhshaoil, móide €43 milliún a bhí mar chaiteachas na Comhairle Oidhreachta. Tugadh faoi deara gur tháinig laghdú mór ar an gcaiteachas iomlán ar Oidhreacht Nádúrtha (NH) le linn na tréimhse 'déine' **(-34% don SPNF**, -48% do HC, i gcomparáid le laghdú iomlán thart ar -6% ar chaiteachas an rialtais ó 2008-2015).

#### *4.3.2.2 Slogadh Airgeadas don Bhithéagsúlacht: Beartas agus Athbhreithniú Institiúideach*

Ullmhaíodh tuarascáil ar "Airgeadais a Sholáthar don Bhithéagsúlacht" i mí an Mhárta 2020 [37]mar athbhreithniú beartais agus institiúideach ar shocruithe airgeadais do chaomhnú na bithéagsúlachta in Éirinn. Scrúdaigh sé caiteachas díreach agus indíreach i réimsí cosanta comhshaoil agus conas a mheasann comhlachtaí rialtais an bhithéagsúlacht ina gcroíbheartais, an chaoi a dtacaíonn an bhithéagsúlacht lena n-earnálacha, agus an acmhainneacht le haghaidh coinbhleachtaí beartais (féach Roinn 4.1.3 chomh maith). Tugtar achoimre sa tuarascáil ar na foinsí maoinithe do chaomhnú agus d'athchóiriú na bithéagsúlachta, agus tugtar le fios ann go bhfuil laghdú tagtha ar dhreasachtaí a mbíonn tionchar diúltach soiléir acu ar an mbithéagsúlacht. Mar sin féin, ní chuireann fóirdheontais talmhaíochta, a fhorfheidhmítear le 'traschomhlíonadh' agus ceanglas cloí le rialacháin

‘Dea-Chleachtais Talmhaíochta’, cosc ar ghlanadh scrobarnaí agus gníomhaíochtaí eile a d’fhéadfadh bithéagsúlacht talamh feirme a laghdú [54]. Ina theannta sin, leantar den mhaoiniú ar mhaithe leis an tionscal dobharshaothraithe, in ainneoin riocht éiceolaíoch na n-inbhear agus na ngnáthóg cósta a bheith ag dul in olcas [8]. Leantar le fóirdheontais a íoc le gléasraí cumhachta bithmhaise ais-fheistithe a chomhdhó le suas le 30% móna tá lacáistí cánach breosla agus fuinnimh fós le fáil sna hearnálacha iompair agus tionsclaíochta. Ina theannta sin, tá fóirdheontais fós le fáil ag tionscail breosla iontaise, rud a bhaineann an bonn de na hacmhainní atá ar fáil do ghníomhaíocht aeráide agus caomhnú na bithéagsúlachta. Níl íocaíochtaí ar sheirbhísí éiceachórais forbartha go maith agus ní leor iad chun tionchair ar an mbithéagsúlacht a fhritháireamh, agus níl luachanna rialaithe, sóisialta agus cultúrtha na bithéagsúlachta á gcuimsiú sna córais mhaoinithe reatha. Leagadh béim ar fhorbairt Cuntasaíochta Caipitil Nádúrtha ar scálaí éagsúla chun cabhrú le méid, riocht, seirbhísí agus tairbhí a thagann ón mbithéagsúlacht a léiriú [55, 56].

Tugann tátal thuarascáil “Airgeadais a Sholáthar le haghaidh Bithéagsúlachta” le fios go gcuireann acmhainn theoranta an NPWS srian ar a chumas a chuid dualgas bhithéagsúlachta a chomhlíonadh. Teipeann ar go leor polasaithe agus pleananna a gcuid spriocanna a bhaint amach mar gheall ar dhroch-fheidhmiú agus monatóireacht, den chuid is mó mar gheall ar theip acmhainní cuí a thiomnú. Ina theannta sin, cé go bhfuil pleananna tras-rannacha agus tras-earnála ansin, measadh go raibh siad millte ag maorlathas, comhordaithe go dona, agus go raibh socruithe oidhreachta mar bhac orthu. Chun maoiniú méadaithe don bhithéagsúlacht a chosaint, thug tátal na tuarascála le fios go gcaithfidh Éire aitheantas do bhunluach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil chaomhnú an dúlra, a mhéadú.

#### *4.3.2.3 Measúnú ar Riachtanas Airgeadais*

Tugadh faoi mheasúnú le linn 2020 agus baill foirne san Aonad Eolaíochta agus Bithéagsúlachta den SPNF á gcur faoi agallamh chun achomair a fhorbairt ar phointí éiritheacha a bhaineann le hairgeadas bithéagsúlachta agus gnéithe gaolmhara d’oibríochtaí an NPWS [57]. Cé gur cuireadh an measúnú seo i gcrích agus foireann ó Rannóg amháin den SPNF á gcur faoi agallamh, bhain sé le hoibríochtaí ar fud gach Rannáin den SPNF. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na dréacht-eochairthorthaí mar seo:

1. **Níl an cumas ag an NPWS “ionchais a sheachadadh go héifeachtach le cur chuige gnó mar is gnách”.** Is í an príomhfhadhb ná easpa acmhainne - éilíonn sé seo infheistíocht mhéadaithe, agus córas cuntasaíochta inmheánach a cheadaíonn caiteachas a rianú.
2. **“Is é an toradh a bhíonn ar chur chuige Siloed” ná iomaíocht inmheánach maidir le maoiniú.** Tá níos mó pleanála comhtháite de dhíth, mar aon le cumarsáid ingearach agus cothrománach i dtaca le cinntí maoinithe.
3. **Tá breis foirne de dhíth chun tabhairt faoi na tascanna atá ag teastáil chun oibleagáidí a chomhlíonadh.** Tá conarthaí ar théarma seasta agus tuarastail tosaigh íseal, agus cailliúint foirne fadtéarmach in ann cumas agus inspreagadh a chreimeadh. Caithfear tabhairt faoi infheistíocht chun “foireann agus an t-eolas / cumas gaolmhar a choinneáil”.
4. **Tá leithdháiltí maoinithe “Rialtais mí-ailínithe i dtaca le sainchúraimí”**. Leithdháiltear an chuid is mó de mhaoiniú bithéagsúlachta na hÉireann, mar shampla, tríd an DAFM, arb é a phríomhchúram ‘an earnáil agraibhia a threorú agus a fhorbairt’, seachas caomhnú na bithéagsúlachta.
5. **Tá naisc níos láidre de dhíth leis an DAFM,** ní hamháin i dtéarmaí maoinithe, ach ó thaobh oibríochtaí de. Níl an cumas ag an SPNF dul i ngleic go hiomlán le tionscadail na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil do Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (EIP-AGRI), an Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (ASSAP) faoi stiúir Teagasc, saincheisteanna mara (dobharshaothrú/iascach), agus i dtaca le hoiliúint a chur ar chomhairleoirí talmhaíochta maidir le bithéagsúlacht. Cuireann Scéim Phlean Feirme de chuid an SPNF, an SPNF faoi ualach riaracháin agus teicniúil ach tá sé riachtanach

i dtaca le hidirghabhálacha a seachadadh nach bhfuil béim orthu i dtionscnaimh eile atá níos príomhshrutha.

6. **Ba cheart luach a chur ar chúnamh seachtrach deonach**. Bíonn go leor sonraí úsáideacha á mbailiú ag saineolaithe seachtracha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus oibrithe deonacha agus ba cheart leanúint de luach saothair a thabhairt dóibh agus ba cheart an scéim "Deontais Bheaga do Chláraitheoirí" a leathnú, agus ba chóir go mbeadh comhlacht comhordaithe eolaíochta saoránach, lena n-áirítear gnéithe atá clúdaithe ag an Lárionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta, maoinithe i gceart.
7. **Ní mór acmhainní a chur ar fáil d'Aonad Bearta Caomhantais**. Ní mór bearta caomhnaithe a bhunú ag gach suíomh cosanta. Cuireadh cás faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an AE, i mí Iúil 2020, toisc nár dearnadh amhlaidh i leith fhormhór na SACanna in Éirinn.
8. **Tá oiliúint agus tacaíocht de dhíth, go háirithe ar mhaithe le foirne réigiúnacha**. I láthair na huaire, cuireann ualaí oibre cosc ar go leor ball foirne leas a bhaint as deiseanna oiliúna fiú má tá fonn orthu tabhairt faoi bhreis oiliúna. Ba chóir tús áite a thabhairt don oiliúint agus luach saothair a thabhairt di.
9. **Ní féidir caomhnú a bheith taobh le limistéir chosanta.** Faoi láthair tá formhór na n-acmhainní tiomnaithe le dul i ngleic le hoibleagáidí Natura 2000 i limistéir chosanta, agus i dtaca leis an tírdhreach níos leithne (i.e. lasmuigh de láithreáin chosanta), is mian i bhfad i gcéin é. Cé nach féidir leis an NPWS aghaidh a thabhairt, ach amháin áit a mbíonn sainchúram/freagrachtaí oibriúcháin acu mar a chinneann an Rialtas é, tá gá le cur chuige tírdhreacha i dtaca le caomhnú, agus bearta Natura 2000 i gcur chuige iomlánaíoch 'tuath níos leithne', á neadú go háirithe i bhfianaise athrú aeráide.
10. **Ba cheart "ról abhcóideachta níos leithne agus sainchúraim beartais" a ghlacadh**. Tá gá le tacaíocht pholaitiúil ardleibhéil do chaomhnú na bithéagsúlachta, agus chabhródh infheistíocht i mbeartas agus in acmhainn abhcóideachta de chuid an SPNF (laistigh dá sainchúram oibriúcháin) le comhtháthú agus le béim a chur ar thábhacht na bithéagsúlachta ag leibhéal beartais.

#### *4.3.2.4 Straitéis Slógadh Acmhainní*

Cuireadh dréacht *"Réamh-Straitéis Bainistíochta Acmhainní"* ar fáil do na hathbhreithneoirí, a bhí bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil sa trí dhoiciméad roimhe seo (an tAthbhreithniú ar Chaiteachas Bithéagsúlachta[53], an tAthbhreithniú Beartais agus Institiúideach[37], agus an Measúnú ar Riachtanais Airgeadais[57]). Scrúdaíonn an straitéis seo roghanna eile chun acmhainní breise a shlógadh do chaomhnú na bithéagsúlachta agus chun éifeachtúlacht maidir le leithdháileadh acmhainní a mhéadú. Baineann sé sprioc leis an dréachtstraitéis (chun an bunachar faisnéise a fheabhsú, an acmhainn a neartú chun acmhainní a úsáid agus a shlógadh, ionstraimí airgeadais atá ann cheana féin a neartú, ionstraimí nua a iniúchadh, bithéagsúlacht a phríomhshruthú, agus rochtain agus comhroinnt sochair a fheabhsú) agus is é an tátal a bhaintear as:

1. Nach mór don SPNF teacht ar chinneadh maidir le cén áit a bhfuil an tionchar is mó ag maoiniú reatha i gcoibhneas le cuspóirí agus spriocanna an NBAP. Éilítear Príomhtháscairí Feidhmíochta níos soiléire sa PFNP dó seo agus atheagrú ar thuairisciú inmheánach. D'fhéadfaí éifeachtúlacht-costais na ngníomhaíochtaí a chur in iúl le húsáid a bhaint as na creataí caipiteal nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais chun tacaíocht agus comhaontais le comhlachtaí seachtracha a shainaithint.
2. Gur gá na naisc agus na hidirghníomhaíochtaí idir an SPNF agus comhlachtaí seachtracha (comhlachtaí rialtais agus neamhrialtasacha) a neartú. Beidh gá le breis foirne chuige seo. Agus arís le caipiteal nádúrtha agus na luachanna a dhíorthaítear ó sheirbhís éiceachórais a chomhtháthú sna cuntais eacnamaíocha náisiúnta, d'fhéadfadh sé go gcabhrófaí leis an teachtaireacht a chur chun cinn go bhfuil tairbhí eacnamaíocha dearfacha ag an dúlra.

3. Go gcuirfidh Margadh Glas an AE inbhuanaitheacht agus neodracht carbóin chun cinn mar bhunmhaoiniú. Soláthrófar dreasacht airgeadais do chomhlachtaí seachtracha chun dul i ngleic le saincheisteanna bithéagsúlachta le maoiniú a úsáid ó fhoinsí an AE.
4. Go bhfuil an mais chriticiúil ag teastáil ón SPNF chun cistí an AE agus cistí eile a ghiaráil, chun tabhairt faoi infheistíocht san athchóiriú bithéagsúlachta atá riachtanach chun Straitéis Bithéagsúlachta an AE agus an Mhargadh Ghlais a chomhlíonadh. Ciallóidh sé seo na naisc le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le pobail agus leis an earnáil phríobháideach a neartú.

#### *4.3.2.5 Creat Gníomhaíochta Tosaíochta do Natura 2000*

I gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir maidir le Gnáthóga[28], tá Creat Airgeadais Ilbhliantúil curtha ar fáil ag Éirinn don tréimhse ó 2021 go 2027 [26]. Soláthraíonn sé seo ardán suntasach don SPNF chun obair chaomhnú an dúlra a chomhordú ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí eile. Chuir Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil teimpléad PAF ar fáil lena úsáid ag na Ballstáit. Bhain sé roinn leis:

A- Réamhrá
B- Tábla achomair ar riachtanais airgeadais tosaíochta
C- Staid reatha Natura 2000 in Éirinn
D- Maoiniú líonra Natura 2000 sa tréimhse airgeadais roimhe sin (2013-2020)
E- Bearta tosaíochta agus riachtanais mhaoinithe do 2021 – 2027
F- Breisluachanna sa bhreis maidir leis an mbeart tosaíochta.

Forbraíodh **Creat Éireannach (PAF IE)** don tréimhse maoinithe **2021-2027**[26]. D'ullmhaigh Aonad Eolaíochta agus Bithéagsúlachta an SPNF dréacht tosaigh den Chreat agus scaipeadh go forleathan é ar fud Ranna rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha ar nós an EPA, Foras na Mara, Teagasc, Oifig na nOibreacha Poiblí, Iascach Intíre Éireann agus ar an gComhairle Oidhreachta.

Tugann an PAF breac-chuntas ar an infheistíocht shuntasach atá de dhíth chun gnáthóga agus speicis a chothabháil agus a athchóiriú laistigh agus lasmuigh de líonra Natura 2000 thar thréimhse seacht mbliana. Is iad na costais mheasta chun na sraithe beart tosaíochta (cosaint agus athchóiriú gnáthóg agus speiceas) don tréimhse 2021-2027, a sheachadadh mar a leagtar amach sa PAF é, ná €163 milliún in aghaidh na bliana, nó **€1.138 billiún** ar feadh na tréimhse seacht mbliana go 2027. Is deis faoi leith í seo don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra cur chuige Uile-Rialtais a chomhordú agus a bhaint amach, ach is dúshlán ollmhór é chomh maith d'fhoireann na SPNF leanacht den obair/obair a sheachadadh ar chomhordú na mbeart seo.

Is é cuspóir na PAFanna comhordú agus comhtháthú an mhaoinithe don bhithéagsúlacht agus Natura 2000 a neartú ar fud an AE agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh tionchar ag gach a bhfuil in inneachair PAF na Ballstáit ar chláir mhaoiniúcháin. Aithníonn an PAF go bhfuil ríthábhachtach ag baint le húinéirí talún, go háirithe feirmeoirí, chun iarrachtaí caomhnaithe a chur chun feidhme go rathúil agus chun Pleananna Straitéiseacha an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) a úsáid agus ar mhaithe le comhtháthú le cláir eile (lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe na hEorpa (EMFAF), tionscadail straitéiseach dúlra de chuid LIFE (catagóir nua tionscadal faoi Rialachán LIFE), agus iad siúd a bhfuil seachadadh Treoir Réime maidir le hUisce agus gníomhaíocht faoina gcúram chun an t-athrú aeráide a chomhrac), le linn na tréimhse maoinithe seo.

[Féach **Moladh** uimh. 20, Roinn 5]

#### *4.3.2.6 Iniúchadh an Fhóraim Náisiúnta Bithéagsúlachta ar an Athbhreithniú Eatramhach ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann*

Tá athrú céime ar mhaoiniú an rialtais don bhithéagsúlacht á lorg mar chuid den roinn ar 'Plean Tionchair Bithéagsúlachta'[44]. Thug an t-iniúchadh le fios go bhfuil an caiteachas náisiúnta ar bhithéagsúlacht faoi bhun an chomhréir den OTI a mhol an IUCN do thíortha an OECD, agus gur caitheadh formhór den chaiteachais ar fhóirdheontais feirme. Rinne sé achainí ar an rialtas maoiniú


ar son na bithéagsúlachta agus don chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta eile a mhéadú lena chinntiú go bhfuil sreabhadh maoinithe chuig na háiteanna inar féidir leis an difríocht is mó a bhaint amach. Thug an t-iniúchadh le fios go raibh an tuiscint i dtaca le maoiniú ar son na bithéagsúlachta mar a bheadh infheistíocht i maolú riosca, go seachnódh an infheistíocht anois costais shuntasacha amach anseo a bhaineadh le caillteanas i dtaca seirbhísí atá ar fáil de dheasca na bithéagsúlachta agus i dtaca le fíneálacha toisc nach raibh reachtaíocht an AE a comhlíonadh. Mhol an t-iniúchadh leas a bhaint as móiminteam idirnáisiúnta i dtaca le hairgeadas glas.

#### *4.3.2.7 Máistirphlean Léirmhínitheach Turasóireachta do Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann*

Ní féidir an buiséad reatha do bhainistiú agus caomhnú na bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra a scaradh ón gcuid eile den NPWS mar go bhfuil sainchúraimí ag go leor ball foirne atá bainteach leis na Páirceanna agus le hoibleagáidí eile (féach Cuid 4.4). Measadh gurbh é an caiteachas ar Ionaid Chuairteoirí (gan pá agus riarachán san áireamh) don sé Pháirc Náisiúnta in 2017 ná **€2,184,219** (Máistirphlean Turasóireachta TIMP, 2019). Ach de dheasca chur i bhfeidhm an TIMP do na Páirceanna Náisiúnta, éileoidh acmhainní breise don fhoireann, do chaiteachas caipitil agus d'oibríochtaí (féach freisin Cuid 4.2.2). Moladh méadú 20% ar an mbuiséad d'Ionaid Cuairteoirí agus 156 ball foirne sa bhreis (ar chostas €5.6 milliún), rud a fhágadh go rachadh costas foirne bliantúil na bPáirceanna Náisiúnta go €10.9 milliún, gan costais oiliúna fhoirne san áireamh (measta ag thart ar €100,000 in aghaidh na bliana). – Ós rud é gur go dtéann an TIMP siar go 2017, ní mór na meastacháin sin a bheith innéacsnasctha. Ina theannta sin, beidh clár caipitil de thart ar €120 milliún ar feadh 10 mbliana, de dhíth chun Ionaid Pháirc Náisiúnta a thógáil, a atógáil agus a athchóiriú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

### 4.3.3 Maoiniú NPWS le deich mbliana anuas

Bhí mórthionchar ag an gcúlú eacnamaíochta in Éirinn iar-2008 ar sholáthar mhaoiniú bhliantúil an SPNF. Níor thug méadú ar bhuiséad 2020 ar mhaithe le 2021 na buiséid bhliantúla ar ais go dtí an áit a raibh siad in 2008 go fóill, nuair nach raibh stádas na ngnáthóg agus na speiceas aon rud níos fearr, rud a thugann le tuiscint nach mba leordhóthanach an maoiniú fiú amháin ag an am sin. Nuair a tháinig deireadh le Maolú ar Bhaint na Móna in 2011, cuireadh scéim chúitimh i bhfeidhm, ach níor cuireadh aon mhaoiniú breise ar fáil don Roinn – b'éigean an Ciste Cúitimh Móna a íoc as buiséad an NPWS (go dtí 2015 nuair a cuireadh €1 milliún in aghaidh na bliana ar mhaithe le buiséad athchóirithe tailte móna). Féach Roinn 4.9 do bhreis sonraí i dtaca le Tailte Móna.




**Fíor 4.6 Caipiteal bliantúil agus maoiniú reatha don NPWS, lena n-áirítear leithdháileadh le haghaidh athchóiriú tailte móna ó 2015 (foinse: NPWS).**

### 4.3.4 Saincheisteanna Eagrúcháin aitheanta

- Tá **tearc-infheistíocht** leanúnach san SPNF le blianta fada. Bhí easpa gaiscí polaitiúla ar leibhéil arda ag an SPNF, agus le linn an choir chun donais eacnamaíoch iar-2008 agus mar is ionainn go leor Ranna Rialtais eile, tharla laghduithe suntasacha ina chuid maoinithe. Chuaigh méadú ar mhaoiniú i mbuiséad 2020 ar bhealach éigin chun maitheasa i dtaca leis an scéal, ach níl dóthain acmhainní ag an SPNF fós chun freastal ar a chomhlíonta i leith an dúlra i limistéir chosanta, i láithreáin ainmnithe agus i bPáirceanna Náisiúnta agus Anclanna, ná níl ar mhaithe le cláir chaomhnaithe lasmuigh de limistéir chosanta. Ní féidir spriocanna ardleibhéil caomhantais an dúlra a bhaint amach (iad siúd atá á dtiomáint ag tosaíochtaí náisiúnta agus ag oibleagáidí agus comhaontuithe idirnáisiúnta) i bhfianaise leibhéal acmhainní reatha sa SPNF.

- Níl dóthain acmhainní ag an NPWS chun cur ar a chumas a shainchúram a sheachadadh. Tá géarghá le hinfheistíocht chun tabhairt faoi athstruchtúrú, chun rialachas a fheabhsú, chun breis foirne a fhostú, agus chun tacú le bunriachtanais ghnó, lena n-áirítear TF, Acmhainní Daonna, cumarsáid inmheánach agus caidreamh poiblí, chomh maith le bainistíocht sonraí agus GIS. (Féach Ranna níos déanaí den tuarascáil seo).

- Tá aistriú feidhmeanna agus aistrithe lóistíochta ar TF, AD srl., de dhíth, de dheasca ghluaiseacht leanúnach idir Ranna Rialtais agus meastar go bhfuil ídiú sa bhreis á ndéanamh ar acmhainní atá ar mhaithe seirbhísí 'líne tosaigh'. Thagair an fhoireann chomh maith maidir le fadhbanna a tháinig chun solais in 2020 ag eascairt as athruithe ar an gcaoi ar ghá íocaíochtaí a phróiseáil, mar gheall ar athrú sa Roinn. Tháinig tréimhsí idirscoir chun cinn de dheasca na sé dhreas aistrithe Roinne ó 1997 (atá leagtha amach i gcuid 4.2.1) agus ba ghá acmhainní corparáideacha a thiomnú ar feadh tamaill chun tacú leis an aistriú, in ionad tabhairt faoi obair eile.

- Tá infheistíocht shuntasach de dhíth ar **Pháirceanna Náisiúnta** agus Anaclanna Dúlra, ar láithreáin ainmnithe eile agus ar an tuath i gcoitinne, chun láithreáin agus speicis a chosaint agus a athchóiriú, chun oibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh, chomh maith le deiseanna oideachais, áineasa agus turasóireachta a sholáthar.

- Ní mór don rialtas tosaíocht phráinneach a thabhairt **d'infheistíocht** sa dúlra. Baineann buntáistí iomadúla le hinfheistíocht sa nádúr, go háirithe maidir le hathrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, ach chomh maith chun sochaithe agus geilleagair inbhuanaithe a chinntiú. Faoi láthair, tá maoiniú do chosaint an chomhshaoil scaipthe ar fud go leor comhlachtaí rialtais náisiúnta agus áitiúil, agus bheadh sé ina ba chleachtas luachmhar é an caiteachas iomlán nó an leithdháileadh bliantúil i dtaca le bithéagsúlacht a chinneadh ar bhonn leanúnach. [Féach **Moladh** uimh. 20, Roinn 5]

### 4.3.5 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip

Bunaithe ar shonraí ó 2018-2020, tá an maoiniú do chaomhnú an dúlra in Éirinn i bhfad chun fána ar dhlínsí eile i Sasana, san Fhionlainn, sa tSualainn agus sa Danmhairg. Cé go bhfuil achar talún i bhfad níos mó ag an tSualainn agus ag an bhFionlainn (i dtéarmaí mais iomlán na talún agus limistéar na láithreán cosanta), leithdháileann an Danmhairg, arbh í an tír is lú, **ceithre huaire** níos mó maoinithe dá gníomhaireacht dúlra (Aguisín 4, Tábla 2 agus 3).

## 4.4 Soláthar Foirne

Tugann Cuid 4.4.1 thíos measúnú foriomlán ar na leibhéil foirne reatha laistigh den SPNF, agus tugann ranna 4.4.2 go 4.4.6 cur síos níos sonrach ar na príomhghrúpaí foirne agus ar na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

### 4.4.1 Soláthar Foirne reatha


Bhí **360** ball foirne fostaithe ag an NPWS (an líon iomlán daoine, lena n-áirítear lánaimseartha agus páirtaimseartha), ó mhí na Bealtaine 2021, roinnte ar Oifigí Bhaile Átha Cliath, Oifig Loch Garman, Oifigí Réigiúnacha, Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra (Tábla 4.6). Is é seo an líon foirne is airde le deich mbliana anuas ann. Áiríonn sé 122 ball foirne atá ainmnithe mar "gráid Thionsclaíoch" (féach Roinn 4.4.4) ach níl an fhoireann shealadach, a earcaítear ar bhonn séasúrach, san áireamh anseo. Is ionann foireann na NPWS agus **27%** de líon foirne an DHLGH, agus 84% den líon foirne sa Rannán Oidhreachta.

**Tábla 4.6 Foireann reatha an NPWS i ngach grád** (**Ó shonraí Acmhainní Daonna DHLGH**)

| Gráid SPNF | Líon Foirne (Aibreán 2021) |
|---|---|
| Príomhoifigeach* | 4 |
| Príomhoifigeach Cúnta agus coibhéisí P&T | 43 |
| Oifigeach Riaracháin agus coibhéisí P&T | 47 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 25 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin agus coibhéisí P&T | 93 |
| Oifigeach Cléireachais | 22 |
| Oifigeach Cléireachais Sealadach | 4 |
| Foireann Thionsclaíoch | 122 |
| **IOMLÁN** | **360** |

*Tabhair faoi deara: go bhfuil triúr do na Priomhoifigigh le dul ar scor in 2021.

Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na mball foirne de chuid an NPWS le déanaí (Fíor 4.7), tá roinnt bearnaí sa bhall foirne go fóill ann. Tá cleachtadh pleanála cuimsitheach curtha i dtoll a chéile ag Rannóg Oidhreachta an DHLGH, i gcomhairle le Seirbhísí Corparáideacha (AD), agus tá plean fórsa oibre acu atá athbhreithnithe agus uasghrádaithe chun an SPNF a chuimsiú [58, 59]. Áirítear leis sin buiséid thuarastail ar leith a fhorbairt chun tabhairt faoi earcaíocht láithreach do 2021, agus tús áite a thabhairt do cheapacháin agus clár 3 bliana chun an lucht saothair a bharrfheabhsú a chur i bhfeidhm, faoi réir dóthain maoinithe a bheith ar fáil. Tá an obair idir lámha, agus na scileanna éagsúla (m.sh. i dtaca le nuálaíocht, cumarsáid, idirbheartaíocht agus tionchair) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil amach anseo, á dtógáil san áireamh.




**Fíor 4.7 Líon na mball foirne san NPWS ar feadh na tréimhse 2007-2021 (Foinse: NPWS).**

Mar sin féin, feictear do bhaill foirne laistigh den SPNF nach leor iad acmhainní AD, rud a fhágann go bhfuil moill fhada ar earcaíocht. Tá folúntais le fada an lá ar fud an SPNF, i ngach réigiún agus in oifigí Bhaile Átha Cliath chomh maith. Níl tús fós le hathsholáthar Gr 3 san Agra-éiceolaíocht, cur i gcás, cé go bhfuil an post folamh anois ar feadh 9 mí, tá an aonad monatóireachta gan duine ná deoraí le os cionn 18 mí. Ba léir don fhoireann reatha go raibh:

> *"an iomarca spleáchais ar bhall foirne amháin ar mhaithe le haon ról. Nuair a bhíonn duine in easnamh breoite, ar scor as, imithe ar shaoire mháithreachais ní cheaptar duine eile (nó ceaptar go mall) ina n-ionad".*

Baineann dúshláin sna deich mbliana amach romhainn, ó thaobh airgeadais de (féach thíos) agus go príomha maidir le cailleadh saineolais agus 'cuimhne chorparáideach' de, de dheasca phróifíl na foirne san SPNF. Tugadh faoi deara go bhfuil 30.8% d'fhoireann reatha an SPNF i dteideal dul ar scor (ag aois 60) sna 5 bliana amach romhainn agus 46% den fhoireann i dteideal dul ar scor sna 10 mbliana atá romhainn. Is údar imní is ea é go bhfuil triúr den cheathrar PO atá ar seirbhís i dteideal dul ar scor in 2021. Cé go bhfuil an gnáthphatrún earcaíochta ag leibhéal na nOifigí Poiblí chun na folúntais a líonadh idir lámha, bhí roinnt imní ar an bhfoireann i dtaca le pleanáil chomharbais á cur in iúl. Chomh fada is gur cuid dhílis de Roinn Rialtais í an SPNF, caitear le pinsin tríd an Vóta Aoisliúntais lárnach agus níl aon chostais ar an Roinn ná ar an NPWS. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina dhúshlán suntasach, áfach, i gcás go n-athrófaí stádas an NPWS go múnla eile rialachais, i.e. múnla lena raibh a chostais phinsin féin le seasamh aige. Déantar measúnú sa bhreis ar seo sa mheasúnú ar roghanna rialachais sa todhchaí i roinn 5.2.

### 4.4.2 Foireann atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i Loch Garman

Tá oifigí an SPNF i Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath agus Loch Garman faoi dhá ghrúpa foirne chomhlántacha: baill foirne ar ghrád riaracháin a bhfuil raon saineolais acu (m.sh. airgeadais, eagraíochtúil, theicniúil, anailís bheartais, srl.) agus an fhoireann ar ghrád eolaíochta, a mbíonn fócas gairme de ghnáth acu i dtaca le dúlra agus leis an gcomhshaol. I measc na foirne atá lonnaithe in oifigí Bhaile Átha Cliath agus Loch Garman tá:

Gráid Riaracháin
- PO - Príomhoifigeach
- AP - Príomhoifigeach Cúnta
- HEO - Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- AO - Oifigeach Riaracháin
- EO - Oifigeach Feidhmiúcháin
- CO - Oifigeach Cléireachais

Gráid Eolaíochta- Cigirí Fiadhúlra
- Gr. I
- Gr. II
- Gr. III
- Bainisteoir GIS agus teicneoir GIS

Measúnú Éiceolaíochta
- Ceann aonaid ar EA (Cigire Fiadhúlra, Gr. I)
- Éiceolaithe Roinne (Cigirí Fiadhúlra, Gr. III)

Tháinig roinnt téamaí chun solais arís agus arís eile ag eascairt ó hagallaimh leis an **bhfoireann Riaracháin** ar fud na ngrád uile:

- Gurb iad an fhoireann riaracháin 'seomra innill' an SPNF, mar is fíor i dtaca le formhór eagraíochtaí na hearnála poiblí, agus comhlíonann siad raon leathan dualgas ar fud na Ranna, na nAonad agus na Rannán uile. Bhí díograis agus tiomantas na foirne seo feiceálach

le linn an athbhreithnithe, ach ba léir chomh maith go bhfuil go leor den fhoireann faoi **bhrú ualaigh oibre**, mar aon le córais TFC a bhí neamhleor i dtaca le go leor réimsí.
- Baineann **feasacht theoranta** le cé chomh fairsing is atá gníomhaíochtaí agus acmhainní an NPWS, rud atá treisithe ag tearc-infheistíocht i gcumarsáid inmheánach foirne. Is léir go cinnte ar fud na gcomhlachtaí Stáit, an luach a bhaineann le mionteagasc foirne, ardú feasachta faoi chroí-obair an chomhlachta agus tógáil foirne; mar sin féin, bhí tagairtí athfhillteacha sa SPNF (i measc foirne oifigí Bhaile Átha Cliath/Loch Garman agus an fhoireann réigiúnach araon) a raibh 'Sea, bhíodh cruinnithe foirne, Comhdháil bhliantúil srl. againn ach bhíomar ró-ghnóthach le haghaidh cruinnithe foirne', á tabhairt le fios acu. Ba chosúil gur patrún é seo a bhain le tréimhse i bhfad roimh na hathruithe ar chumarsáid foirne a tháinig chun cinn de bharr na cianoibre le linn na paindéime COVID-19 de chuid 2020/21.
- I dteannta an phointe thuasluaite, bhain easpa comhroinnte 'SPNF amháin' maidir le feasacht nó eitic ar obair thrasfhoirne.

Mothaíonn foireann an [28]**Aonaid Eolaíoch**, cosúil leis an bhfoireann bainistíochta réigiúnach (féach Mír 4.4.3), nach bhfuil dóthain acmhainní acu go hainsealach, go páirteach mar gheall ar ualaí méadaithe oibre mar thoradh ar Treorach um Ghnáthóga á cur i bhfeidhm, agus go páirteach de bharr fholúntais oscailte fadtéarmacha fanta gan líonadh. Tá roinnt gnáthóg agus speiceas faoi chosaint nach bhfuil faoi chúram aon fhoireann speisialta (lena n-áirítear fungais, léicin, turlaigh agus cosáin aolchloiche) ná líon foirne neamhleor nuair a chuirtear méid an limistéir san áireamh (m.sh. mara, 880,000 km cearnach - thart ar 10 n-uaire níos mó ná mórchríoch na tíre) nó leithead an ghrúpa tacsanomaíoch (m.sh. inveirteabraigh, atá >19,000 speiceas - tá thart ar 17 n-uaire níos mó inveirteabrach ná speiceas veirteabrach in Éirinn). Níl aon rochtain ar threalamh saotharlainne bunúsach, ná aon spás saotharlainne, ná aon fhoireann saotharlainne. Tá easpa cumais chun faisnéis bhunúsach a bhailiú ar ghnáthóga agus speicis mar thoradh air seo, agus chun brúnna caomhnaithe a aithint agus freagairt dóibh ar bhealach atá tráthúil agus cuí. Ina theannta sin, tuairiscíodh go raibh drochsheirbhísí ag baint le riachtanais oiliúna speisialtóireachta agus gairm-bhainteacha na foirne eolaíochta.

Tugadh easpa dul chun cinn/ardú céime le fios chomh maith ó chomhairliúchán leis an bhfoireann, a aithníodh mar ghnéith díspreagtha foirne agus a raibh tionchar diúltach aige ar mheanma. Tugadh le fios go bhfuil an chumarsáid i measc baill foirne san Aonad Eolaíoch feabhsaithe le blianta beaga anuas (lena n-áirítear le linn na paindéime COVID-19), le cruinnithe níos rialta ag leibhéal an Aonaid, ar fud ghrúpaí PO/Gr I/AP, agus foirne níos lú eile. Soláthraíonn an tAonad Eolaíoch fianaise eolaíoch chun tacú le tosaíochtaí caomhnaithe agus le hainmniú láithreáin; tugann sé faoi shuirbhéireacht, monatóireacht, tuairisciú, foilsiú; leagann sé amach spriocanna caomhantais (láithreáin, gnáthóga, speicis, beartas); cuireann sé comhairle ar fáil maidir le bearta caomhnaithe; tacaíonn sé le tionscadail taighde ábhartha; tacaíonn sé le beartas bithéagsúlachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a cheapadh; cuireann sé eolas ar fáil ar mhaithe le príomhshruthú an bheartais bhithéagsúlachta trí ghrúpaí déthaobhacha nó idir-rannacha; agus tacaíonn sé le Rannóga eile chun comhairle a sholáthar i dtaca le hiarratais phleanála/cheadúnaithe. Ina theannta sin, cuimsíonn a n-ualach oibre raon méadaitheach de thascanna riaracháin, ar nós

- Soláthar (féach thíos maidir leis an muinín forleathan ar chonarthaí Monatóireachta seachfhoinsithe),
- Cumarsáid agus nuashonrú ar an suíomh Gréasáin,
- Próiseas riaracháin a bhaineann le hainmniúcháin, cur chun feidhme beart caomhnaithe, idirchaidrimh le húinéirí talún,
- Iarratais ar Shaoráil Faisnéise (FOI) agus ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE), chun trédhearcacht don phobal agus do cháiníocóirí a chinntiú
- Tuairisciú a bhaineann leis an dúlra don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide,
- Comhlíonadh i dtaca le Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR)

agus timthriallta riaracháin ghinearálta/rialachais chorparáidigh/pleanála straitéisigh.

Tá cúnamh de dhíth chomh maith maidir le bainistíocht sonraí agus toilithe/ceadúnais, chun bearta caomhnaithe a sheachadadh, réimsí mór eile oibre. Ciallaíonn sé sin go mothaíonn baill foirne eolaíochta nach bhfuil an cumas iontu gach tasc a chur i gcrích chomh fada gur féidir leo, agus go rachadh tacaíocht riaracháin bhreise chun leasa dóibh.

De réir rialacháin DPER, earcaítear gach ball foirne ar an bpointe tosaigh de gach Ghrád. De dheasca seo, earcaítear go leor de fhoireann Grád 3 de chuid an NPWS ar thuarastail tosaigh nach léiríonn na scileanna agus an taithí atá ag teastáil le haghaidh na róil. Is cosúil go bhfuil neamhréir shuntasach idir na scileanna a mheastar a bheith 'riachtanach' agus 'inmhianaithe' i bhfógraí poist, agus na dualgais a éilíonn baill foirne ag na gráid sin, mar is amhlaidh le gráid Mhaor Caomhnaithe sna réigiúin (féach Mír 4.4.3),. Cé gur ar mhaithe le céimithe atá an grád earcaíochta, is gnách PhD a bheith ag baill foirne Grád 3 a earcaíodh le deich mbliana anuas[1]. Is minic gur saineolaithe náisiúnta iad foireann leibhéal iontrála an NPWS agus nuair a earcaítear iad, bíonn blianta fada de shaineispéireas ábhartha acu, agus bítear ag súil go gcuirfidh siad comhairle ar fáil i dtaca le ceisteanna lena bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo. Mothaíonn go leor den fhoireann eolaíoch nach bhfuil luach sách ard orthu, atá mar bhagairt ar chailliúint foirne luachmhara i bpoist ina mbraitheann siad go bhfuil aitheantas agus luach saothair níos cothroime agus níos oiriúnaí ag baint lena saineolais.

Baineann an phríomhfheidhm le saineolas eolaíoch a sholáthar leis an bhfoireann eolaíoch ar fad, agus tá freagrachtaí breise bainistíochta líne ag Gráid níos airde. Tá an tuiscint i measc na foirne go bhfuil difríocht shuntasach sa scála pá idir na Gráid, ach fós féin níor tugadh soiléiriú ar a gcuid achainí i dtaca le hidirdhealú idir na Gráid. I gcásanna áirithe, déantar foireann Grád 3 a bhainistiú ag foireann eolaíochta Ghrád 2 a bhfuil sainfhreagrachtaí agus eolas acu i ndisciplíní an-difriúla, 'tuairisciú tras-srutha' comónta sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

Tá deichniúr ball foirne ag an **Aonad Measúnaithe Éiceolaíochta**, agus bunaíodh é go sonrach chun plé le comhairliúchán reachtúil ar thograí forbartha, chun saineolas a sholáthar don bhainistíocht réigiúnach (m.sh. i dtaca le bainistíochta Pháirceanna Náisiúnta/Anaclann, cabhrú le pleananna bainistíochta maidir le taithí cuairteora, comhairle a thabhairt nuair atá damáiste ar láithreán mar thoradh ar shárú pleanála), smaointeoireacht straitéiseach do Phleanáil Mhuirí agus Pleananna Forbartha Contae, Fóram Náisiúnta um Measúnú Cuí a bhunú chun cabhrú le tabhairt faoi chumarsáid le comhlachtaí poiblí eile, cur le pleananna náisiúnta srl., agus treoir a sholáthar (m.sh. athbhreithniú ar threoir Mheasúnaithe Iomchuí, iarracht comhsheasmhacht a bhaint amach sna Gníomhaíochtaí ina dteastaíonn Toiliú srl.). Mar sin, ba cheart don Aonad seo feidhmiú go dlúth leis an bhfoireann Eolaíochta (Eolaíocht & Bithéagsúlacht) agus le foireann réigiúnach. Mar sin féin, ní fheidhmíonn caidreamh idir na Ranna/Stiúrthóirí go réidh, de dheasca an easpa ceannaireachta nó 'fóraim réitigh fadhbanna', easpa soiléireachta maidir le róil, easpa foirne agus cumarsáid uireasach,agus tá forluí agus coinbhleacht idir an fhoireann sna réimsí sin.

Tá moladh curtha chun cinn go gcuirfí **Rannóg Bearta Caomhnaithe** ar bun san NPWS (féach Roinn 4.3.2.3). Measann an fhoireann eolaíoch reatha go bhfuil sé sin riachtanach agus thar ama, agus beidh sé ina ghné thábhachtach agus criticiúil chun réitigh a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí chás na Cúirte Breithiúnais Eorpach de chuid an SAC. Tá faomhadh ceadaithe do PO nua chun teacht i gceannas ar an bhfoireann seo, a chuimseoidh Grád 3, 6 DCO nó a gcomhionann agus CO. Níor faomhadh foirne eile a bhí á lorg (AP agus Grád 1, Grád 2 agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), in 2021. Táthar ag súil go n-aistreofar codanna den Aonad Eolaíoch isteach sa Rannóg Bearta Caomhantais, lena n-áirítear na haonaid Agra-éiceolaíochta, Pleanála Caomhnaithe agus LIFE.

[1] Tabhair faoi deara – ní bhaineann an tsaincheist seo go heisiach leis an NPWS - tagann go leor daoine a bhfuil cáilíochtaí Máistreachta/PhD chun cinn i róil leibhéal iontrála ar fud na seirbhíse poiblí.

### 4.4.3 Foireann Réigiúnach

Déantar foireann réigiúnach a bhainistiú le ceithre **Bhainisteoir Rannáin** (DM), duine amháin in aghaidh na Rannóige (Iarthar, Oirthear, Deisceart agus Tuaisceart). Oibríonn beirt bhall foirne Grád 2 le DM an Iarthair. Tá gach Réigiún á bhainistiú ag **Bainisteoir Réigiúnach** (RM), agus tá beirt **Oifigeach Caomhantais Ceantair** (DCO), agus suas le seisear **Saoiste Caomhnaithe** (CR) aige.

Tá na baill foirne seo ag 'chun tosaigh' san SPNF ar an talamh, agus tá raon saineolais theicniúil acu.

Pléann an fhoireann Réigiúnach le raon ollmhór saincheisteanna, ar nós, forfheidhmiú na nAchtanna um Fhiadhúlra agus Threoracha Bithéagsúlachta an AE, cosaint speiceas agus rialáil gníomhaíochtaí seilge agus gníomhaíochtaí gaolmhara, sonrúcháin agus cosaint caomhnaithe, sainchláir um chaomhnú bithéagsúlachta (m.sh. clár athbhunú an Iolair Mhara Bhuí, cláir chaomhnaithe do choilíneachtaí éanlaithe mara a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint le hÉirinn ina leith), Iarratais ar Fhorbairt, iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE), iarratais um Shaoráil Faisnéise (FOI), sonrúcháin chaomhnaithe, forghníomhú reachtaíochta náisiúnta agus AE, agus bainistíocht a dhéanamh ar na Páirceanna Náisiúnta agus réadmhaoine Stáit eile, obair eolaíoch, agus rannpháirtíocht phoiblí. Ina theannta sin, tá sé de dhualgas ar an bhfoireann réigiúnach oiliúint a sholáthar (m.sh. oiliúint arm tine, oiliúint ionduchtaithe, meantóireacht srl.), agus mothaíonn siad nach bhfuil a dóthain ama chun cur lena n-oiliúna, ullmhú nó chun an oiliúint seo, a sheachadadh agus tabhairt faoi athbhreithniú ina leith chomh maith lena gcuid dualgas eile.

Tá na Páirceanna Náisiúnta á mbainistiú ag **Bainisteoirí Réigiúnacha** (RManna)**,** chomh maith lena bhfreagrachtaí maidir le gníomhaíochtaí NPWS a bhainistiú ag láithreáin iolracha, a chuimsíonn raon iomlán na bhfeidhmeanna reachtúla. Tuairiscítear go bhfuil teorainn leis an bhfoireann tacaíochta chun seirbhísí riaracháin a sholáthar (m.sh. maoiniú, ullmhú doiciméad tairisceana agus conartha etc.) do RManna, agus i gcásanna áirithe níl a leithid ann.

Chomh maith le bheith gann ar fhoireann tiomnaithe bainistíochta páirceanna, agus gan aon fhreagrachtaí lasmuigh de na páirceanna orthu, mar an gcéanna, níl aon fhoireann tiomnaithe eolaíochta nó éiceolaíochta sannta chun maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú caomhnaithe na láithreán seo.

Laistigh de shainchúram leathan na hoibre a dhéanann foireann réigiúnach, tá DManna agus RManna freagrach as faisnéis ar an talamh a sholáthar do chásobair a bhaineann le limistéir chosanta, agus as freagairtí na Roinne aratreoruithe reachtúla a údarú mar chuid den phleanáil agus de na córais ghaolmhara, agus ainm a chur le toiliú an Aire i dtaca le Gníomhaíochtaí a bhfuil Toiliú de dhíth orthu. Mar sin féin, braitear go mbaineann neamhréireacht le cinntí a dhéantar ó réigiún go réigiún toisc go n-oibríonn siad go neamhspleách ar a chéile. Tá treoir eisithe ag an bhfoireann Measúnaithe Éiceolaíochta (laistigh den aonad Reachtaíochta) chun comhsheasmhacht sa chur chuige a chinntiú nuair a thagann neamhréireachtaí dá leithéid chun cinn.

**Tá Oifigigh Chaomhantais Cheantair** (DCO) ceaptha i ngach Ceantar sa SPNF ó cuireadh tús leis tríocha bliain ó shin. Mar is amhlaidh le go leor den fhoireann réigiúnach, lena n-áirítear na Maoirseoirí Caomhnaithe (CRanna) (féach thíos), tugann na OCDanna faoi léar leathan tascanna agus meastar go mbeadh 'bandaleithead' sainscileanna acu. Áirítear orthu seo caomhnú, comhairle phleanála, forfheidhmiú, seirbhísí cuairteora, bainistíocht foirne lena n-áirítear CR agus foireann Tionsclaíoch agus léirítear iad san aiseolas ón bhfoireann thíos. Áirítear i measc na dtéamaí athfhillteacha i gcomhairle le foireann an DCO:

- [47]Tuiscint go raibh tionchar mholadh Grant Thornton ó 2010 maidir le *'moill agus athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr Bainistíochta Réigiúnach'* den chuid is mó le braith san ualach oibre méadaithe de chuid gráid DCO. Cuireadh béim air seo nuair nár cuireadh moladh comhthreomhar Grant Thornton i bhfeidhm maidir le hainmniú mar Bhainisteoirí Páirce i ngach ceann de na Páirceanna Náisiúnta.

- Easpa treorach ón mbainistíocht shinsearach agus tuiscint go raibh dínascadh ón gcuid eile den SPNF. Déantar é seo a phlé tuilleadh i Roinn 4.4.2 thíos.

Thug baill an ghrúpa DCO le fios:

> *"Déarfainn go gcaithim ar a laghad 80% de mo chuid ama, b'fhéidir níos mó sa Pháirc, ach tá maoirseoirí agus suíomhanna taobh amuigh agam freisin. Tá sé chomh héagsúil agus tá easpa treorach ón mbarr. Oibríonn gach Ceantar, gach Réigiún ar bhealach difriúil agus níl aon chomhsheasmhacht ar fud na tíre; rud a fhágann go bhfuil ár ról i bhfad níos deacra."*
>
> *"Níl a fhios agam cad é mo ról a thuilleadh, i dtaca leis an DCO. Go bunúsach is bainisteoir páirce mé ó lá go lá, is réadmhaoin mhór í le 80 ciliméadar de bhóithre, foirgnimh stairiúla… agus gníomhaíochtaí tráchtála eile."*
>
> *"I mo ról mar Oifigeach Caomhantais Ceantair, níor mhór duit a bheith i do hidreolaí, i do bhitheolaí, míoleolaí, i d'ionadaí foirne, i seirbhís custaiméara le baill den phobal, i do shaineolaí ar réiteach coinbhleachta agus tá na rialacháin um Ghnáthóga, cásanna Alt 40 agus saincheisteanna forfheidhmithe eile againn."*

[Féach **Moladh** uimh. 7 agus 17, Roinn 5]

Táthar ag súil go mbeadh sraith scileanna an-leathan ag **Maoirseoirí Caomhnaithe** (CRanna) den ghrád iontrála (féach Tábla 4.7), a chuimseoidh bainistíocht talún agus oibríochtaí páirce, maoirsiú oibreacha, suirbhéireacht éiceolaíoch, cumarsáid, rannpháirtíocht agus oideachas poiblí, scríobh tuarascálacha, anailís sonraí, agus tuiscint ar reachtaíocht fiadhúlra. Táthar ag súil chomh maith go n-oibreodh CRanna as a stuaim féin, go mbeadh siad solúbtha agus go n-oiriúnódh siad d'athruithe. Tá cáilíocht tríú leibhéal ag formhór na CRanna, agus tá iarchéimeanna ag líon suntasach díobh. Mar sin féin, tá CR i measc na mball foirne gairmiúla/teicniúla leis an bpá is ísle sa Státseirbhís, agus an scála pá ag beagán chun fána ar Oifigeach Cléireachais (le pá tosaigh níos ísle). Mar sin is minic a bhíonn CRanna faoi bhrú airgeadais agus ag mothú nach bhfuil luach orthu. Tá róil chosúla forbartha ag eagraíochtaí rialtais a bhfuil sainchúraimí inchomparáide acu mar phoist ghairmiúla/theicniúla speisialaithe, lena n-áirítear Cigirí Talmhaíochta, Cigirí Seirbhíse Foraoiseachta agus Oifigigh Iascaigh.

Tá sé aitheanta le fada laistigh agus lasmuigh den NPWS go bhfuil níos mó foirne CR de dhíth orthu. Is é **72**, an líon reatha "údaraithe" de phoist CR i DHLGH, ach tá roinnt folúntas ann (mar gheall ar ardú céime, dul ar scor srl.). Go déanach in 2020, d'fhógair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comórtas earcaíochta do CR. Tá an próiseas ag ardchéim faoi láthair agus tá agallaimh ar iarrthóirí ar siúl. Ba é an rún bunaidh ná go dtarraingeofaí anuas 20+ post (lena n-áirítear aislíonadh na bhfolúntas) ón bpainéal agus, bunaithe ar fholúntais agus ar arduithe céime a bhí ann/a rabhthas ag súil leo, bheadh cohórt de timpeall **84** CR go náisiúnta dá bharr. De dheasca le bunú an Aonaid Choireachta Fiadhúlra bhí fonn acmhainní CR a mhéadú níos mó ná 84, le gurbh fhéidir níos mó béime a chur ar ghníomhaíocht forfheidhmithe.

Cinneadh gur cheart earcaíocht CRanna a bhrostú agus a leathnú tar éis dóiteán ó Aibreán 2021 i bPáirc Náisiúnta Chill Airne, agus an cohórt a mhéadú go 50 earcach nua (gan aislíonadh na bhfolúntas reatha/ionchais a eascraíonn as ardú céime, dul ar scor srl. san áireamh). Go bunúsach, bheadh cohórt CR de ~**120** post ar fud na tíre mar thoradh ar an leibhéal earcaíochta seo. Cé go gcuirtear fáilte mhór roimh an méadú seo ar CRanna, bheadh gá le poist bhreise de bhainisteoirí líne/DCO chomh maith le maoiniú sa bhreis ar mhaithe le feithiclí, trealamh agus oiliúint foirne. Féach **Moladh** uimh 14.

**Tábla 4.7 Príomhdhualgais an Mhaoirseora Caomhantais, de réir cur síos i dtaca le post earcaíochta 2020**

- Cabhrú le bainistiú NPanna, NRanna agus tailte stáit eile chun ar mhaithe le caomhnú an dúlra agus le feidhmiú taitneamhachta phoiblí
- bainistiú agus maoirsiú ar rochtain agus úsáid phoiblí i bPNanna, in N-anna agus i dtailte stáit eile
- maoirsiú oibreacha, lena n-áirítear conarthaí
- monatóireacht a dhéanamh ar ghnáthóga, speicis agus limistéir chaomhantais ainmnithe
- Idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí talún agus le leasanna pobail áitiúla i dtaca le cúrsaí caomhnaithe dúlra
- rannpháirtíocht i suirbhéanna ar ghnáthóga agus fiadhúlra
- eolas ar chaomhnú an dúlra a chur chun cinn lena n-áirítear turais allamuigh agus cainteanna laistigh agus lasmuigh a eagrú agus a bheith rannpháirteach iontu
- Cabhrú le measúnú iarratas forbartha agus saincheisteanna ceadúnaithe fiadhúlra
- Maoirseacht, cur i bhfeidhm, comhlíonadh agus forfheidhmiú na nAchtanna um Fhiadhúlra, CITES agus na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga
- Aon dualgais eile a shannfaidh an Roinn ó am go ham de réir mar is cuí don phost.

Feictear go bhfuil ganntanas mór foirne **Oibrithe Ginearálta** lánaimseartha ar fud na Réigiúin, agus baineann sé seo an bonn de chumas na Bainistíochta Réigiúnaí spriocanna agus obair chothabhála a bhaint amach ag láithreáin faoi úinéireacht an stáit a bhainistítear ar mhaithe le húsáid áineasa.

### Idirghníomhú idir foireann réigiúnach agus foireann an Aonaid um Measúnú Éiceolaíochta:

De bharr athruithe suntasacha agus castacht mhéadaithe reachtaíochta náisiúnta agus de chuid an AE, a léirmhínithe agus a cur i bhfeidhm, tá, dar le geallsealbhóir amháin, *"orduithe méide i méid na hoibre"* bainteach le measúnuithe ar láithreáin chosanta (i.e. scrúdú ar thionchair ionchasacha ar láithreáin chosanta de bharr gníomhaíochtaí nó forbairtí laistigh nó lasmuigh de na láithreáin seo).

Ar an ábhar sin, bunaíodh an tAonad Measúnaithe Éiceolaíochta, le dhá **Éiceolaí Roinne** (DE) i ngach ceann de na Réigiúin, agus beirt chomh maith le ceann an Aonaid in oifig Shráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath. Cé go dtuairiscíonn RO do Phríomhoifigigh éagsúla don fhoireann Réigiúnach (RO chuig an *Stiúrthóireacht Reachtaíochta agus Ceadúnaithe*, agus DM/RManna chuig an *Stiúrthóireacht Straitéise, Oibríochtaí Réigiúnacha agus Bainistíochta Réadmhaoine*), oibríonn RO go dlúth leis an Aonad Eolaíoch agus leis an mBainistíocht Réigiúnach i bhformhór na Rannán. Féach **Moladh** uimh. 7, Roinn 5].

## 4.4.4 Foireann "thionsclaíoch"

Is 'gráid thionsclaíocha neamhbhunaithe' iad na baill foirne seo, agus lena n-áirítear, Oibrithe Ginearálta, Oibrithe trádstórála, Oibrithe Ceardaíochta, Garraíodóirí agus Treoraithe/Oifigigh Oideachais (Aguisín 7).

Tugann na baill foirne seo, a bhfuil oideachas tríú leibhéal ag timpeall leath acu, faoi dhualgais éagsúla ar fud an NPWS, ach ní thugtar na deiseanna céanna dóibh a thugtar dá gcomhghleacaithe laistigh de ghráid bhunaithe (m.sh. cuirtear as an áireamh iad maidir le comórtais inmheánacha laistigh den SPNF. Níl go leor acu buan, ach fostaithe go séasúrach (lena n-áirítear níos mó ná leath de na Treoraithe), agus go leor acu sin ag filleadh ar an eagraíocht gach bliain. Mar sin féin, ciallaíonn easpa slándála poist go bhfuil ráta athraithe ard ann, ag cur le baol cailliúint tallainne, eolais agus taithí. Tugadh roinnt saincheisteanna faoi deara i staidéar a rinne an Líonra Foirne Tionscail le déanaí:

- Easpa trédhearcachta sa phróiseas earcaíochta, bacainní ar iarratas a dhéanamh ar phoist níos sinsearaí, strus agus deacracht le pleananna fadtéarmacha a chur i bhfeidhm.
- Ní mhothaíonn baill foirne neamhbhunaithe an luach céanna lena gcomhghleacaithe i ngráid bhunaithe, go háirithe treoraithe agus oibrithe trádstórála, agus mothaíonn siad nach bhfuil aon deiseanna ann chun dul chun cinn gairme a bhaint amach. Tagann sé seo salach ar an gcreat reatha d'fhorbairt agus do nuálaíocht sheirbhís phoiblí na hÉireann[60].
- Ganntanas foirne as a n-eascraíonn meanma íseal, cailleadh scileanna, laghdú ar cháilíocht na hoibre, easpa athléimneachta agus damáiste do bhranda.
- Ciallaíonn patrún earcaíochta séasúrach go bhfuil easpa slándála maidir le poist, éiginnteacht, strus, imní agus buairt airgeadais don fhoireann, agus neamhéifeachtúlacht a bhaineann le hathfhostú don SPNF.

Tugadh le fios nach bhfuil an fhreagracht maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, a bhaineann le coinníollacha a rialaíonn fostú foirne tionscail i gcoibhneas le gráid bhunaithe, ag brath ar an SPNF ná ar an DHLGH, mar is ceist don DPER í ar an gcéad dul síos.

Féach Roinn 4.5.1 maidir le hOideachas thíos agus **Moltaí** uimh. 12 agus 13, Roinn 5.

### 4.4.5 Conraitheoirí

Líontar bearnaí sa soláthar foirne go sealadach le conraitheoirí. Áirítear orthu seo iad siúd atá ag obair ar thionscadail LIFE agus foireann faireacháin sheachfhoinsithe agus bainisteoirí sonraí. De dheasca an ama a chaitear le soláthar, baineann mí-éifeachtacht le saothrú conraitheoirí agus tá baol ann go gcaillfear acmhainn agus leanúnachas, chomh maith le bac a chur le pleanáil fhadtéarmach. Tuairiscíodh, cur i gcás, gur fadhb shuntasach é a bheith spleách ar chonraitheoirí ESRI chun tabhairt faoi obair bhainistíochta sonraí éiceolaíochta lárnach.

### 4.4.6 Saincheisteanna soláthar foirne a sainaithníodh

- **Ceann de na gnéithe den NPWS is mó a bhfuil ardmholadh ag dul dóibh ná a fhoireann oibre.** Tá an t-ádh ar an NPWS go bhfuil foireann atá eolach, oilte, ard-spreagtha, paiseanta ar fud fad na réimsí agus na ngrád uile. Mar a thug geallsealbhóirí le fios le linn an chomhairliúcháin:

  *"Tá baill foirne na Seirbhíse tiomanta dá ról, is príomhghné é seo ar fud na tíre, is breá leis an bhfoireann a gcuid oibre agus déanann siad a ndícheall cinntiú go gcuirtear tailte faoi úinéireacht stáit ar taispeáint agus go bhfuil an bhithéagsúlacht á cosaint."*

  *"Táimid i dteagmháil leis an NPWS le blianta anuas; thugamar faoi deara gur iontacha i gcónaí lucht an SPNF, tá daoine iontacha agus díograiseacha ag an SPNF, a fheidhmíonn chun breise ar a ndualgas don dúlra; agus eolaithe maithe chomh maith. Oibríonn ár gcomhghleacaithe san earnáil Bhithéagsúlachta lena n-eolaithe agus bheadh an-mheas acu orthu."*

- Tagraítear don dearcadh, go rialta le linn comhairliúcháin leis an bhfoireann, go bhfuil **trí "fhochultúr" ar leith** tar éis teacht chun cinn laistigh den SPNF: 1. an fhoireann riaracháin (atá in ann go teoiriciúil bogadh go réimsí éagsúla idir Ranna nó níos minice laistigh de na Ranna); 2. na speisialtóirí teicniúla agus na heolaithe (nach réitíonn i gcónaí leis an bhfoireann réigiúnach); agus 3. an fhoireann réigiúnach (a mhothaíonn go minic nach bhfuil baint acu le gnéithe den obair eolaíoch nó chorparáideach a dhéantar i mBaile Átha Cliath/Loch Garman). Léiríonn an baill foirne réigiúnacha an-dílseacht do na réimsí atá á mbainistiú acu, ach mothaíonn siad **nach bhfuil baint** acu le codanna eile den SPNF. Tríd is tríd, tá an tuiscint ann nach bhfuil an fhoireann ar fud an NPWS ag feidhmiú go héifeachtach

mar fhoireann – tá teorainn le an nós, oibriú as lámha a chéile ar mhaithe le comhsprioc, agus baineann easpa tuisceana le róil agus dúshláin na foirne i réimsí eile den SPNF.

- Tá **ganntanas ainsealach foirne** ar fud an SPNFuile, agus tá go leor folúntas/post 'faofa' nár líonadh (uaireanta ar feadh mhaith blianta). Mar a tugadh le fios thuas, tá sainchúram ró-leathan ag go leor ball foirne atá ansin cheana féin, rud a chiallaíonn go bhfuil an iomarca róil idir lámha acu agus nach bhfuil dóthain acmhainne ann ar mhaithe le speisialtóireacht fheidhmiúil. Fostaítear conraitheoirí agus foireann shéasúrach go rialta, roinnt acu arís agus arís eile ar feadh blianta fhada, nuair a bheadh foireann dhaingean, fhadtéarmach níos éifeachtaí. Cé go bhfuil an fhoireann tiomnaithe, ag feidhmiú ag lánacmhainneacht, nó ag dul níos faide ná sin, ní straitéis fhadtéarmach í ar mhaithe le heagraíocht éifeachtach. Mothaíonn go leor go gcaitheann siad a gcuid ama 'ag troid tinte', 'ag streachadh gan stad', agus nach bhfuil aon chumas ar mhaithe le straitéis agus atheagrú fadtéarmach. Tá meath tagtha ar **mheanma** na foirne dá bharr, agus mothaíonn an SPNF mar eagraíocht go bhfuil faillí nó mí-úsáid á dhéanamh air ag an gcóras ina bhfeidhmíonn sé. Baineann tuirse agus fonn ar athrú atá teoranta le réimsí áirithe.

- Comhlíonann an NPWS, mar chomh-rannán de Roinn Rialtais, na rialacha ábhartha DPER maidir le soláthar foirne. Éilíonn DPER, cur i gcás, go ginearálta go mbeadh earcaíocht ar phointe tosaigh ar mhaithe le haon ghrád, rud a d'fhéadfadh cur le fadhbanna earcaíochta (nuair a bhíonn an NPWS ag earcú baill foirne a bhfuil go leor taithí acu ar mhaithe le róil tosaigh le rátaí pá níos ísle), agus le bealaí gairme (creideann an fhoireann go gcaithfidh siad an NPWS a fhágáil chun an t-aitheantas/ardú céime atá tuillte acu a bhaint amach). Cé gur gné mhéadaitheach den earnáil phoiblí agus den earnáil phríobháideach í an tsoghluaisteacht, d'fhéadfadh go mbeadh bearna scileanna ina thoradh ar struchtúir ghrádaithe an NPWS sa todhchaí, agus bheadh cailliúint foirne ardcháilithe go fo-stáit/tionscal le pá agus coinníollacha atá níos fearr. Ina theannta sin, níl aon rochtain ag an **bhfoireann thionsclaíoch neamhbhunaithe** ar arduithe céime inmheánacha agus níl siad comhtháite go hiomlán laistigh de na struchtúir Réigiúnacha.

- Tá **déimeagrafach aosaithe** ag an NPWS, agus tá an baol ann go gcaillfear suas le trian dá fhoireann, iad dul ar scor sna 5 bliana atá amach romhainn. Baineann baol chailliúint scileanna, saineolas agus cuimhne chorparáideach le cailliúint foirne sinsearacha agus is féidir le strus agus éiginnteacht teacht chun cinn i measc foirne atá fágtha in aon eagraíocht agus ní mór é a bhainistiú agus a chur in iúl go cuí don fhoireann atá fágtha agus is deis í seo don NPWS tabhairt faoi athstruchtúraithe.

- Baineann **easpa soiléireachta le róil agus le freagrachtaí** agus tá easpa cumarsáide go hingearach agus go cothrománach i measc na foirne.

- Tá bearna scileanna agus acmhainne i dtaca le tábhacht agus caomhnú an dúlra **a chur in iúl** (leis an bpobal, le comhlachtaí rialtais eile, le hearnálacha tionsclaíochta) agus i dtaca le straitéisí caomhnaithe ar an talamh a chur i bhfeidhm. Thug páirtí leasmhar amháin le fios go *"Múineann an phraiseach maidir le baint mhóna dúinn go bhfuil straitéis rannpháirtíochta agus cumarsáide poiblí atá feabhsaithe go mór, agus straitéis mheán cumarsáide agus sóisialta atá lúfar de dhíth ar an NPWS."*

  D'éirigh le geall le hearcú eolaithe sóisialta, síceolaithe agus antraipeolaithe in áiteanna eile (m.sh. Seirbhís Foraoiseachta na SA) agus d'fhéadfaí é a bhreithniú, a luaithe is a thugtar aghaidh ar easnaimh fhoirne lárnacha.

  [Féach **Moltaí** uimh. 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 17, agus 22, Roinn 5]

### 4.4.7 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip

Tá an líon is ísle daoine fostaithe ag an NPWS i gcomparáid le comhlachtaí i Sasana, sa Danmhairg, san Fhionlainn agus sa tSualainn. Níl ach 80 ball foirne sa bhreis ag an bhFionlainn, ce go bhfuil freagrachtaí i leith beagnach cúig oiread níos mó achar de láithreáin chosanta, agus tá níos mó ná sé huaire níos mó foirne ag Sasana. Baineann sainchúram rud beag níos leithne le Sasana Nádúrtha, ag cuimsiú taighde, ach fós féin bainerann difríocht shuntasach le líon iomlán na foirne. Áiríonn sainchúraimí na Danmhairge agus na Sualainne taighde chomh maith, agus tá tuairim is dhá oiread d'fhoireann an SPNF ag an dá cheann, ainneoin limistéir níos lú de láithreáin chosanta a bheith sa Danmhairg.

Mar atá leagtha amach i roinn 4.4.1 thuas, tugann an tagarmharcáil idirnáisiúnta a rinneadh don athbhreithniú seo chomh maith le hathbhreithniú Grant Thornton in 2010 le fios go raibh tearcfhoirne seasta ag an SPNF, i gcoibhneas lena mandáid agus i gcomparáid le piar-eagraíochtaí ar fud an AE.

## 4.5 Oideachas agus Rannpháirtíocht

Ar cheann de róil an SPNF tá feasacht ar shaincheisteanna oidhreachta nádúrtha agus bithéagsúlachta a chur chun cinn le hoideachas, for-rochtain ar scoileanna agus dul chun dteagmhála le páirtithe leasmhara. Sa DHLGH, tacaíonn an Rannóg Tacaíochta Corparáideach agus Gnó le cumarsáid. Sa SPNF, tá freagrachtaí i leith Oideachais agus Bheartas Oideachais, i measc raon leathan freagrachtaí eile ar an PO don *Rannóg Eolaíochta agus Bithéagsúlachta*. Mar sin féin, cé go bhfuil sár-obair á déanamh ag foireann na dTreoraithe réigiúnacha (féach thíos) agus ag foirne tionscadail leanúnacha LIFE, agus ag roinnt tionscnamh oideachais le comhlachtaí Rialtais eile (féach thíos) i dtaca le rannpháirtíocht an phobail, ní bhaineann oideachas le laistigh de róil phróifíl an PO nó le línte tuairiscithe na Rannóige Eolaíochta agus Bithéagsúlachta. I bhfianaise na tábhachta le feasacht a chur chun cinn, d'fhéadfadh an NPWS leas a bhaint as foireann Bainistíochta atá tiomnaithe go huile agus go hiomlán chun a chláir chumarsáide, oideachais agus rannpháirtíochta poiblí, a chomhordú ina iomlán.

### 4.5.1 Oideachas

Tá seirbhísí oideachais an SPNF dírithe ar réadmhaoin an SPNF, na Páirceanna Náisiúnta agus cuid de na hAnaclann Dúlra. Tá 46 ball foirne liostaithe mar "Treoraithe" laistigh den SPNF, a chuireann ionadaíocht ar fáil thar ceann an SPNF, ag bualadh le cuairteoirí i bPáirceanna agus Anclanna agus in áiteanna eile. Feidhmíonn siad ó dheich **Ionad Oideachais,** atá lonnaithe i bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra ar fud na tíre, i bhformhór Réigiúin SPNF. Mar sin féin, tá dhá cheann as an deich gcinn sin dúnta le roinnt blianta anuas, tá trí i muinín fhoireann shealadach agus ní sholáthraíonn siad ach seirbhís shéasúrach theoranta, agus tá cúig cinn a bhfuil foireann bhuan acu, oscailte ar feadh na bliana. Tá réimse de chláir scoile deartha, a athraíonn ó ionad go hionad agus ó shéasúr go séasúr. Bíonn an fhoireann oideachais bainteach chomh maith le raon leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí go háitiúil agus go réigiúnach lena n-áirítear cláir for-rochtana scoileanna, siúlóidí agus cainteanna poiblí, laethanta teaghlaigh, taispeántais agus laethanta oscailte. Go náisiúnta, feidhmíonn an fhoireann oideachais i dteannta chomhlachtaí Rialtais eile, lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, agus na hÚdaráis Áitiúla, ag tacú le himeachtaí mar an tSeachtain Oidhreachta, Lá Náisiúnta na Bithéagsúlachta, Seachtain na gCrann, Taispeántas na nEolaithe Óga agus Seachtain na hEolaíochta. Ina theannta sin, oibríonn an fhoireann oideachais go dlúth le pobail áitiúla, le grúpaí sainspéise agus le daoine aonair ón bpobal.

I mí na Bealtaine 2021, chuir Foghrúpa Oideachais Líonra Foirne Thionsclaíoch an SPNF **"Fís maidir le hOideachas agus Rannpháirtíocht san SPNF chun athrú dearfach a chur i bhfeidhm"** (**Tuarascáil Fhorlíontach 5**) i dtoll a chéile, chomh maith le físeán ar chumas Oideachais Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann. Thug an aighneacht le fios an fonn a bheadh leis an SPNF a bheith mar "spriocúdarás" i dtaca le saincheisteanna atá bainteach leis an dúlra in Éirinn, le bealaí nua-aimseartha, fuinniúla

le tabhairt faoi chumarsáid leis an bpobal, agus a bheith rannpháirteach go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud an domhain. Tá moladh ann chomh maith ar mhaithe le *"Aonad Foghlama agus Rannpháirtíochta"* tiomnaithe laistigh den eagraíocht, a d'fheidhmeodh mar ardán chun an pobal a chur ar an eolas faoi obair chaomhnaithe an dúlra atá curtha i dtoll a chéile ag an SPNF, faoi cheannasaíocht bainisteora (Stiúrthóir), i dteannta foirne sna réigiúin. Thug an Fhís le fios chomh maith gur cheart aitheantas agus luach ceart a thabhairt d'obair na foirne oideachais agus treoraithe, agus chomh maith iad a leathnú chun freastal ar spéis agus éileamh atá méadaithe. Cuireadh roinnt moltaí maidir le cláir oideachais, deiseanna foghlama praiticiúla, feachtais fheasachta, intéirneachtaí agus scoláireachtaí, cúrsaí múinte, tionscadail taighde, comhdhálacha agus seimineáir, agus deiseanna chun labhairt ag imeachtaí, chun cinn.

[Féach **Moladh** uimh. 13, Roinn 5]

### 4.5.2 Turasóireacht

In 2016, choimisiúnaigh an SPNF, chomh maith le ceithre chomhlacht stáit eile (Bord na Móna, Coillte, Iascach Intíre Éireann, agus Uiscebhealaí Éireann) staidéar trasghníomhaireachta chun cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le bainistiú áineasa agus straitéis aontaithe chun soláthar áiseanna agus seirbhísí áineasa allamuigh ar thalamh agus ar uiscebhealaí faoi úinéireacht phoiblí, a fhorbairt. Foilsíodh tuarascáil in 2017 (**Plean Caitheamh Aimsire Allamuigh do Thailte agus Uiscí Poiblí in Éirinn,** 2017-2021) chun *"réabhlóid a chuir faoi sholáthar saoráidí agus seirbhísí áineasa faoin aer ar thalamh agus uiscebhealaí faoi úinéireacht phoiblí le linn na cúig bliana atá amach romhainn."* [61]. D'éiligh an Plean infheistíocht de **€165 milliún** thar 5 bliana chun sócmhainní caitheamh aimsire ar thailte poiblí a bhainistiú, a chothabháil, a uasghrádú agus a leathnú. Ba é an réasúnaíocht le haghaidh infheistíochta ná fáltas eacnamaíoch (ioncam ó chuairteoirí agus earraí agus seirbhísí atá de dhíth ar oibreacha tógála araon), jabchruthúchán, sláinte agus folláine phoiblí, turasóireacht, caomhnú agus líonra comhtháite áiseanna a fhorbairt.

In 2018, d'fhorbair an NPWS agus Fáilte Éireann **"Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta do Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann agus Anaclann Dúlra Pháirc an Chúil"** (TIMP, féach chomh maith Roinn 4.2.2 agus 4.3.2.7). Leag an Plean suntasach seo creat amach chun eispéiris feabhsaithe i dtaca le hionad cuairteora a fhorbairt agus chun áiseanna do chuairteoirí a fheabhsú ag na Páirceanna Náisiúnta agus na hÁiseanna Anclanna, arna gcomh-mhaoiniú ag an Roinn (Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an am) agus ag Fáilte Éireann. Áiríodh sa Phlean:

- Na scéalta speisialta agus uathúla a bhaineann le gach Páirc Náisiúnta agus Anaclann Dúlra a ghabháil agus iad a thabhairt chun beochta do chuairteoirí
- Luach comhchoiteann na bPáirceanna Náisiúnta a uasmhéadú go háirithe iad siúd ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, mar a bhfuil cúig cinn de na sé pháirc suite, agus a gcuid mealltachta cuairteoirí a mhéadú.
- Dea-chleachtas idirnáisiúnta a úsáid chun eispéireas an chuairteora in Ionaid Chuairteoirí na bPáirceanna Náisiúnta a fheabhsú.

Tagraíonn an TIMP go minic do luach oideachasúil na bPáirceanna Náisiúnta, agus leagann béim ar shaincheisteanna agus deiseanna ar mhaithe leis an SPNF. Áirítear orthu seo, an poitéinseal sainchúram a leathnú chun feidhmiú le scoileanna agus institiúidí tríú leibhéal; nascadh le pobail, fiontair, scoileanna agus taighdeoirí; agus chun foghlaim ghníomhach, agus feasacht ar ról na bPáirceanna i gcaomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn. Mar sin féin, leagtar béim arís agus arís eile ar acmhainní teoranta agus ar sholáthar foirne mar rudaí a chuirfeadh srian leis an bpoitéinseal seo. Mheas an TIMP go coimeádach go dteastódh **341** ball foirne coibhéiseach lánaimseartha ó na sé Pháirc Náisiúnta agus Anaclann Dúlra Pháirc an Chúil chun an raon iomlán freagrachtaí agus seirbhísiú cuairteora atá sa Phlean a bhainistiú. Éilíonn ról an Treoraí Cuairteora saineolach go háirithe, dúbailt ar FTEanna go **90.5** chun beannacht an chuairteora, na heiliminti treorach agus léirmhínithe den TIMP a sheachadadh.

Mar atá leagtha amach i gcuid 4.2.2, tá tionscadal athbhrandála idir lámha faoi láthair ar mhaithe leis na Páirceanna Náisiúnta, ar cheart dó cur le heispéireas an chuairteora.

D'fhéadfadh coinbhleachtaí teacht chun cinn idir caomhnú agus athchóiriú an dúlra, agus taitneamh an pobail dó a éascú. Creideann roinnt páirtithe leasmhara gur gá don SPNF díriú ar an gcéad cheann, cur i gcás, thug ball den phobal a chuidigh leis an suirbhé ar líne, le fios

> *"Is dóigh liom go bhfuil an SPNF faoi bhrú chun seirbhísí a sholáthar a bheadh tarraingteach don turasóireacht. Tá gníomhaireachtaí eile ann chuige sin. Ní mór don SPNF díriú ar an dúlra."*

### 4.5.3 Caidrimh phoiblí agus láithreacht sna meán

Níl féiniúlacht láidir ag an NPWS laistigh nó lasmuigh de na Páirceanna Náisiúnta, nó mar thacadóir náisiúnta ar son an dúlra. Go deimhin, is minic a bhreathnaítear air i mbealaí níos diúltaí, mar bhac ar dhul chun cinn agus sonrúcháin agus oibleagáidí reachtacha eile a fhorghníomhú aige.

Is é Dúil sa Dúlra clár feasachta poiblí bhithéagsúlachta oifigiúil na hÉireann, agus faisnéis ar áiteanna le cuairt a thabhairt orthu, acmhainní oideachais agus imeachtaí ar fud na tíre, a sholáthar aige. Níl an suíomh gréasáin, noticenature.ie, an-ghníomhach, áfach (tá na postálacha Nuacht & Imeachtaí is déanaí ó mhí an Mheithimh 2018 agus Lúnasa 2016), agus níl ach 737 leantóir ag an rialtán Twitter gaolmhar (a bunaíodh i mí Aibreáin 2020). Mar sin, is cosúil nach dtugtar mórán suntais don fheachtas '**Dúil sa Dúlra'.**

Rinne an **Chéad Chomhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta** a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath in 2019, le 500 rannpháirtí pearsanta agus níos mó ag glacadh páirte le sruthú beo, ceann amháin dá trí théama a thiomnú do 'Rannpháirtíocht', agus an dá cheann eile 'Infheistíocht a dhéanamh sa dúlra' agus 'Pleanáil a thiomnú don todhchaí'. Ba léir ón gComhdháil go bhfuil pobal ollmhór gníomhach in Éirinn. Mar sin féin, ceann de na conclúidí a d'eascair ón gComhdháil ná go raibh maoiniú le haghaidh rannpháirtíochta de dhíth, agus go raibh gá le gach a bhí idir lámha 'ar an talamh' a aistriú go dtí an barr. Bhí an tuiscint chun tosaigh ná *'chun daoine a mhealladh, ní mór duit ceangal a dhéanamh leis na rudaí a théann i bhfeidhm go díreach orthu '* [62]. Ar cheann de na 'Síolta don dúlra' ón gcruinniú seo bhí gealltanas na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta "*Feachtas Cumarsáide a Reáchtáil chun saoránaigh na hÉireann a spreagadh agus a ghríosadh le dul i mbun gnímh ar son an dúlra*" [63]. Ar an drochuair, níl aon dul chun cinn soiléir déanta i dtaca leis seo go dtí seo.

Léiríonn an fhreagairt ar an suirbhé geallsealbhóra mar chuid den athbhreithniú seo (~3,000 freagra, beagnach 60% díobh a bhí mar bhaill den phobal, féach **Tuarascáil Fhorlíontach 2**) go bhfuil feasacht agus rannpháirtíocht láidir leis an dúlra ar fud earnálacha éagsúla agus ar fud an phobail. Maidir le cumarsáid, oideachas, agus múscailt feasachta don dúlra ag an SPNF, ba iad na mothúcháin dhearfacha ba mhinice ná cumarsáid le cuairteoirí páirce, agus mar fhreagra ar cheisteanna sonracha. Mar sin féin, bhí níos lú ná 40% de na freagróirí dearfach faoi fheidhmíocht an SPNF, ar an iomlán. Ina theannta sin, cheap níos lú ná 20% de na freagróirí go raibh an SPNF i mbun rannpháirtíochta éifeachtachta leis an bpobal faoin tuath i gcoitinne, le gnólachtaí agus leis an

bpobal feirmeoireachta, agus bhí níos lú ná 25% dearfach faoi rannpháirtíocht le páistí scoile. Ina theannta sin, bhraith na freagróirí go ginearálta **nach raibh an SPNF ina ghuth láidir go leor ar son an dúlra**, ag gach leibhéal (go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta).

Maidir le hacmhainní ar líne, cuireann **láithreán gréasáin** an SPNF rochtain ar fáil ar fhaisnéis faoi láithreáin chosanta (limistéir chaomhantais ainmnithe, Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra) chomh maith le ceadúnú; léarscáileanna agus sonraí; pleananna, cláir agus iarratais ar thoiliú forbartha; agus tuarascálacha foilsithe agus neamhfhoilsithe de chuid an NPWS. Mar sin féin, níl sé éasca an suíomh a nascleanúint agus tá an chuma air go bhfuil sé as dáta. Ó thaobh na meán sóisialta de, tá próifíl ag an Rannóg Eolaíochta agus Bithéagsúlachta chun nuacht agus nuashonruithe a bhaineann leis an dúlra a scaipeadh le Twitter (@npwsBioData), a thugann faoi tvúiteáil go rialta agus a bhfuil 5,371 leantóir aici. Tá cuntas oifigiúil Twitter ag an DHLGH (@DeptHousingIRL) le 14.9K leantóir, ach pléann sé le saincheisteanna ar fud na Roinne uile. Mar chuid dá thionscadal brandála, tugtar faoi deara go bhfuil suíomh gréasáin tiomnaithe do na Páirceanna Náisiúnta á bhunú i láthair na huaire.

### 4.5.4 Sainchesiteanna Oideachais agus Rannpháirtíochta Aitheanta

- Feictear go bhfuil an NPWS, mar eagraíocht, **dorochtana den chuid is mó do go leor páirtithe leasmhara**, cuid mhaith acu nach bhfuil soiléir maidir le ról, freagrachtaí agus srianta acmhainní na seirbhíse. Is féidir le hionchais neamhréadúla, mearbhall agus míshástacht teacht chun cinn dá dheasca seo.
- **Tá próisis Chaidrimh Phoiblí díláraithe agus ad hoc**. Cé gur aithin an Rannán Tacaíochta Corparáidí agus Gnó sa DHLGH é seo, agus é beartaithe acu straitéis chumarsáide agus fhaisnéise a fhorbairt don SPNF, ní mór inchreidteacht a bheith bainteach le cumarsáid le páirtithe leasmhara i dtaca le cruinneas teicniúil agus eolaíoch.
- Is laistigh den *Rannóg Eolaíochta agus Bithéagsúlachta* atá an fhreagracht as **oideachas** a sheachadadh, ach fós féin tá an fhreagracht i dtaca leis an bhfoireann oideachais agus Treoraithe laistigh den Rannóg *Straitéise, Oibríochtaí Réigiúnacha agus Bainistíochta Réadmhaoine.* Tugann sé seo le fios go bhfuil dínascadh i gceist maidir le gníomhaíocht agus bainistíocht líne. Ina theannta sin, is "grád tionsclaíoch" iad an fhoireann Oideachais nuair atá leanúnachas seirbhíse agus coinneáil eolais de dhíth ar feadh na bliana ar mhaithe le soláthar marthanach oideachais agus rannpháirtíochta.
- Chomh maith leis sin, tá níos mó foirne de dhíth ag formhór na láithreán agus ní leor acmhainní bonneagair an **Ionaid Oideachais** ná áiseanna TF lena chinntiú gur féidir oideachas a chur i gcrích go héifeachtach. Níl suíomh na n-ionad oideachais reatha ag freagairt don éileamh: níl lárionad áitiúil ag go leor ceantar a bhfuil pobail mhóra acu, agus níl áis ar bith le freastal ar obair oideachasúil ag roinnt Anaclann Dúlra, ainneoin éileamh ard a bheith ar oideachas agus eispéiris foghlama.
- Cé go bhfuil teacht ag an Roinn ar acmhainní ar mhaithe le **cumarsáid dhigiteach**, ní mór don SPNF próiseas a fhorbairt chun ábhar ar ardchaighdeáin, atá oiriúnach don aois dhigiteach reatha, a tháirgeadh go leanúnach. Sampla iontach de seo ná an tsraith fhíseáin i dtaca le bithéagsúlacht na bPáirceanna Náisiúnta ó Mheitheamh 2021.
- Is **iomaí deis** atá ag an SPNF feidhmiú le comhlachtaí eile, lena n-áirítear Fáilte Éireann, chun dúlra na hÉireann agus obair an NPWS a chur chun cinn (lena n-áirítear na Páirceanna Náisiúnta), ach de dheasca srianta acmhainní agus foirne níor tapadh na deiseanna sin. [Féach **Moltaí** uimh. 15, Roinn 5]

### 4.5.5 Comparáid le comhlachtaí comhchosúla san Eoraip

Mar is amhlaidh leis an SPNF, tá rannpháirtíocht leis an bpobal agus áineas allamuigh inbhuanaithe sa dúlra a chur chun cinn, ar na sainchúram atá ag an gceithre eagraíocht Eorpacha a ndearnadh athbhreithniú orthu. Feidhmíonn siad go léir i dteannta úinéirí talún agus eagraíochtaí eile

I dtaca le gach ceann den cheithre eagraíocht a ndearnadh athbhreithniú orthu, is gné shainiúil de shainchúram n-eagraíochtaí í rannpháirtíocht leis an bpobal, lena n-áirítear úsáid inbhuanaithe limistéar cosanta a spreagadh agus áineas lasmuigh a chur chun cinn sa dúlra, mar atá oibriú le húinéirí talún agus eagraíochtaí i dtaca le bainistíocht inbhuanaitheachta lena n-áirítear le réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus/nó cineálacha cur chuige atá bunaithe ar chaipiteal nádúrtha.

## 4.6 Monatóireacht agus Sonraí

Tá baint ag an SPNF le sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid chun críocha éagsúla, lena n-áirítear ainmniú suímh, fardal, faireachas, forfheidhmiú, bainistíocht, monatóireacht, tuairisciú cumarsáide, for-rochtain agus oideachas.

Baineann ríthábhacht le monatóireacht ar mhaithe le bonnlínte a chur ar fáil, chun athrú a rianú agus chun tabhairt faoi thuairisciú. [28]Ceanglaíonn **Airteagal 11** den Treoir um Ghnáthóga ar Bhallstáit tabhairt faoi mhonatóireacht ar na gnáthóga agus na speicis atá liostaithe sna hiarscríbhinní, agus ceanglaítear le **hAirteagal 17** go gcuirfear tuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le stádas caomhantais na ngnáthóg agus na speiceas a ndírítear orthu i dtaca leis an Treoir. [29]Éilíonn Airteagal 12 den Treoir maidir le hÉin go ndéanfaí tuairisciú ar stádas agus ar threochtaí speiceas éan fiáin. Cuireadh an tuarascáil is déanaí i dtoll a chéile in 2019 [8]. Bíonn cuid den mhonatóireacht seo idir lámha ag foireann eolaíoch an SPNF chomh maith leis an bhfoireann réigiúnach ach déantar cuid eile a sheachfhoinsiú do chomhairleoirí/conraitheoirí seachtracha a bhfuil saineolas ar leith acu. Tugann foireann an SPNF faoi chomhordú agus anailísiú ar shonraí ó hearnálacha eile chomh maith. Is beag clár monatóireachta fadtéarmach, nó suíomhanna taighde éiceolaíochta fadtéarmach (LTER), atá in Éirinn, cé gur tionóladh cruinniú taiscéalaíoch LTER in 2020.[64].

Is féidir sonraí a rochtain le suíomh gréasáin an SPNF (www.npws.ie/maps-and-data), an tairseach Inspire Geoportal (https://inspire.geohive.ie/geoportal/#searchPanel), nó le hiarratas sonraí. De dheasca ardáin ghréasáin atá as dáta a bheith á n-úsáid faoi láthair, tá moladh déanta ar son thairseach nua heritagedata.gov.ie chun ardán sonraí oscailte níos fearr a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse. Tá cainteanna ag leanacht ar aghaidh le linn 2021 le TFC chun feabhsuithe a chur chun cinn ar fud ardáin Oidhreachta agus an SPNF. Roinneann an SPNF sonraí leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, le Líonra Natura 2000 an AE, agus le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla eile de réir mar is gá leis.

### 4.6.1 Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC)

National Biodiversity Data Centre — Documenting Ireland's Wildlife

Is tionscnamh de chuid na Comhairle Oidhreachta é an NBDC agus tá sé á fheidhmiú de réir chomhaontú leibhéal seirbhíse ag cuideachta phríobháideach, Compass Informatics. Bunaíodh é in 2007 agus tá sé á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ag an gComhairle Oidhreachta. Is lárionad náisiúnta é chun sonraí ar éagsúlacht bhitheolaíoch na hÉireann a bhailiú, a thiomsú, a bhainistiú, a anailísiú agus a scaipeadh.

Go sonrach, feidhmíonn an NBDC mar an mol náisiúnta ar mhaithe le sonraí bithéagsúlachta a thiomsú, a stóráil agus a scaipeadh; éascaíonn agus cuireann sé úsáid sonraí bithéagsúlachta chun cinn chun eolas a chur ar fáil do bheartas poiblí agus do chinnteoireacht le hanailís, léirmhíniú agus tuairisciú; feidhmíonn sé mar Nód na hÉireann den **tSaoráid Faisnéise Bithéagsúlachta Domhanda**

**(GBIF),** ag cinntiú go gcuireann sonraí na hÉireann leis an mbreis agus 1 billiún taifead bithéagsúlachta a fhoilsítear trí thairseach sonraí GBIF; feidhmíonn chun riachtanais a aithint i dtaca le sonraí ardchaighdeáin atá láidir ó thaobh na heolaíochta de a bhailiú agus a chomhordú chun athruithe i speicis agus i ngnáthóga na hÉireann a rianú; tacaíonn agus comhoibríonn le comhpháirtithe; cuireann sé luach bithéagsúlacht na hÉireann in iúl agus leagann béim ar fheasacht maidir leis an gcaoi a bhfuil sí ag athrú; tacaíonn sé leis an ngréasán taifeadáin agus eolaíochta saoránach ar mhaithe le cainníocht agus cáilíocht na sonraí bithéagsúlachta a ghintear in Éirinn a mhéadú. Mar fhianaise den phointe is déanaí seo, déanann sé freastal ar Thairseach Eolaíochta Shaoránaigh na hÉireann.

Feidhmíonn an NBDC le sraith conarthaí gearrthéarmacha - faoi láthair, tá conradh 2 bhliain i bhfeidhm. Cé go bhfuil an NBDC solúbtha agus lúfar, ag feidhmiú mar thionscnamh ar leith, tá baol cailliúint feasachta agus saineolais foirne de dheasca easpa slándála fadtéarmacha i dtaca leis an obair atá idir lámha ag an NBDC agus tá baol don leanúchas a bhaineann le bailiú agus bainistíocht sonraí agus cuireann sé seo cosc ar phleanáil fhadtéarmach. Cé go bhfuil ionadaíocht ag an SPNF ar Bhord Bainistíochta an NBDC agus go soláthraíonn cuid mhór d’obair an NBDC príomhfhianaise do bheartas agus do thuairisciú an SPNF, tugadh faoi deara in Aighneachtaí nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm ar mhaithe le hobair an NBDC a ailíniú le beartas ‘long choimdeachta’ an NBDC. Níl an saineolas ag an NBDC chun na cláir go léir a éilítear faoi na Treoracha Dúlra a reáchtáil agus bíonn claonadh aige díriú ar shonraí atá bainteach le speiceas. D'iarr an SPNF go mbeadh an NBDC ag díriú ar chomhthiomsú, glanadh agus scaipeadh sonraí bithéagsúlachta. Toisc go bhfuil roinnt sonraí sa bhreis ag an SPNF i gcomparáid leis an NBDC, d’fhéadfadh forluí, bearnaí agus neamhéifeachtúlachtaí teacht chun cinn.

Faoi láthair, tá Athbhreithniú Tascfhórsa idir lámha ag an NBDC, ach ní raibh críoch leis seo agus an tuarascáil seo á scríobh, agus ní raibh a cuid torthaí ar fáil do na hAthbhreithneoirí.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag an NBDC go náisiúnta maidir le feasacht i leith na mbithéagsúlacht a chur chun cinn acu, agus thug raon geallsealbhóirí ardmholadh dá fhoireann iontach. Baineann ról tábhachtach leis an gclár eolaíochta saoránach, ní hamháin i dtaca le feasacht a chur chun cinn, ach i dtaca le taifid a bhailiú agus cur le monatóireacht (m.sh. plandaí neamhchoitianta, féileacáin, bumbóga, cuileoga dragan, agus speicis ionracha). Tá ceannasaíocht chomh maith ag an NBDC ar **Phlean Uile-Éireann um Phailniú** (AIPP) a chur i bhfeidhm, plean comhroinnte gníomhaíochta chun meath ar phailineoirí a aisiompú, arna fhorbairt ag grúpa stiúrtha neamhspleách trasearnála (www.pollinators.ie). Tá an rath atá leis AIPP maidir le feasacht a chur chun cinn agus gníomhaíocht chaomhnaithe a spreagadh ar an talamh aitheanta [65]go forleathan, lena n-áirítear an tUachtarán Michael D. Higgins le linn chomhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta in 2019. Bh i obair an AIPP ina údar spreagtha ag Éire gníomhú le Comhghuaillíocht dhomhanda um an Toilteanach ar Phailineoirí (‘Promote Pollinators’) in 2018. In 2021 rinne Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) an rath a bhí le Plean Uile-Éireann um Phailineoirí a chur chun cinn mar chuid dá ngníomhaíocht dhomhanda maidir le seirbhísí pailniúcháin don talmhaíocht inbhuanaithe[66], agus tugadh aitheantas don AIPP ina n-imeacht Lá Domhanda na mBeach ‘Build back better for bees’ [67]. Tugann aitheantas dó chomh maith ag Interreg Europe mar shampla de dhea-chleachtas [68].

Ar an iomlán, is léir go bhfuil gá le Meabhrán Tuisceana (MoU) sonrach agus mionsonraithe idir an SPNF agus an NBDC, a leagann síos go soiléir conas a fheidhmíonn siad i gcomhpháirtíocht le chéile, conas a chomhoibríonn siad i dtaca le rannpháirtíocht phoiblí agus conas gur féidir leo sonraí a roinnt go héifeachtach.

### 4.6.2 Tionscadal BIOS, córas Eagraíochta Faisnéise Bithéagsúlachta

Forbraíodh córas TF, BIOS, chun cabhrú le baill foirne laistigh den SPNF faisnéis chorparáideach a chruthú, a aimsiú agus a roinnt nuair a bhí sé de dhíth orthu ar mhaithe le cosaint gnáthóg agus speiceas. Cheanglódh an BIOS doiciméid, bunachair shonraí agus sonraí spásúlachta an SPNF

le doiciméid sheachtracha agus sonraí spásúla, agus cheadódh sé fiosrúcháin spásbhunaithe, cuardaigh do mhaoirseoirí, láithreáin ainmnithe, fiontair, agus sonraí sonracha maidir le suíomhanna agus speicis. Bhí an córas TF seo thar a bheith uaillmhianach, casta agus bhí go leor saineolais theicniúil de dhíth air. Bunaíodh é nuair agus an SPNF mar chuid den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ar aistriú an SPNF go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2011, fágadh gnéithe áirithe den chóras taobh thiar de, cuireadh stad leis an tionscadal agus níor cuireadh i bhfeidhm ina iomlán é. Tá an BIOS fós linn, ach díomhaoin den chuid is mó, cé go bhfuil roinnt príomhfheidhmchláir fós ag brath air.


### 4.6.3 Sainchesiteanna Monatóireachta agus Sonraí aitheanta

- Baineann **córais bhainistíochta sonraí le croílár mhisean an SPNF agus tá infheistíocht leanúnach de dhíth orthu.** Ní leor cuid de na córais TFC chun sonraí a choimeád nó a innéacsú le gur féidir iad a rochtain agus a athúsáid go héasca. Níor tugadh tacaíocht ná a ndóthain acmhainní do thionscadal BIOS tar éis aistriú an SPNF idir Ranna Rialtais in 2011 agus níor dearnadh aon fhorbairt sa bhreis ar an gcóras.
- Níl an **cumas** ná bonneagar ag foireann eolaíoch an SPNF an leas is fearr a bhaint as na sonraí atá ina seilbh. Tá an fhoireann sáite an-chuid in obair a bhaineann le saincheisteanna teicniúla agus riaracháin seachas le sonraí éiceolaíochta iad féin.
- Níl córais TFC leordhóthanach chun íocaíochtaí cúitimh na **Scéime Cúitimh um Scor de Bhaint Móna** a bhainistiú (féach Cuid 4.8). Baineann go leor oibre le tíolacadh, le haturnaetha srl. i dtaca le hidirbheartaíochtaí le sealbhóirí teidil maidir le móincearta, agus is iomaí castachtaí atá i gceist le hathlonnú chuig láithreáin neamh-ainmnithe.
- Is príomhghníomhaí é an **NBDC** maidir le sonraí, ach tá sé tar éis feidhmiú go dtí seo mar a bheadh sé ar chonradh ar mhaithe le cuideachta phríobháideach, gan na hacmhainní fadtéarmacha nó cobhsaíocht a theastódh ar mhaithe le ról ríthábhachtach den sórt sin, agus baineann easpa soiléireachta lena chaidrimh oibre leis an SPNF. Mar a luadh thuas, tá rialachas an Lárionaid Sonraí Bithéagsúlachta sa todhchaí, ina ceist don Chomhairle Oidhreachta ar an gcéad dul síos ach is chun leasa na bpáirtithe leasmhara go léir a bheadh struchtúr sonraí dlúth-chomhtháite, [Féach cuid 4.6.1 thuas agus **Moladh** uimh. 19, Roinn 5]
- Tá géarghá le **cur chuige uile-rialtais** chun déileáil le sonraí comhshaoil mar go mbaineann easpa comhtháthaithe i dtaca le sonraí bithéagsúlachta agus tacair shonraí comhshaoil eile - is ceist í seo atá ar fud na hearnála[69].

  Féach **Moladh** uimh. 20, Roinn 5]

## 4.8 Caomhnú Tailte Móna

Bhí ról ceannródaíoch agus conspóideach ag an NPWS i dtaca le caomhnú tailte móna le fiche nó tríocha bliain anuas. Clúdaíonn ithreacha móna os cionn **21%** den achar talún náisiúnta agus íos mó ná riamh aithnítear gurb iad tailte móna an stór carbóin talún is mó in Éirinn. Idir 1997 agus 2002, cheap Éire 51 láithreán phortaigh ardaithe a ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Speisialta. Sainaithníodh seachtó cúig Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna) portach ardaithe chomh maith chun cur leis an ngréasán seo (Fíor 4.8).




Fíor 4.8 Portaigh ardaithe agus bratphortaigh na hÉireann [70]

Bhí an Coimisiún Eorpach cáinteach i dtaca le cur chuige na hÉireann maidir le cosaint ghnáthóga tailte móna agus chuir sé tús le imeachtaí sáraithe. Mar fhreagra, foilsíodh plean náisiúnta bainistíochta le clár bearta caomhnaithe ar mhaithe le gréasán portaigh ardaithe faoi chosaint agus rinneadh sraith gealltanas airgeadais chun úinéirí portaigh a chúiteamh agus tugadh faoi thionscnaimh idirghabhála ar mhaithe le tabhairt faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara tailte móna.

Cuireann an **Scéim Cuitimh um Scor de Bhaint Móna** cúiteamh ar fáil d'úinéirí talún agus do shealbhóirí móincheart a bhfuil tionchar ag an srian ar bhaint móna ar 53 Limistéir Chaomhantais Speisialta phortaigh ardaithe agus 36 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha phortaigh ardaithe (NHAnna) orthu. Déanann an SPNF an scéim a riar thar ceann an Aire. Bunaíodh an scéim in 2011, mar fhreagra ar ghníomh sáraithe an Choimisiún Eorpaigh agus leathnaíodh í in 2014. Tá an scéim seo dírithe ar bhainteoirí móna tí arbh éigean dóibh baint mhóna ar phortaigh ardaithe faoi chosaint a chaitheamh in aer, a chuimsíonn íocaíocht de €1,500 in aghaidh na bliana, innéacsnasctha, ar feadh 15 bliana, nó athlonnú go portach neamhshainithe, nuair is féidir, agus glacadh le híocaíocht aonuaire €500. Tá os cionn 25,000 íocaíocht curtha i gcrích arbh fhiú **€37 million** iad.

Bunaíodh comhlacht neamhreachtúil an**Chomhairle Tailte Móna** i mí Aibreáin 2011 agus chuidigh sí le straitéis náisiúnta shuntasach a fhorbairt in 2015 "***Tailte Móna na hÉireann a bhainistiú***" (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2015).

Thug an tuarascáil dar teideal '*The Status of EU Habitats & Species in Ireland 2019'* a d'fhoilsigh an NPWS, le fios gur bhain stádas foriomlán "***Go Dona***" agus dul i léig, le Portaigh Ardaithe agus Bratphortaigh ghníomhach. Tuairiscítear chomh maith go mbaineann stádas"***Go Dona***" agus "***Mífhabhrach***" leis an dá phríomhchineál gnáthóg Eanach[8]. Tá sonraí maidir le hathchóiriú portaigh an SPNF le fáil sa 'Plean Bainistíochta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, 2017-2022[71].

De réir mar a aistríonn dearcadh an phobail i leith ár bportach ó '*saothrú'* go '*caomhnú',* tá athrú ag teacht ar pholasaí náisiúnta i leith thailte móna agus an bhéim a haistriú ó chúiteamh go **hathchóiriú** gníomhach. In dteannta Bhord na Móna agus pobail áitiúla, tá ról lárnach ag an SPNF maidir le roinnt tionscadal athchóirithe arna maoiniú ag an rialtas agus ag an AE chun stop a chur le caillteanas tailte móna agus iad a aisiompú le bainistíocht inbhuanaithe, athshlánú agus athchóiriú:

- Tá comhairle eolaíoch á cur ar fáil ag foireann an SPNF agus ag gníomhú mar rialtóirí chun 33,000 ha de thailte portaigh iar-tháirgeadh i lár na tíre a athchóiriú. Tá sé seo mar chuid den mhaoiniú **€108 milliún** atá ceadaithe ag an Rialtas do thionscadal ar mhór scála athchóirithe tailte móna Bhord na Móna, an Scéim Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (EDRRS). Tá an scéim á maoirsiú ag DECC, le maoiniú tríd an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Díríonn an Scéim seo ar thailte móna a saothraíodh roimhe seo i dtaca le baint mhóna ar mhaithe le giniúint leictreachais agus táthar ag súil go mbeidh oibreacha curtha i gcrích faoi dheireadh 2025.
- D'fhógair an SPNF comhoibriú le **Intel** le déanaí, ar mhaithe le tionscadal athchóirithe bratphortach i bPáirc Náisiúnta Chill Mhantáin.
- Is iad foireann SPNF na tairbhithe comhordaithe i dtaca le tionscadail uaillmhianacha LIFE ar nós ***Portach Beo, Tailte Portaigh do Dhaoine***, a bhfuil beim á chur aige ar na portaigh ardaithe i Lár na Tíre agus an ceann is déanaí ***Wild Atlantic Nature*** tionscadal LIFE, a bhfuil béim á chur aige ar na bratphortaigh.

Cé gur tionscadail shuaitheanta iad seo, tuairiscítear teorainn a bheith le hacmhainn an SPNF chun iad a sheirbhísiú agus ní mór é a leathnú. Bhí moill, cur i gcás, maidir le foireann a cheapadh, agus rinneadh baill foirne reatha sa Rannóg Eolaíochta agus Bithéagsúlachta a ath-threorú chuig na tionscadail seo, agus bhíodar ag freastal ar chroí-obair eolaíoch ag an am céanna. Ní mór acmhainn sa réimse seo a leathnú mar níl sé seo inbhunaithe.

Le fiche bliain anuas, i dtaca le rannpháirtíocht phobail, maoirseacht agus comhpháirtíocht, tá cumas léirithe ag foireann an SPNF scileanna a fhoghlaim agus a oiriúnú. In aighneachtaí a rinneadh don Athbhreithniú, áitíodh go raibh sé "*riachtanach na scileanna agus na luachanna sóisialta agus cultúrtha seo a ionchorprú i dtaighde, i mbeartas agus i gcinnteoireacht"* ag comhlachtaí Stáit ar nós an SPNF.

Tá an saineolas ag an SPNF aghaidh a thabhairt ar chás éabhlóideach an bheartais charbóin agus athchóiriú na dtailte móna, agus é ina chomhpháirtí ar réimse de dheiseanna nua infheistíochta in athchóiriú tailte móna. Leagadh béim in aighneachtaí a rinneadh don athbhreithniú chomh maith gur chóir **córas mapála i dtaca le húsáid talún agus gnáthóg** náisiúnta a chur ar fáil go poiblí le go mbeadh eolas ar fáil d'fhorbairt beartais, do chinntí pleanála agus do ghníomhaíochtaí bainistíochta maidir le tailte móna agus aeráid.

[Féach **Moladh** uimh. 18, Roinn 5]

## 4.9 Saineolas Muirí

D'aithin an tAthbhreithniú nach bhfuil sé ar chumas an SPNF a róil reachtúla maidir le forbairt agus caomhnú Muirí, mar atá leagtha amach i dTreoracha an AE um Ghnáthóga agus Éin (a bhfuil an SPNF freagrach astu) agus an Chreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (a bhfuil an fhreagracht ar Chomhshaol Muirí sa Rannóg Uisce de DHLGH dó) nó níos déanaí amach anseo, Straitéis Bithéagsúlachta an AE, a chomhlíonadh.

Tá limistéar muirí na hÉireann naoi n-uaire níos mó ná a limistéar talún. Tá 2.1% den limistéar muirí atá cosanta faoi chreat Natura 2000 i seilbh na hÉireann faoi láthair ach tiocfaidh leathnú suntasach air seo de réir mar a mhéadóidh líonra na **gCeantar Muirí Faoi Chosaint** (MPAanna) de réir bheartas na hÉireann agus an AE. Beidh ról tábhachtach ag an SPNF i gcaomhnú agus i mbainistiú na hacmhainne seo, ag obair as lámha a chéile le Gníomhaireachtaí náisiúnta eile ar nós Foras na Mara agus na heintitis um Pleanáil Mhuirí atá ag forbairt agus á gceapadh sa reachtaíocht reatha.


Mar a tugadh le fios i gceann de na haighneachtaí a rinneadh don athbhreithniú:

> "*Baineann ríthábhacht lena ndótain acmhainní agus maoinithe a chur ar fáil don SPNF ar mhaithe le huaillmhian sonraithe na hÉireann a bhaint amach de réir Plean Gníomhú ar son na hAeráide agus Clár don Rialtas agus 3.5 - 5GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach in Éirinn faoi 2030 agus a mbeadh ról lárnach aige chun cabhrú dul i ngleic le spriocanna Éigeandála Aeráide agus Bithéagsúlachta na hÉireann*."

De réir **An Bille um Pleanáil Limistéar Muirí**, nua 2021, beidh an sainchuram i leith fhorbairtí fuinnimh gaoithe amach ón gcósta ag An mBord Pleanála. Beidh sé mar chúram ar an SPNF, mar chomhlacht reachtúil a bhfuil dualgas air don bhord, comhairle agus treoir shaineolach a sholáthar dóibh ag céim scópála an EIA agus ag céim foirceanta an iarratais araon. Ina theannta sin, beifear ag súil go gcuirifdh an SPNF tuairimí agus comhairle réamhiarratais ar fáil d'iarratasóirí ionchasacha. Tá cuid mhaith tionscadal gaoithe amach ón gcósta ag céimeanna éagsúla dá bhforbartha ar an gcósta theas agus thoir (Fíor 4.9) agus tá súil go gcuirfidh siad le sprioc aeráide 2030 an rialtais agus beidh siad ag tabhairt faoi shuirbhéireacht agus iarratais á gcur faoi bhráid acu. Mar sin, beidh acmhainní de dhíth ar an NPWS le go mbeadh ionchur acu sa phróiseas pleanála agus chun a chinntiú nach dtagann na pleananna seo salach ar an mbithéagsúlacht.

Níl ach tearc-acmhainní cheana féin ag an SPNF i dtaca leis an limistéar muirí. Beidh acmhainní breise suntasacha de dhíth, de dheasca líon mhór tionscadal gaoithe amach ón gcósta go gearrthéarmach agus fás réamh-mheasta an tionscail sna blianta amach romhainn.

[Féach **Moladh** uimh. 11, Roinn 5]




**Fíor 4.9 An Scála agus suíomh uaillmhianta maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta de chuid na hÉireann (Fuinneamh Gaoithe Éireann, 2021)**

## 4.10 Ceadúnú agus Spóirt Tuaithe

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna an SPNF ná ceadúnú agus rialáil ghníomhaíochtaí i dtaca le fiadhúlra, lena n-áirítear fiach, seilbh, allmhairiú agus onnmhairiú, gabháil ar mhaithe le spriocanna eolaíochta agus suaitheadh speiceas áirithe (arna rialú ag na Treoracha um Ghnáthóga nó Éin, na hAchtanna um Fhiadhúlra, CITES). Is rannóg thar a bheith gnóthach é an tAonad Ceadúnaithe agus cuireann sé seirbhís thábhachtach ar fáil don phobal - eisítear thart ar 6,500 ceadúnas seilge Fia in aghaidh na bliana, cuirtear maoluithe ar fáil d'earnálacha talmhaíochta chun éin áirithe a lámhach agus eisítear ceadúnais do chlubanna cúrsála chun giorriacha (eangaí) a bhailiú. Tá liosta iomlán de na cineálacha ceadúnas, a léiríonn fairsinge na gceadúnas a d'eisigh an SPNF in 2020, curtha ar fáil in Aguisín 8.

Le linn na céime comhairliúcháin den Athbhreithniú, tugadh le fios

> *"Go raibh creidiúnacht don SPNF laistigh de phobal spóirt na tíre, a bhfuil dualgas reachtúil air freastal orthu,ag an leibhéal ba ísle riamh ann"*.

Is úinéirí talún agus baill ghníomhacha dá bpobail tuaithe iad cuid mhaith de chomhaltaí na ngrúpaí deonacha agus na gclubanna gunna seo, a bhfuil géarthuiscint ar an dúlra. Tháinig roinnt téamaí athfhillteacha chun cinn de dheasca aighneachtaí agus rannpháirtíochta na ngrúpaí ionadaíocha seo:

- Níor eisíodh ach 25% de na ceadúnais seilge Fianna in am le linn séasúir 2020, nuair a chuir paindéim COVID-19 agus srianta bunachair shonraí srian leis an obair phróiseála.
- Ní mór tabhairt faoi athbhreithniú agus nuachóiriú ar chóras ceadúnaithe bliantúil reatha de chuid na bhFianna.

- Ba cheart go gcruthódh an SPNF meicníocht ar mhaithe le comhairliúcháin níos fearr le hionadaithe ó phobail seilge agus spóirt tuaithe (a bheith ar aon dul leis an gComhairle Chomhairleach um Fhiadhúlra, dá bhforáiltear san Acht um Fhiadhúlra, 1976 ach ar cuireadh deireadh léi níos déanaí).
- Ba cheart an SPNF a aistriú le go mbeadh sé faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, áit a bhféadfaí *'gníomhaíocht chomhcheangailte i dtaca le saincheisteanna úsáid talún'* a chur chun cinn.

Tá sé tugtha le fios ag foireann an SPNF gur earcaíodh foireann bhreise in 2021 chun ceadúnais a phróiseáil ar bhealach tráthúil, ach tá an réimse fós ag brath ar réitigh TFC atá gann.

[Féach **Moladh** uimh. 18, Roinn 5]

## 4.11 Reachtaíocht

D'ardaigh go leor páirtithe leasmhara, idir fhoireann inmheánach agus grúpaí seachtracha, an riachtanas atá le hathbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht phríomha faoina bhfeidhmíonn an SPNF. Tugadh le fios

> *"Níl an tAcht um Fhiadhúlra agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (**Éin agus Gnáthóga Nádúrtha**) oiriúnach don fheidhm agus cruthaíonn siad dúshláin don fhoireann maidir le caomhnú an dúlra. Is amhlaidh go bhfuil srianta tromchúiseacha i gceist i dtaca le cosaint na bithéagsúlachta go ginearálta, ceadúnú fiadhúlra agus nósanna imeachta toilithe ar mhaithe le hoibreacha laistigh de láithreáin ainmnithe".*

> *"De réir **Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga** 2011, tá freagracht ar il-Ranna Rialtais as láithreáin Eorpacha a chosaint. Cur i gcás, d'fhéadfadh go bhfaigheadh an SPNF tuairisc maidir le ceantar scrobarnach atá á ghlanadh agus talamh á athshíolú i LSC, ach de réir Rialacháin EIA, tá cead ón Roinn Talmhaíochta de dhíth chuige seo agus dá bhrí sin níl feidhm le 'Gníomhaíochtaí a dteastaíonn Cead uathu' de chuid an SPNF mar gurb í an DAFM an t-údarás inniúil".*

Chuir an SPNF tús roimhe seo le saothar chun Rialacháin an CE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011-2015 agus na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 go 2018 a thabhairt cothrom le dáta (le hathbhreithniú bunúsach agus nuashonrú ar an dara ceann díobh in 2000), ach is minic gur ina phíosaí a tugadh faoin obair seo agus bhí brúnna cás-ualaí agus leibhéal méadaitheach dúshlán dlíthiúil, a raibh ionchur an SPNF de dhíth air, ina mbac ar an obair. Fad is a bhaineann sé le bainistíocht an SPNF de, ní féidir ach an tábhacht atá le tabhairt faoi athbhreithniú ar reachtaíocht 2011 mar chuid d'aon treoirphlean do thodhchaí an SPNF, a lua.

Maidir leis na **Páirceanna Náisiúnta**, ba í Cill Airne an t-aon Pháirc amháin a cuireadh ar bun de réir reachtaíocht ar leith i 1932 (féach Roinn 4.2.2). Tá cosaint ag na Páirceanna Náisiúnta eile de réir Acht Maoine Stáit 1954, ach ní chuireann sé treoir shonrach ar fáil i dtaca leis na dúshláin atá roimh Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann sa 21ú haois. Áiríodh sa 2ú Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, 2011-2016, an sprioc chun *'reachtaíocht a fhoilsiú chun bunús dlí a sholáthar do Pháirceanna Náisiúnta faoi 2013'.* Le linn an athbhreithnithe seo, tá sé tugtha le fios go soiléir arís ag raon páirtithe leasmhara an gá atá le reachtaíocht a achtú chun creat dlíthiúil a sholáthar do rialú na bPáirceanna Náisiúnta go léir agus chun critéir bheartais a leagan amach le haghaidh líonra na bPáirceanna Náisiúnta a leathnú.

[Féach **Moladh** uimh. 21, Roinn 5]

## 4.12 Forfheidhmiú

Le linn an Athbhreithnithe, d'ardaigh páirtithe leasmhara raon saincheisteanna i gcur chuige reatha an SPNF i dtaca le forghníomhú na coireachta fiadhúlra. Áiríodh ina measc, sáruithe i dtaca le hAchtanna um Fhiadhúlra a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear éagsúlacht agus freagraí á dtabhairt ar ghníomhaíocht mhídhleathach tuairiscithe agus deacracht maidir le hionchúisimh a bhaint amach. Áirítear ar an aiseolas ó na haighneachtaí:

> ”Go gcuirtear tuairiscí faoi choireacht fiadhúlra ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus chuig an SPNF lena n-imscrúdú. Is féidir le freagra an SPNF a bheith ad hoc, agus infhaighteacht acmhainní áitiúla, eolas ar choireacht fiadhúlra agus ualach oibre á tógail san áireamh.”

> *“Nach léir cén fhreagracht atá ar an SPNF agus bearta caomhnaithe á gcur i bhfeidhm do ghnáthóga agus speicis in Éirinn. I gcás ina bhféadfadh coir fiadhúlra a bheith tarlaithe e.g. i gcás ina ndearnadh damáiste do SAC, níl sé soiléir cén chumhacht atá ag an SPNF chun bearta athchóirithe a fhiosrú, a ionchúiseamh nó a fhorfheidhmiú.”*

> *“Gur léirigh tuarascáil ó 2020 de chuid an SPNF, 119 teagmhas idir 2007 agus 2019 a bhain le nimhiú, gaistiú agus lámhach éan. Thug sé suntas chomh maith de scaipeadh geografach míchothrom na n-eachtraí, le líon níos airde ná an meán teagmhas in oirthear na tíre. Mar sin féin, níor leanadh de, ach seacht n-ionchúiseamh sa tréimhse seo i dtaca le géarleanúint mhídhleathach éan”.*

Tá i bhfad níos lú cásanna forfheidhmithe glactha ag an SPNF (Tábla 4.8) i gcomparáid le hIascach Intíre Éireann (eagraíocht den mhéid chéanna maidir lena foireann iomlán, a bhfuil sainchúram uirthi an tAcht Iascaigh a fhorfheidhmiú (Tábla 4.9).

**Tábla 4.8 Achoimre ar chásanna forfheidhmithe a thóg an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun cúirte ó 2010 – 2018, maidir le raon cionta lena n-áirítear seilg mhídhleathach fianna, gaisteoireacht éan, gearradh fálta nó dó fásra/aitinne**

| Bliain | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna forghníomhaithe | 31 | 47 | 34 | 11 | 13 | 19 | 14 | 17 | 20 |

**Tábla 4.9 Achoimre ar chásanna forfheidhmithe a thóg Iascach Intíre Éireann chun cúirte ó 2016 – 2019**

| Bliain | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúisimh arna dtionscnamh i leith Cionta Iascaigh | **82** | **66** | **52** | **67** | **119** |
| Ionchúisimh arna dtionscnamh i leith Cionta Comhshaoil | **21** | **16** | **31** | **22** | **17** |
| Na hionchúisimh a tugtha chun críche sa bhliain | **66** | **22** | **60** | **77** | **60** |

Foinse: Tuarascálacha Bliantúla, Iascach Intíre Éireann

Ó rinneadh an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha a chónascadh in aon Ghníomhaireacht amháin, Iascach Intíre Éireann in 2010, tá sruthlíniú déanta ar na próisis chun tabhairt faoi mhaoirseacht ar ionchúisimh agus tá siad leagtha amach i ndoiciméad inmheánach cuimsitheach, “Lámhleabhar Oifigeach Forfheidhmithe an Iascaigh”.

Tá an SPNF ag feidhmiú chun a struchtúir forfheidhmithe, a athchóiriú le blianta beaga anuas. Cuireadh Grúpa Oibre um Choireacht Fiadhúlra ar bun go hinmheánach. D’aithin sé “*go bhfuil gá le leibhéal níos airde inniúlachta agus comhsheasmhachta a bhaint amach ar fud na tíre, go háirithe do bhaill nua foirne”.* Comhaontaíodh i dtaca le moladh inmheánach ar mhaithe le ‘**Aonad Coireachta Fiadhúlra**’ agus tá earcaíocht tosaigh idir lámha. Thángthas ar chomhaontú prótacail comhpháirteach idir **An Garda Síochána**, Seirbhís Náisiúnta Póilíneachta na hÉireann, agus an SPNF an 12 Aibreán 2021 *‘chun caidreamh oibre straitéiseach feabhsaithe a éascú, go háirithe maidir le pleanáil, línte cumarsáide, comhroinnt faisnéise, rannpháirtíocht in oibríochtaí comhpháirteacha pleanáilte agus comhthacaíocht’.* Cé go raibh caidreamh neamhfhoirmiúil idir an dá eagraíocht go

minic, féachann an prótacal seo le tógáil orthu sin agus línte foirmeálta cumarsáide a bhunú. I measc na bpríomhréimsí coireachta fiadhúlra atá aitheanta, tá seilg mhídhleathach ghiorria, saighdeadh broic, seilg neamhdhleathach fia le hairm tine agus cionta CITES. De dheasca an phrótacail, sannfar Cigire Garda Síochána i ngach Roinn de chuid an Gharda Síochána mar Oifigeach Idirchaidrimh Coireachta Fiadhúlra, agus sannfar 16 Oifigeach Caomhantais Ceantair de chuid na SPNF ina pointe teagmhála. Roinnfidh siad faisnéis ábhartha laistigh de ghnáthpharaiméadair cosanta sonraí, slándála agus eagrúcháin. Beidh sé de dhíth ar fhoireann an SPNF oiliúint a chur ar fáil d'Oiliúnaigh an Gharda Síochána agus do phearsanra inseirbhíse, agus treoir i dtaca le foclaíocht an chiona a bhaineann le cionta an Achta um Fhiadhúlra. Soláthróidh oifigigh an Gharda treoir d'fhoireann an SPNF ag imeachtaí. [Féach **Moladh** uimh. 22, Roinn 5]

## 4.13 Tátail: Éifeachtúlacht an SPNF agus a mhandáid a sheachadadh, na constaicí reatha agus an cumas chun freastal ar na héilimh atá ansin cheana féin

Téama agus peirspictíocht amháin a thagann chun cinn arís agus arís eile, ó raon leathan agallamh le páirtithe leasmhara, is ea

*"Gur fheidhmigh an SPNF thar barr, nuair a chuirtear na srianta atá air le blianta beaga anuas san áireamh".*

Mar sin féin, is é an tátal foriomlán a tháinig chun cinn ón bpróiseas athbhreithnithe agus ó chomhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara ná **nach leor acmhainní an SPNF nó níl sé ailínithe go héifeachtach**, mar atá sé faoi láthair, chun a éilimh reatha agus a mhandáid amach anseo a chomhlíonadh.

Bealach amháin leis an gconclúid seo a chur i láthair ná úsáid a bhaint as ***'creat McKinsey 7S',*** a ghlacann cur chuige iomlánaíoch i leith anailíse eagraíochta. Mar atá leagtha amach sa roinn seo, i dtaca le comhairliúchán leathan, tugann meastóireacht achomair ar an NPWS reatha le fios:

- Go bhfuil luachanna agus cultúr comhroinnte an SPNF ina n-oidhreacht dá aistear 'diaspóra' ar fud fad na Roinne ar feadh 30 bliain. Tá tiomantas láidir don dúlra agus don chaomhnú, ach baineann tuirse i dtaca le na hionchais maidir le hathchóiriú inmheánach nó tacaíocht fhollasach Stáit dá shainordú.

- Nach bhfuil **córais** lena n-áirítear TFC, comhroinnt faisnéise agus córais tuairiscithe neamhleor chun oibleagáidí an SPNF a chomhlíonadh, atá ag brath an-chuid ar fhianaise eolaíoch agus sonraí, a léiríonn fiche nó tríocha bliain de thearc-infheistíocht agus ganntanas tacaíochta / saineolais inmheánach. Ina theannta sin, cuireann gníomhaíochtaí mídhleathacha áirithe dúshlán faoi na córais fhorghníomhaithe (e.g. baineann deacrachtaí teicniúla le cásanna a chur ar bun do chineálacha áirithe gníomhaíochta mídhleathacha, lena n-áirítear tinte, nó an leibhéal damáiste atá de dhíth le linn baint mhóna; agus míthuiscint an phobail i leith an dlí).

- **Straitéis**: Cé go gcuireann sé le timthriall pleanála straitéisí na Roinne, níl próiseas gníomhach i bhfeidhm ag an SPNF chun straitéis shonrach a fhorbairt ar mhaithe lena ghníomhaíochtaí féin a threorú. Tá claonadh i dtreo frithghníomhacha treisithe ag an bpríomhbhearna seo agus ní chuirtear ar chumas na foirne bainistíochta tosaíocht a thabhairt. Tagann torthaí an Athbhreithnithe seo le tátal Thuarascáil 2011 an ORP ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Gaeltachta, maidir leis an NPWS, a thug le fios *'go bhfuil treo straitéiseach foriomlán in easnamh'.* Go simplí, chinnteodh forbairt Phlean Straitéisigh go mbeadh córas meicníochta i bhfeidhm chun ceisteanna lárnacha a chur agus chun freagraí comhchoiteanna a chumadh maidir le: Cé muid? Cad a dhéanaimid? Cá bhfuil muid ag dul? Conas a bhainfimid an áit sin amach? Bheadh an straitéis ina bunús le timthriall de phleananna gnó, a leagann síos spriocanna, a leithdháileann acmhainní agus freagracht dá seachadadh, a bheadh á n-athbhreithniú go rialta ag foireann cheannaireachta an SPNF e.g. ar bhonn míosúil.

- Tá **Struchtúir** bunaithe ar shamhail '***4 Cholún***' de Rannóga/Stiúrthóireacht, atá casta, deartha go dona agus ar bheagán tuisceana. Ní ghluaiseann acmhainní bunúsacha de chuid eagraíochta nua-aimseartha - eolas, foghlaim, lúba aischothaithe - go héasca agus ní dhéanann na struchtúir láraithe, teimhneacha iad a éascú. Ní thacaíonn na struchtúir atá ann faoi láthair leis na naisc bhunriachtanacha atá idir foireann réigiúnach, foireann allamuigh agus speisialtóirí eolaíocha, agus is féidir folús a bheith ann ó thaobh cinnteoireachta éifeachtach nó ceannaireacht éifeachtach de. Toisc go gcaithfidh an tseirbhís réigiúnach freastal ar cheithre Rannóg/Stiúrthóireacht dhifriúil, tá débhríochtaí tagtha chun cinn agus is príomhcheist struchtúracha í seo fós a gcaithfear réiteach a fháil uirthi (féach **Moltaí** 5, 6 agus 7 i dtaca le hathbhreithniú ar Straitéis agus Struchtúir leantach, faoi cheannaireacht inmheánach).

- Níl **Soláthar Foirne** leordhóthanach chun freastal ar éilimh reatha na SPNF i dtaca le réimse feidhmeanna (lena n-áirítear láithreáin bhithéagsúlachta faoi úinéireacht an Stáit a bhainistiú, na beart riachtanach caomhnaithe a dhearadh agus a sheachadadh, forfheidhmiú réigiúnach, monatóireacht, cumarsáid, TFC, soláthar) ná maidir le sainordú don

todhchaí. Tá inspreagadh na foirne á chreimneadh ag brú leanúnach oibre agus a bheith neamhábalta go leanúnach chun freastal ar éilimh na bpáirtithe leasmhara (m.sh. freastal ar líonraí, freagairtí tráthúla, pleanáil agus comhordú).

- Tugtar faoi deara go bhfuil **Stíl** na ceannaireachta agus na bainistíochta ar neamhréir ar fud an SPNF, agus is minic nach mbíonn an fhoireann soiléir faoi róil agus freagrachtaí.

- Léirítear ardmheas ar **Scileanna** foirne an SPNF, ó thaobh teicniúla agus riaracháin de, den chuid is mó, ach tá an fhoireann faoi léigear agus is féidir easpa speisialtóireachta feidhmiúil a bheith ann.

Le himeacht ama, tá na struchtúir, an cultúr agus na cleachtais mhainneachtana laistigh den SPNF, cosúil le cuid mhaith eagraíochtaí, fréamhaithe go domhain, féin-threisithe agus is deacair iad a athmhúnlú. Thug an t-Athbhreithniú seo le fios nach bhfuil an stádas reatha Rialachais, caidrimh tuairiscithe agus struchtúir foirne éifeachtach agus go bhfuil géarghá le feabhas a chur ar ról caomhnaithe agus forfheidhmithe an Stáit maidir le cosaint an fhiadhúlra agus na ngnáthóg.

I dtaca le **tromachar na fianaise** de dheasca comhairliúcháin agus taighde le geallsealbhóirí ó bhí mí Feabhra 2021 ann, thug tátail na foirne Athbhreithnithe le fios gur 'gairdín a bhfuil faillí déanta air' *de facto* é an SPNF sa tseirbhís phoiblí, a bhfuil aird dhírithe agus phráinneach de dhíth air chun a lánacmhainneachta a bhaint amach.

Tá sraith de 24 **Moladh** curtha i dtoll a chéile i gCuid 5 chun aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a d'aithin an t-athbhreithniú. Tá na moltaí seo bunaithe ar agallaimh le geallsealbhóirí (**Tuarascáil Fhorlíontach 1**), torthaí suirbhé (**Tuarascáil Fhorlíontach 2**), aighneachtaí geallsealbhóirí (**Tuarascáil Fhorlíontach 3**), athbhreithniú tagarmharcála (**Tuarascáil Fhorlíontach 4**), agus corp fianaise a raibh fáil ag na hAthbhreithneoirí orthu i rith na tréimhse Feabhra-Bealtaine 2021 tá siad bunaithe ar dhea-chleachtas in eagraíochtaí comhchosúla.

# 5. Moltaí: an todhchaí

## 5.1 Fís straitéiseach

Ní mór do sheirbhís dúlra agus Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann **fís straitéiseach shoiléir** a fhorbairt, chun feidhmiú go héifeachtach, chun greim ceannaireachta ach go háirithe a fháil ar an bhfreagairt náisiúnta do Straitéis Bithéagsúlachta an AE go 2030 (féach Roinn 2.2), a bheidh ina ndúshláin bhreise dó.

Cé gur príomhthasc é d'fhoireann na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra amach anseo a fís straitéiseach a fhorbairt, molann an tAthbhreithniú 'dréacht oibre" ar mhaithe le Ráiteas **Físe** agus **Misin nua**:

**Fís:**

'*Is riachtanas saoil í an bhithéagsúlacht. Braitheann ár sochaí agus ár ngeilleagar ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Dúlra. Is mór againn ár ndúlra agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfuil sé sláintiúil. Oibrímid as lámha a chéile ar fud na hÉireann agus na hEorpa chun ár mbithéagsúlacht uathúil a chur i láthair, a chosaint agus a athchóiriú*'.

**Ráiteas Misin:**

"*Beidh príomhról againn maidir lenár mbithéagsúlachta agus ár n-éiceachóras a chosaint agus a athchóiriú. Feidhmeoidh ár bhfoireann ar fud an Rialtais, le grúpaí pobail agus leis an tsochaí shibhialta chun feasacht agus cosaint i leith an dúlra a mhéadú. Soláthróimid raon seirbhísí oideachais inár bPáirceanna Náisiúnta agus Anclanna Dúlra, agus déanfaimid iad seo a bhainistiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Baileoimid na sonraí agus an fhianaise éiceolaíochta le cur chuige inbhuanaithe i leith an dúlra a sheachadadh agus chun tacú leis an gcur chuige inbhuanaithe, a bheidh ailínithe leis na hearnálacha agraibhia, turasóireachta agus áineasa. Oibreoimid go dlúth le comhpháirtithe ar fud na ngníomhaireachtaí agus na sochaí chun spriocanna Straitéis Bithéagsúlachta an AE, 2030* a bhaint amach".

## 5.2 Socruithe eagrúcháin agus rialachais

### 5.2.1 Roghanna maidir le todhchaí na heagraíochta

Mar chuid dár dtaighde, chuamar i gcomhairle leis an bhForas Riaracháin (IPA) agus le gníomhaireachtaí eile Stáit maidir leis na critéir agus na tuillteanais ar mhaithe le roghanna rialachais éagsúla don SPNF.

I 2004/5, thug an Foras Riaracháin (IPA) faoin gcéad athbhreithniú iomlán ar ghníomhaireachtaí in Éirinn [72]. Thug tuarascáil an Fhorais Riaracháin le fios '*Nach raibh aon sraith ghinearálta critéar ann chun cabhrú le lucht déanta beartas teacht ar chinneadh maidir le Gníomhaireacht a bhunú nó gan a bhunú ar mhaithe le feidhm phoiblí ar leith a chomhlíonadh'.*

In 2008, rinne an OECD athbhreithniú mionsonraithe tagarmharcála ar Sheirbhís Phoiblí na hÉireann - ***"Éire: I dTreo Seirbhíse Poiblí Comhtháite, Athbhreithniú Bainistíochta Poiblí an OECD"*** [73]. Chuimsigh sé forbhreathnú ar "*Gníomhaireachtaí a Bhainistiú"* in Éirinn, a leag amach sraith critéar/spriocanna ar mhaithe le Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin a chruthú. Ina measc seo bhí:

'Is éard is gníomhaireacht ann ná eagraíocht de chuid na hearnála poiblí a bhfuil cuid de na tréithe seo a leanas nó gach ceann aici:

- *Tá sí éagsúil ó thaobh struchtúir de ó heagraíochtaí eile*
- *Tá cumas áirithe aici maidir le cinnteoireacht uathrialach*
- *Tá ionchas áirithe inti i dtaca le leanúnachas le himeacht ama*
- *Tá acmhainní pearsanta agus airgeadais sainithe go soiléir aici'*

Ba í príomhcheist don OCED ná "an ***struchtúr*** *Rialachais a mheaitseáil* le ***cuspóirí*** na *Gníomhaireachta*" – an dearcadh go dtéann 'foirm i ndiaidh feidhmeannnais'. D'aimsigh an OECD *"gur bhain roinnt cúiseanna, intuigthe agus soiléir araon, le spreagadh chruthú Ghníomhaireachtaí in Éirinn:*

- *Tosaíochtaí beartais nua a gcomharthú agus a gcur i bhfeidhm agus tabhairt le fios go bhfuiltear ag tabhairt faoi ghníomh*
- *De dheasca gheallsealbhóirí, léirithe sa mhéid is go bhfuil boird rialaithe ag gníomhaireachtaí Éireannacha*
- *Le go mbeadh solúbthacht bhainistíochta níos fearr a sholáthar do chomhlachtaí feidhmiúcháin, sainscileanna á gcur ar fáil dóibh agus céadú dóibh díriú níos mó ar fheidhmíocht*
- *Tosaíochtaí rialtais a gcomhordú ag an leibhéal áitiúil*
- Freagairt do cheanglais an Aontais Eorpaigh, amhail neamhspleáchas rialtóirí" [73, pages 294 - 299]

Iarradh ar an Athbhreithniú seo '*éifeachtacht an stádais Rialachais reatha'* san NPWS, lena n-áirítear caidrimh tuairiscithe agus struchtúir foirne, a mheas agus '*roghanna ar mhaithe le SPNF éifeachtúil agus éifeachtach chun ceannaireacht a sholáthar san earnáil phoiblí i dtaca le caomhnú an dúlra a mholadh'.* Dhírigh go leor de na haighneachtaí scríofa ar cheist seo **an rialachais** agus tháinig breis agus céad glaoch ón bpobal ar son *'eagraíochta neamhspleách, uaillmhianach le hacmhainní maithe don todhchaí'.*

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, tugadh cuireadh don fhoireann inmheánach agus do ghrúpaí seachtracha araon a dtuairimí a nochtadh agus measúnú a dhéanamh ar fhiúntais choibhneasta na gceithre rogha leathana maidir le héabhlóid an SPNF amach anseo. Tá siad seo curtha ar fáil thíos, le léargas tosaigh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach rogha. Cé gur féidir é seo a mheas mar achoimre ar shraith breithnithe i bhfad níos casta maidir le stádas Rialachais, tugann sé forbhreathnú ar roghanna cineálacha an SPNF amach anseo. Tá na roghanna seo leagtha amach mar fhreagra díreach ar shainordú an Athbhreithnithe, i.e. "Cuirfidh an t-athbhreithniú moltaí ar fáil ar mhaithe le SPNF atá éifeachtach agus éifeachtúil chun ceannaireacht a sholáthar don earnáil phoiblí ar chaomhnú an dúlra."[32]

**Rogha 1: Fanfaidh an SPNF fós ina chuid den Rannóg Oidhreachta, laistigh den DHLGH**

Sa chás seo, leanfadh an SPNF ar aghaidh ag feidhmiú mar eintiteas 'd'ainm amháin' i.e. i dtéarmaí dlíthiúla, é leabaithe i Roinn Rialtais leathan-speictrim agus 'ní Gníomhaireacht ná comhlacht neamhspleách é'.

Buntáiste soiléir amháin a bhaineann leis an rogha seo ná maidir le beartas. Tá suíochán ag an Rúnaí Cúnta Oidhreachta (a thugann faoi mhaoirsiú ar an SPNF) ar Choiste Bainistíochta an DHLGH, a chuireann lena chumas tionchar ardleibhéil a imirt ar an dúlra agus tacú leis an dúlra; tá dlúthchaidreamh ag an Aire le foireann an SPNF (tríd an Rúnaí Cúnta, agus POanna) agus tá sé freagrach don Oireachtas; agus tá poitéinseal láidir ann ar mhaithe le sineirge leis na Rannáin Uisce agus Pleanála i DHLGH. Mar sin choinneodh an SPNF naisc láidre le raon Rannáin bheartais ábhartha ar fud na Roinne, lena n-áirítear pleanáil, pleanáil spásúlachta uisce agus mhuirí, rialtas áitiúil, réamhaisnéis tuilte de chuid Met Éireann srl. Ina theannta sin, choinneodh an SPNF suíochán ag an mbord beartais dhomhanda ( m.sh. LCG) agus san AE (m.sh. maidir le Beartas Eorpach a fhorbairt), chomh maith le scóip chun tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta, ag obair le Ranna eile.

Ina theannta sin, cinntíonn an rogha seo leanúnachas d'fhoireann an SPNF, tar éis dóibh aistriú go DHLGH in 2020 le déanaí, agus na buntáistí suntasacha a bhaineann le tacaíochtaí gnó agus corparáideacha an DHLGH.

Mar sin féin, tá baol ann nach rachfar i ngleic go héifeachtach agus nach dtabharfar tosaíocht do shaincheisteanna eagraíochtúla, a bhfuil bunús leo le blianta fada, a bhfuil cur síos orthu i Roinn 4 (struchtúr an rialachais, easpa ceannaireachta fócasaithe agus próisis chinnteoireachta). Is údar imní é nach mbainfear amach an soiléireacht fócais ná an fhéiniúlacht straitéiseach atá de dhíth ar mhaithe le sainordú an SPNF a sheachadadh go héifeachtach, go fadtéarmach. Ina theannta sin, tá easpa infheictheachta leanúnach i measc an phobail agus páirtithe leasmhara i dtaca le hobair agus struchtúir an SPNF (mar is léir ón suirbhé ar líne a cuireadh i gcrích ag 2,997 duine).

**Rogha 2: Déantar Gníomhaireacht Feidhmiúcháin den SPNF gan pearsantacht dhlítheanach neamhspleách (amhail Met Éireann, Suirbhéireacht Gheolaíochta, Seirbhís Phromhaidh)**

D'fhanfadh an SPNF ina chuid lárnach de DHLGH, le raon tacaíochtaí gnó agus corparáideacha, agus na buntáistí a bhaineann le tacaíocht Aireachta ag an gComh-Aireacht, agus choinneodh sí suíochán ag an mbord beartais ar fud an domhain (m.sh. CBD), agus san AE (m.sh. maidir le forbairt Beartas Eorpach) agus buntáistí a bhaineann le tionchar díreach a bheith acu ar bheartas náisiúnta, laistigh de agus ar fud Ranna (mar atá thuas).

Sa chás seo, cheapfaí Stiúrthóir lánaimseartha, tiomnaithe chun an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin a threorú (mar is amhlaidh le Met Éireann) a mbeadh am agus sainordú aige díriú 100% ar an SPNF agus a dhúshláin. Bheadh suíochán ag an Stiúrthóir ar Choiste Bainistíochta an DHLGH, lena mbaineann cumas tionchar a imirt agus acmhainní agus sineirgí a lorg ar mhaithe go háirithe leis an SPNF. Mar a léiríodh in éabhlóid rathúil ar mhúnla Met Éireann, tá an cumas ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin a creat straitéiseach féin a fhorbairt, a chruthaíonn sprioc shoiléir agus comhtháthú foirne. Ina theannta sin, bheadh acmhainn ag an SPNF maidir le neamhspleáchas teoranta agus le féiniúlacht níos sainiúla a fhorbairt, rud a bheadh amhlaidh le gníomhaireachtaí dúlra ar fud fhormhór na mBallstát san AE. Cé go gcoinneofaí na rialacha caiteachais agus rialachais chorparáidigh céanna agus a bheadh i Rannáin eile laistigh den DHLGH, d'fhéadfaí brandáil ar leith a fhorbairt chun tacú le hobair an SPNF, agus thabharfadh sé sin féiniúlacht a bheadh inaitheanta laistigh agus lasmuigh den rialtas.

Is iad na sochair bhreise a bhaineann le Gníomhaireacht Feidhmiúcháin, seachas Gníomhaireacht Neamhspleách (rogha 3 thíos), ná go gcoimeádfaí téarmaí agus coinníollacha an fhoireann reatha, go ndéanfaí freastal ar chostais tuarastail agus dliteanais phinsin le vóta iomlán de chuid státchiste na Roinne, agus d'fhéadfaí Gníomhaireacht Feidhmiúcháin a bhunú laistigh de shaolré an rialtais reatha. Go deimhin, tá fasach ann dó sin ag an DHLGH i dtaca le Met Éireann. Ar deireadh, is lú an seans go mbeadh tionchar ag athruithe ar bhaill Rialtais agus Ranna ar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin sa todhchaí.

Ar an taobh thíos de, ní réiteach uathoibríoch é Gníomhaireacht Feidhmiúcháin maidir leis na fadhbanna reatha a aithníodh, agus d'fhéadfaí gur "cóiriú fuinneoige" amháin atá i gceist muna dtugtar aghaidh chomh maith ar shaincheisteanna straitéiseacha, struchtúracha, acmhainní agus eile. Mar sin níor chóir Gníomhaireacht Feidhmiúcháin a chruthú gan athruithe eile a chur chun feidhme.

Cé go bhfuil sainchúram reachtúil ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin laistigh de Roinn comhairle a thabhairt maidir le beartas Rialtais, ar an ábhar sin, tugtar le fios go soiléir an srian bunúsach atá uirthi a bheith ina guth neamhspleách maidir le caomhnú an dúlra. Ina theannta sin, níl saoirse i dtaca le tionscnamh ná an inniúlacht chéanna ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin laistigh den Roinn maidir le 'féintreorú' agus a bheadh ag Gníomhaireacht lán-uathrialach, arna bunú le Reacht Príomhúil (rogha 3 thíos).

**Rogha 3: Gníomhaireacht Neamhspleách (amhail an EPA, TEAGASC, Foras na Mara, Iascach Intíre Éireann)**

Ba é seo céad rogha go leor páirtithe leasmhara seachtracha le linn an chomhairliúcháin. Baineann roinnt buntáistí braite leis an rogha seo, lena n-áirítear go bhféadfadh Gníomhaireacht Neamhspleách an Rialtas a choiméad cuntasach as rialacháin/dea-chleachtas a shárú, go bhféadfadh guth láidir neamhspleách a bheith aici ar son an dúlra, agus go bhféadfadh sí taighde neamhspleách a choimisiúnú ar mhaithe le feasacht an phobail agus athruithe beartais maidir le heochair-chleachtais ar shaincheisteanna a bhaineann lena choimre nádúr, a spreagadh. Agus iad ag feidhmiú mar chomhlacht neamhthráchtála agus mar sin faoi chuimsiú smachtbhannaí DPER, is féidir le Gníomhaireachtaí Neamhspleácha córais a fhorbairt chomh maith ar mhaithe le barrfeabhais agus athchóiriú a bhaint amach ar son earcaíochta le himeacht ama, chun leibhéal níos airde speisialtóireachta theicniúla a thógáil. Ar deireadh, toisc gur Gníomhaireacht Neamhspleách a chruthaítear agus faoi shainordú ag reachtaíocht phríomha, arna rite ag an Oireachtas, is lú an seans go mbeadh tionchar ag athruithe Rialtais uirthi.

Mar sin féin, tá go leor saincheisteanna gur gá a chuir san áireamh maidir leis an rogha seo. Go háirithe, baineann am agus acmhainní le reachtaíocht nua a dhréachtú, cé gur thug sé roinnt geallsealbhóirí le fios gur féidir é seo a bhaint amach go tapa má tá ardtosaíocht pholaitiúil ann. Ina theannta sin, tá impleachtaí ann do stádas na foirne reatha (a mbeadh athrú ó bheith ina státseirbhísigh go fostaithe sa tseirbhís phoiblí i gceist leo), agus bheadh gá le cuid mhaith comhairliúcháin leis an bhfoireann agus le ceardchumainn. D'fhéadfadh aistriú den sórt sin chuig stádas Gníomhaireacht Neamhspleách tionchar a imirt ar dhul chun cinn gairme agus d'fhéadfach go mbeadh an éifeacht ionchasach ar théarmaí fostaíochta a bheith ina gcion tsiocair le dúshláin chaidrimh thionsclaíoch. Ina theannta sin, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith i gceist, go háirithe maidir le pinsin, i bhfianaise phróifíl dhéimeagrafach fhoireann an SPNF (ach is féidir é seo a mhaolú má tá costais oidhreachta mar chuid den phacáiste aistrithe). Mar fhocal scoir de, bheadh athrú ar an gcaoi a bhraitheadh ar an bhfoireann i gcaidreamh idir-ranna/ghníomhaireachta maidir le saincheisteanna uile-Rialtais, agus d'fhéadfadh sé seo a bheith díobhálach, go háirithe ó thaobh forbairt beartais de, agus bheadh gá le rannán breise beartais bithéagsúlachta a chruthú laistigh den mháthair-Roinn.

Bheadh ar Ghníomhaireacht Neamhspleách chomh maith sraith feidhmeanna corparáideacha inmheánacha a chruthú, ina measc Acmhainní Daonna agus Airgeadas, Cumarsáid agus TFC. D'fhéadfaí an tuiscint teacht chun cinn gur laghdú é seo ar leibhéal na n-acmhainní ar mhaithe le chroí-obair an SPNF, lena n-áirítear eolaíocht, caomhnú, oideachas agus bainistíocht na bPáirceanna Náisiúnta. Ar deireadh, tá impleachtaí anseo do reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus don reachtaíocht atá ansin cheana féin, nár mhór a chuir san áireamh.

**Rogha 4: Déan na feidhmeanna a scaradh e.g. bainistiú na bPáirceanna Náisiúnta a aistriú chuig Oifig na nOibreacha Poiblí; déan eolaíocht, treoir agus forfheidhmiú náisiúnta a bhogadh chuig gníomhaireacht eile, e.g. EPA, déan feidhmeanna beartais a choinneáil sa Roinn.**

Sa chás seo, d'fhéadfadh na Páirceanna Náisiúnta agus na réadmhaoine stairiúla gaolmhara agus a gcuid foirne filleadh ar Oifig na nOibreacha Poiblí arís, ag a bhfuil an saineolas chun na sócmhainní seo a bhainistiú, in éineacht lena phunann reatha de láithreacha stairiúla. D'fhéadfaí na Maoirseoirí Caomhnaithe a mhúnlú i gcomhlachas oifigeach Bithéagsúlachta níos leithne, bunaithe laistigh de na húdaráis áitiúla agus ag soláthar raon feabhsaithe d'fheidhmeanna caomhnaithe/forfheidhmithe ag leibhéal áitiúil. D'fhéadfaí an fhoireann um measúnú eolaíoch agus éiceolaíoch a lonnú laistigh de ghníomhaireacht chomhshaoil ábhartha ar nós an EPA, agus sineirgíocht nádúrtha á gcur chun cinn

acu i dtaca le measúnú comhshaoil, agus an fhoireann riaracháin a athshannadh ag feidhmiú le foireann beartais sa Roinn nó ag feidhmiú le 'gníomhaireachtaí glactha' amhail OPW nó EPA.

Ba bheag tacaíochta a léiríodh don rogha seo le linn comhairliúcháin ar chúiseanna éagsúla. Bhaineadh baol leis an gcás seo go gcaillfí 'mais chriticiúil' saineolais i gcaomhnú an dúlra, ar scála náisiúnta agus réigiúnach. Ba bheag an fháilte a chuirfeadh an pobal, eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí náisiúnta nó Eorpacha, in aimsir na 'géarchéime bithéagsúlachta' le briseadh suas na heagraíochta náisiúnta dúlra de-facto agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do cháil idirnáisiúnta na hÉireann. Tá baol soiléir ann go ndéanfaí dochar d'fhorfheidhmiú na reachtaíochta fiadhúlra leis an rogha seo, le tionchair iarmhartacha ar chaomhnú an dúlra agus ar sheasamh dlíthiúil na hÉireann i leith an AE. Ar deireadh, bhaineadh costas agus diomailt ama lena leithéid de 'scaradh' ar fheidhmeanna a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, i dtaca le caibidlíocht le na gníomhaireachtaí 'glactha' agus le grúpaí ionadaíocha foirne, chomh maith le na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineadh le sraith feidhmeanna a aistriú ón SPNF/Aire reatha go comhlachtaí díchosúla.

I bhfianaise an mhéid atá luaite thuas, is faoin Aire agus faoin Roinn ábhartha a bheidh sé cinneadh a dhéanamh ar an rialachas is éifeachtaí don SPNF [Féach **Moladh** uimh. 1]. Mar sin féin, tá ár n-achoimre agus ár réasúnaíocht féin curtha chun cinn againn thíos agus. **Moladh 2**, agus bunú **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin nua don Dúlra** a moladh againn.

**Moladh Achomair agus Réasúnaíocht don Athrú**

I dtaca na fianaise agus an mheasúnaithe atá curtha ar fáil i Roinn 4, molaimid go ndéanfadh an tAire agus an Roinn machnamh stuama maidir le **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin nua don Dúlra** a chruthú lena Stiúrthóir tiomnaithe féin (Rogha 2 thuas), a luaithe is féidir.

Is é seo a leanas an réasúnaíocht achomair a thacaíonn le Gníomhaireacht Feidhmiúcháin:

- Tugann measúnú ar thorthaí Roinn 4 den tuarascáil seo le fios nach bealach inmhianaithe chun cinn é an chéad rogha. Baineann **rioscaí** leanúnacha leis na saincheisteanna agus na heasnaimh atá leagtha amach i Roinn 4 maidir le neamhsheachadadh ghealltanais an AE I dtaca leis an dúlra agus bithéagsúlacht (féach Aguisín 2 maidir le cásanna sáraithe). Ní mór na rioscaí seo a mhaolú i gclár athchóirithe iomlánaíoch lena n-áirítear rialachas, struchtúir inmheánacha, soláthar foirne agus acmhainní feabhsaithe, agus cumarsáid fheabhsaithe.
- Le linn an phróisis chomhairliúcháin fhairsing ó mhí Feabhra 2021, tugadh **tacaíocht** láidir, laistigh den eagraíocht agus i measc raon príomhpháirtithe leasmhara araon, ar son **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin laistigh den Roinn reatha**. I gcodarsnacht leis sin, léiríodh go leor imní maidir le féidearthacht nó an cur isteach i dtaca le Rogha 3, agus Gníomhaireacht Neamhspleách a bunú.
- Bheadh ceapadh **Stiúrthóir lánaimseartha (POF)** (PO) i gceist leis an aistriú go Gníomhaireacht Feidhmiúcháin, d'fhéadfadh leibhéal ardfhócas Bainistíochta 100% eascairt as seo, rud nach féidir a bhaint amach laistigh de struchtúr reatha na rannóige Oidhreachta (lena mbaineann sraith freagrachtaí níos leithne)
- Is comhpháirt ríthábhachtach i dtaca le hathrú eagraíochtúil é **Móiminteam**. Thabharfadh an cinneadh beartais an SPNF a ainmniú mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Dúlra (laistigh den Roinn reatha) le fios go soiléir go raibh tiomantas ar son athchóirithe agus athnuachain ar an SPNF ar aon dul le sainordú an Chláir don Rialtas, chomh maith leis an raon buntáistí mar atá leagtha amach i dTábla 5.1 thuas a scaipeadh.
- Is deis é Rogha 2 **neamhspleáchas** a chuir ar fáil don NPWS chun a fhéiniúlacht agus a straitéis mhionsonraithe a fhorbairt, i gcomhairle leis an bhfoireann, mar is léir ó mhúnla rathúil Met Éireann, a fheidhmíonn mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh den Roinn chéanna.

D’fhéadfaí ‘rogha céimnithe’ a bhreithniú chomh maith más amhlaidh go bhfuil acmhainní méadaithe, go bhfuil soláthar foirne agus cumas ceannaireachta ann. Sa chás seo d’fhéadfadh an tAire na céimeanna riachtanacha a chur i bhfeidhm chun aistriú go **Gníomhaireacht Neamhspleách** lán-uathrialach (mar atá leagtha amach i rogha 3) laistigh de 5 bhliana. Mar sin féin, mar atá luaite thuas, tugann scála an athraithe agus na hacmhainní a bhfuil de dhíth ar son reachtaíochta shaincheaptha agus na hidirbheartaíochtaí gaolmhaire leis na Ceardchumainn, le fios gur próiseas am-íditheach a bheadh ann agus mar sin, ní hé an chéad rogha a moladh a eascraíonn as an athbhreithniú seo.

Anuas ar an gcinneadh maidir le struchtúir rialachais níos leithne, ba cheart ainm nua a bhaisteadh ar an ngníomhaireacht feidhmiúcháin nua chomh maith (mar shampla moladh Nature Ireland / Dúlra Éireann nó An Ghníomhaireacht um Dhúlra agus Páirceanna Náisiúnta), agus ba cheart go mbeadh foireann na Náisiúnta an SPNF sáite sa bpróiseas i dtaca le cinneadh a dhéanamh faoin ainm nua dá n-eagraíocht.

### 5.2.2 Fócas straitéiseach a fheabhsú ar fud na hearnála poiblí - Cur Chuige Comhordaithe tras-Rialtais

Lorgaíodh moltaí i dTéarmaí Tagartha an Athbhreithnithe maidir leis *an “bhéim straitéiseach is fearr do chaomhnú an Dúlra ag gnéithe éagsúla den earnáil phoiblí, go háirithe an Rialtas Áitiúil, Ranna eile, comhlachtaí/gníomhaireachtaí stáit agus cad é an bealach is éifeachtaí oibriú as lámha a chéile leis an SPNF ”.*

Éilíonn sé seo go ndéanfaí machnamh níos leithne ar cén chaoi gur féidir caomhnú an dúlra a eagrú níos fearr agus a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí. Baineann sé seo le níos mó ná sainchúram díreach an SPNF, ach tá sé ríthábhachtach de dheasca na géarchéime bithéagsúlachta reatha agus ba chóir don Aire aghaidh a thabhairt air ag an am céanna.

Chomh maith le hathchóiriú a dhéanamh ar an SPNFé féin, tá sé beartaithe gur féidir an *‘fócas straitéiseach is fearr do chaomhnú an Dúlra de réir ghnéithe éagsúla den earnáil phoiblí’* a bhaint amach le struchtúir agus próisis nua a chruthú do bhainistiú an dúlra in Éirinn, a thógann ar na ceachtanna atá foghlamtha ó rialachas uisce.

Chruthaigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, (i ndlúthchomhairle leis an EPA agus le húdaráis áitiúla) struchtúir agus próisis nua ar mhaithe le rialachais uisce don dara timthriall de chuid Phlean Bainistíochta Abhantrach 2018-2021, mar fhreagra ar chriticí athfhillteacha ar chóras rialachais uisce na hÉireann faoin gCreat-Treoir Uisce. [74]Áiríodh orthu sin struchtúr nua trí shraith, ar an leibhéal náisiúnta (Beartas), teicniúil agus áitiúil. Is sócmhainn thábhachtach laistigh de DHLGH é an taithí is déanaí seo, struchtúir rialachais uisce il-leibhéil a chruthú, ar féidir a úsáid agus rialachais comhthreomhar, nasctha á ndearadh ar mhaithe leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht.

Bhaineadh deiseanna dearfacha le haistriú go Gníomhaireacht Feidhmiúcháin laistigh de DHLGH ar mhaithe le sineirgí idir an rialachas dúlra agus bainistíocht uisce in Éirinn, lena n-áirítear trasnaisc i dtaca le bearta an Chreata Uisce, gníomhaíochtaí réigiúnacha comhordaithe le LAWPRO, údaráis áitiúla, pobail agus líonraí neamhrialtasacha. Féach **Moladh** uimh. 24 thíos.

## 5.3 Cad iad na gníomhartha atá de dhíth?

Tá sé soiléir ón méid dúshlán a bhfuil tagairt díbh i Mír 4 den tuarascáil seo go bhfuil clár athchóirithe eagraíochta agus athraithe struchtúracha de dhíth ar an NPWS chun a mhandáid a sheachadadh sna deich mbliana nó níos mó de bhlianta amach romhainn. Níl na struchtúir ná an

pearsanra Rialachais atá ann faoi láthair in ann tabhairt faoi scála an athraithe ceal easpa cumais (am, tacair scileanna agus tacaíochtaí) ag an am céanna le gealltanais reatha an NPWS.

***NB*** Tá na Moltaí curtha i láthair i seicheamh (féach tábla 5.2) chun **próiseas** ar mhaithe le **hathrú** leanúnach de chuid na foirne ceannaireachta nua sa SPNF, a chruthú. Déantar cur síos ar seo mar cur chuige 'Foghlaim Ghníomhaíochta' ag saineolaithe eagraíochtúla.

Cé go dtugann na Moltaí thíos aghaidh ar go leor de na príomheasnaimh mar a leagadh amach i gCuid 4, ag tosú le Rialachas, níl **struchtúr** inmheánach athbhreithnithe ná treoirphlean don SPNF san áireamh san Athbhreithniú. Tá dhá phríomhchúis leis an gcur chuige seo:

- **Ag teacht leis an bpróiseas athbhreithnithe agus acmhainní**. Áiríodh i dTéarmaí Tagartha an Athbhreithnithe *'Athbhreithniú ar an stádas Rialachais reatha, caidrimh tuairiscithe agus struchtúir foirne"* agus "*moltaí ar mhaithe le socruithe rialachais agus bainistíochta don SPNF".* Tá ceithre rogha leagtha curtha chun cinn againn, i gcuid 5.2 thuas, agus moladh maidir le Rialachas foriomlán an SPNF, i.e. conas gur féidir é a lonnú i dtaca leis an DHLGH agus laistigh den tseirbhís phoiblí. Cé go bhfuil an toil go ndéanfaí dul chun cinn go luath (réitigh) ar dhúshlán na struchtúr inmheánach sa SPNF nua intuigthe, níor cheadaigh na hacmhainní atá ar fáil don chuid seo den Athbhreithniú (Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach, fostaithe go páirtaimseartha ar feadh 5 mhí, lena n-áirítear tréimhse 3 mhí comhairliúcháin), an t-am/spás a bhí riachtanach chun struchtúir inmheánacha nua a leagan amach don SPNF (féach Roinn 3.4). Ina theannta sin, ní raibh teacht ar an tacar scileanna ar mhaithe le hobair mhionsonraithe den sórt sin i dtaca le dearadh eagraíochtúil laistigh den fhoireann Athbhreithnithe, ach is cuid lárnach de Mholadh 6 thíos é.
- **Seicheamh an Phróisis Athraithe.** Mar a luadh i gcuid 5.2.1 thuas, is prionsabal lárnach de dhearadh eagraíochta, mar atá leagtha amach ag an OECD agus eile, é '*struchtúr Rialachais a mheaitseáil le cuspóirí na Gníomhaireachta'.* Sa chás seo, tá loighic na Moltaí soiléir - is faoin Stiúrthóir agus foireann bhainistíochta nua an SPNF teacht ar chomhaontú maidir lena dtreo straitéiseach, arbh chóir a mheaitseáil ar mhaithe le *'struchtúir oiriúnach don fheidhm'* a phleanáil agus a sheachadadh chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá sraith de 24 **Moladh** leagtha amach thíos, a thugann aghaidh ar na príomhdhúshláin a aithníodh i gCuid 4 den Athbhreithniú. Níl siad curtha ar fáil ar mhaithe le bheith saintreorach nó le dul i ngleic leis na saincheisteanna mionsonraithe go léir a thug geallsealbhóirí an SPNF le fios, ina ionad sin, cuirtear ar fáil iad chun **próiseas** agus ardán ar mhaithe le **hathrú oiriúnaitheach** leanúnach de chuid na foirne ceannaireachta nua sa todhchaí sa SPNF, a chruthú (Bosca 5.1).


Ní ceisteanna 'teicniúla' amháin iad na dúshláin a aithníodh san athbhreithniú seo arbh féidir dul i ngleic leo le réitigh shoiléire theicniúla. Ina ionad sin is 'dúshláin oiriúnaitheacha' gnáthacha iad, a bhfuil foghlaim, athchóiriú agus obair de dhíth i dtaca leo, ó na geallsealbhóirí uile – ag leibhéal polaitiúil, ag an mbainistíocht shinsearach, agus ag an bhfoireann. Ós rud é go mbaineann tacar scileanna speisialaithe le hathrú eagraíochtúil san earnáil phoiblí a bhainistiú, moltar 'Foireann Idirthréimhse' a bhunú, lena n-áirítear tairiscint a dhéanamh ar mhaithe le saineolas teach deartha eagraíochtúil féach **Moltaí** uimh. 4 agus 6).

**Bosca 5.1 Ceannaireacht Oiriúnaitheach agus Athrú**:

*"Is éard is ceannaireacht oiriúnaitheach ann ná an cleachtas a bhaineann le daoine a shlógadh chun dul i ngleic le dúshláin deacra agus chun a bheith rathúil. Tógann athrú oiriúnaitheach rathúil ar obair an ama atá caite seachas é a chaitheamh ar leataobh. Bíonn sé ag brath ar ilchineálacht agus ar fhaisnéis chomhchoiteann. Cothaíonn sé freagracht chomhroinnte as an eagraíocht.*

*Is próiseas foghlama é an t-athrú - forbraíonn sé cumas ceannaireachta agus téann chun leasa na foghlama leanúnach. Forbraíonn sé le turgnamh, i roinnt céimeanna, agus thar tréimhse ama." [75]*

**Céimeanna na nAthruithe Oiriúnaithe, curtha i bhfeidhm ar an SPNF** [adapted from 76]




### 5.3.1 Achoimre ar Mholtaí

I gcomhréir leis na Téarmaí Tagartha don athbhreithniú, déantar achoimre ar na Moltaí in ord ama sa **bPlean Gníomhaíochta Tosaíochta do 2021 - 2024**, Roinn 5.4.

**Moladh** uimh. 1 Ba chóir don Aire, i gcomhairle le hoifigigh de chuid DHLGH, seasamh críochnúil a thógáil i dtaca leis an Athbhreithniú agus próiseas a chur i bhfeidhm ar mhaithe le freagairt/cur I bhfeidhm na Bainistíochta.

Is í an chéad phríomhchéim ná cinneadh a dhéanamh i dtaca leis an rogha straitéiseach is fearr ar mhaithe le **Rialachas agus struchtúr an SPNF** sa todhchaí (féach Roinn 5.2) mar chreat chun an tAthbhreithniú seo a chur chun cinn.

**Moladh** uimh. 2 Ba cheart don Aire, i gcomhairle le hoifigigh de chuid DHLGH, cinneadh a dhéanamh maidir le **hainm** sa todhchaí, nó mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an tAire a thabhairt le fios gur chóir go mbeadh foireann an SPNF páirteach sa phróiseas chun an t-ainm nua a cheapadh dá n-eagraíocht, in éineacht le Plean Straitéiseach a fhorbairt (féach **Moladh** uimh. 5 thíos). Tá tuilleadh faisnéise agus roghanna leagtha amach i Roinn 5.2.

**Moladh** uimh. 3 Ba chóir go lorgódh an tAire agus DHLGH an faomhadh riachtanach chun post an Stiúrthóra (POF) don SPNF nua a bhunú agus a líonadh. Tá sé soiléir ón measúnú i gCuid 4 den tuarascáil seo go bhfuil **Stiúrthóir** lánaimseartha, tiomnaithe, ag leibhéal Rúnaí Cúnta nó a chomhionann, riachtanach chun an t-athrú ar an NPWS a threorú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo. Bheadh sé riachtanach go mbeadh scileanna, oiliúint agus taithí ag an Stiúrthóir ar eagraíocht mhór, ilghnéitheach, fheidhmiúil a reáchtáil agus go hidéalach ba

cheart go mbeadh cúlra eolaíoch éiceolaíoch/comhshaoil acu agus tuiscint dhomhain ar an SPNF agus na dúshláin atá roimhe amach. Tá Stiúrthóir tiomnaithe de dhíth, chun cinnteoireacht ó lá go lá a sholáthar lena chinntiú go seachadtar tosaíochtaí an Rialtais thar ceann an Aire, chun an eagraíocht a chomhordú, chun muinín a athchruthú agus chun cumarsáid a fheabhsú i measc rannóg, próisis agus nósanna imeachta inmheánacha a chur i bhfeidhm a bhfuil cuntasacht ag baint leo, agus eagraíocht fheidhmiúil, ghairmiúil, chomhsheasmhach a chruthú.

Bheadh an Stiúrthóir ag feidhmiú leis an bhfoireann Idirthréimhse agus le sainchomhairleoirí (féach **Moltaí** uimh. 4 agus 6 thíos) chun timpeallacht a chruthú ar mhaithe le cultúr comhleanúnach, comhordaithe agus dearfach. Thar aon ní eile, bheadh ar an Stiúrthóir ceannaireacht a sholáthar, ionas go gcuirfeadh an SPNF nua teachtaireacht láidir aontaithe i láthair faoin tábhacht atá le gníomhaíochtaí don dúlra agus don bhithéagsúlacht a chomhtháthú i ngach gné de shochaí na hÉireann.

**Moladh** uimh. 4 Go gcuirfeadh an tAire agus DHLGH **Foireann Idirthréimhseach** ar bun ar mhaithe leis an bpróiseas athraithe a threorú don NPWS nua. Ba cheart go n-áireofaí ar an bhfoireann seo an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/Stiúrthóir nua (a luaithe a cheaptar iad), na Príomhoifigigh reatha agus na Príomhoifigigh nua agus baill den fhoireann tacaíochta don Aistriú, atá le haithint ag an Roinn. Tá sé tábhachtach go mbeadh dóthain foirne agus acmhainní ag an bhfoireann chun na hathruithe atá de dhíth a sheachadadh go tráthúil. Níor chóir go mbeadh an t-am agus na hacmhainní a leithdháiltear ar an aistriú seo ina ualach ar na hualaí oibre atá ann cheana féin agus nach laghdódh siad an obair leanúnach.

**Moladh** uimh. 5 Ba cheart go rachadh an fhoireann Aistrithe i mbun agus go ndéanfadh siad maoirseacht, ar an bpróiseas chun **Plean Straitéiseach** a fhorbairt don SPNF nua. "*Níl aon doiciméad ná plean straitéiseach ann"* chun obair an SPNF a threorú agus a chur in ord tosaíochta, i bhfianaise a sheasamh mar líne chomhábhar den Roinn, mar atá leagtha amach ag Mír 4.1.3. Rachaidh an Plean Straitéiseach faoi phlean an DHLGH (mar is amhlaidh le Met Éireann) agus faomhfaidh an Bord Bainistíochta é, ach cuirfidh sé an príomhfhócas ar na súile d'fhoireann an SPNF, agus cuideoidh sé le tuiscint a chothú ar shainspriocanna straitéiseacha ar mhaithe leis an SPNF.

Ag eascairt ó thaithí Met Éireann, tá an próiseas i dtaca le Plean Straitéiseach a fhorbairt ina chúis spreagtha chun rannpháirtíocht na foirne a fhorbairt ar mhaithe na todhchaí a mhúnlú, beag beann ar rogha an rialachais straitéisigh. In 2017, bhunaigh Coiste Bainistíochta Met Éireann roinnt tascfhoirne ar mhaithe le spriocanna straitéiseacha a fhorbairt agus a gcuid seirbhísí i leith na haimsire agus na haeráide a fhorbairt, lena n-áirítear foireann a raibh freagrachtaí i dtaca le hEagraíocht Inmheánach orthu. I dtaca leis an SPNF nua, ba cheart **Foireann Straitéise** a bhunú a mbeadh ionadaíocht aici i dtaca le trasghearradh gráid, disciplíní agus meascán réigiúnach. Is bunchloch de rialachas éifeachtach is ea pleananna straitéiseacha ilbhliantúla a ullmhú. Tá an próiseas comhairliúcháin i leith an Dréachtphlean chomh maith ag feidhmiú mar phríomhmheicníocht lena leagtar síos ionchais laistigh den Roinn agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

**Moladh** uimh. 6 Ba cheart go n-ullmhódh DHLGH agus Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir an NPWS nua creat-tairiscint chun seirbhísí comhairleoireachta gairmiúla bainistíochta a fhostú, le treoir chun tacú leis an bhfoireann Aistrithe i dtaca le clár **d'athrú Eagraíochta**, maidir le struchtúir agus próisis eagraíochtúla na todhchaí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus an Plean Straitéiseach nua á chur san áireamh. Bheadh acmhainní agus saineolas breise i seilbh na eagraíocht de dheasca na cuideachta seo, i bhfianaise na bearna sa taithí atá ansin cheana féin maidir le hathrú eagraíochtúil a phleanáil agus a sheachadadh.

**Moladh** uimh. 7 Ba cheart don fhoireann Aistrithe, le tacaíocht ó chomhpháirtithe comhairleacha bainistíochta, dul i gcomhairle leis an bhfoireann Straitéise (féach Moladh uimh. 5 thuas) agus ionadaithe foirne i dtaca le **struchtúr**, na todhchaí lena n-áirítear struchtúir **Foireann-Bhunaithe** a chruthú ar fud an SPNF nua. *Mar a luadh i Roinn 4.2.4 thuas, "tá easpa speisialtóireachta*

*feidhmiúil le Réigiúin, rud a fhágann go bhfuil sainchúraimí an-leathana ag baill foirne".* Ar fud na Gníomhaireachta, (m.sh. i mBaile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Cill Airne (Co Chiarraí), An Clár, Conamara agus Páirc an Chúil (Co. na Gaillimhe), Baile Chruaich (Co. Mhaigh Eo), Béal an Átha Fada (Co Shligigh), Gleann Bheatha Co. Dhún na nGall), tá deis ann foirne ilfheidhmeacha a thógáil a chuimseoidh obair na nÉiceolaithe, na Maoirsithe Caomhantais, lucht bainistíochta na Páirce agus foireann Oideachais. (Ba cheart go mbeadh sainchúram Muirí san áireamh sna na foirne réigiúnacha seo agus freagrachtaí an SPNF sna réimsí ábhartha (feach **Moladh** uimh. 11 thíos).

**Moladh** uimh. 8 Ba cheart don Fhoireann Aistrithe céimeanna a ghlacadh láithreach ar mhaithe le **cumarsáid inmheánach éifeachtach** a bhunú laistigh den SPNF nua agus den DHLGH. Ba cheart am a chur ar fáil de gach ball de chuid na heagraíocht ar mhaithe le cumarsáid lena chéile, go cothrománach ar fud na heagraíochta agus go hingearach laistigh de struchtúir tuairiscithe. Baineann cuid mhór tábhachta le comhdhálacha, tuairisciú chun dáta ar leas foirne, seimineáir/seimineáir ghréasáin nuachtlitreacha, dámhachtainí/duaiseanna agus aitheantas sármhaitheasa, agus deiseanna don fhoireann teacht le chéile agus bualadh le chéile go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, ar mhaithe le meanma na foirne a mhéadú, agus chun an eagraíocht a fhorbairt mar fhoireann fheidhmeach a oibríonn le chéile de réir na gcomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach.

**Moladh** uimh. 9 Ba cheart don Fhoireann Aistrithe an bealach is fearr tacú leis an **bhfoireann eolaíoch agus cur le tionchar eolaíoch na heagraíochta**, a mheas. Tá 'Príomh-Eolaí' ag tíortha Eorpacha eile ina gcomhlacht cosanta dúlra (m.sh. Sasana Nádúrtha) a chothaíonn agus a thógann ar chumas teicniúil agus eolaíoch na heagraíochta, ar mhaithe leis an bhfianaise agus na scileanna a chuirtear i bhfeidhm go praiticiúil, a uasmhéadú. Tá ardáin bheartais eolaíochta ag cuid eile a sholáthraíonn tacaíocht eolaíoch ar mhaithe le beartas, bróicéireacht eolais agus rochtain ar shonraí (m.sh. an Bheilg). Tá eolaithe den scoth ag an SPNF reatha, ach níl an leas is mó á bhaint as a gcuid scileanna, agus níl an cumas acu nasc níos bríonna a dhéanamh leis an bpobal taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta (féach Moladh uimh. 23 i dtaca le taighde thíos). Ina theannta sin, tá gá le idirghníomhaíocht sa bhreis a fhorbairt idir an t-aonad eolaíochta agus an fhoireann réigiúnach. Ba cheart go dtabharfadh na foirne Straitéise agus Trasdula aghaidh ar na saincheisteanna seo uile (féach Moltaí 5 agus 7 thuas).

**Moladh** uimh. 10 Ba chóir don Roinn leanúint ar aghaidh le bunú na foirne **Bearta Caomhnaithe**, lena n-áirítear earcú poist ag leibhéal/PO (le heolas teicniúil ar na disciplíní ábhartha san éiceolaíocht talún agus/nó mhuirí) chun an fhoireann seo a threorú. Mar a luadh i Roinn 4.2.1 thuas, tá Éire gafa le cás sáraithe de chuid an AE (2015/2006) agus ceanglaítear uirthi cur chuige comhleanúnach a fhorbairt maidir le bearta caomhnaithe a leagan síos agus a sheachadadh (CManna). Is í an SPNF an príomhfhreagróir sa chás seo ar son na hÉireann. Beidh ar an SPNF freagairt chomh maith don bheartas atá ag teacht chun cinn maidir le hathchóiriú, agus tacú le dréachtú an Phlean Athchóirithe Náisiúnta.

Freagraíonn an Moladh seo leis an moladh i bPlean Fórsa Saothair na Roinne, 2021, i.e. gur cheart foireann Bearta Caomhnaithe nua, comhdhéanta de 30 ball foirne, a bhunú chun CManna a sheachadadh ar bhealach tiomnaithe. Cé go nglactar leis go bhfuil faomhadh tugtha do chéim tosaigh na hearcaíochta (10 mball foirne), ní leor an luas seachadta chun scála an chion oibre a chomhlíonadh. Ní mór an chroífhoireann seo a cheapadh le linn 2021 agus mandáid a bhronnadh uirthi chun tacaíocht a sheachadadh agus a tharraingt chuici ó Ranna Rialtais eile.

**Moladh** uimh. 11 Ba cheart don Roinn agus don Fhoireann Aistrithe céimeanna luatha a ghlacadh orthu féin chun cur le cumas na Gníomhaireachta maidir le **caomhnú Muirí**. Mar atá leagtha amach I Roinn 4.9 thuas, tá easpa cumais ag an SPNF i dtaca le bithéagsúlacht mhuirí i láthair na huaire, rud atá mar chuid lárnach de shainchúram an SPNF agus níl dóthain acmhainní aici chun na spriocanna ard-uaillmhianacha maidir le fuinneamh amach ón gcósta atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas agus I bpleananna Gníomhú ar son na hAeráide, a bhaint amach. Leag geallsealbhóirí mara béim

ar an easnamh anseo le linn na céime comhairliúcháin phoiblí den athbhreithniú. Ní mór don SPNF raon iomlán na riachtanas a fhiosrú, i gcomhairle leis na comhghleacaithe mara laistigh de DHLGH agus (bunaithe ar thoradh na fiosraithe seo) cás a dhréachtú ar son Aonad Muirí tiomnaithe, leis an gcumas freagairt do na riachtanais earnála agus reachtúla méadaithe. Ní mór don SPNF tacar mionsonraithe de nósanna imeachta oibriúcháin (MoUanna) a fhorbairt in éineacht leis na príomhghníomhaireachtaí eile sa timpeallacht éabhlóideach seo – Foras na Mara, an Ghníomhaireacht um Rialáil Mara (MARA) agus an Bord Pleanála, chun a róil agus a n-idirghníomhaíochtaí faoi seach a shoiléiriú.

D'fhéadfadh an tAonad treisithe um Chaomhnú Muirí laistigh den SPNF nua a bheith in ann príomhról a ghlacadh i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm an ghréasáin de Limistéir Chosanta Mhuirí, mar a shamhlaítear é i ndoiciméid bheartais na hÉireann agus i straitéis Bithéagsúlachta an AE[77][14].

**Moladh** uimh. 12 Ba chóir don Roinn/SPNF bealaí le deiseanna gairme agus oiliúna a éascú d'fhoireann uile an SPNF, a fhiosrú. De dheasca thorthaí an athbhreithnithe seo, ba cheart don DHLGH/SPNF na Ceardchumainn ábhartha agus an DPER a spreagadh chun bealaí a fhiosrú chun deiseanna gairme a oscailt d'fhoireann uile na SPNF agus ar mhaithe le comhtháthú na mball foirne atá ainmnithe mar **Tionsclaíoch** (100 ball foirne coibhéise lánaimseartha, tá sonraí in Aguisín 7, lena n-áirítear foireann shéasúrach) isteach san SPNF. Bheadh sé seo ar aon dul le Plean Athnuachana na Státseirbhíse - "*Próisis earcaíochta agus ardú céime a oscailt ag gach leibhéal*" agus "*Deiseanna gairme agus soghluaisteachta don fhoireann a leathnú thar theorainneacha geografacha, eagraíochtúla agus earnála*" [78]. Cé go bhfuil sé tugtha le fios gur saincheisteanna casta agus stairiúla iad seo, ba cheart don DHLGH/SPNF dul i dteagmháil leis na Ceardchumainn ábhartha agus le comhlachtaí reachtúla eile atá ag feidhmiú ar mhaithe le réiteach a bhaint amach, ar mhaithe le hardmhianta fadtéarmacha na foirne agus leis an bPlean Athnuachana.

**Moladh** uimh. 13 Leag Cuid 4.5.1 agus 4.5.4 béim ar dhúshláin agus ar dheiseanna na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, ceannaireacht náisiúnta i réimse an oideachais agus na foghlama i dtaca le dúlra a bhaint amach, ag cur lena réimse naoi bhfoireann agus áiseanna ag na Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra roghnacha. Moltar go gceapfaí **Ceann Oideachais** tiomnaithe, lánaimseartha chun tabhairt faoi cheannaireacht ar sheachadadh an chláir Oideachais agus Rannpháirtíochta sa SPNF. Tá ról an cheannasaí Oideachais lonnaithe sa Rannóg Eolaíochta agus Bithéagsúlachta, ach ní raibh sé seo ag teacht go dlúth leis an bhfoireann Oideachais agus Treoraithe sa líne tosaigh ar fud sheirbhísí an SPNF. Feictear go raibh post mar 'Cheann Oideachais agus Seirbhísí Cuairteoirí' i nDúchas (1995 - 2003) roimhe seo ach tá an deis straitéiseach níos mó ná riamh, i ndiaidh COVID-19, 'cohórt de chumarsáidithe eolaíochta éifeachtacha' a mhúnlú chun gníomhú leis an pobal. Moltar chomh maith, le forbairt an Chláir seo, gur cheart don SPNF comhghuaillíochtaí straitéiseacha a thógáil go réigiúnach le líonra na mBord Oideachais agus Oiliúna agus le gníomhaireachtaí, grúpaí pobail agus deonacha (m.sh. Cór Caomhnaithe) a mbeadh comh spéis acu i leith an dúlra agus oideachas bithéagsúlachta.

**Moladh** uimh. 14 Bhí sé de chúram sonrach ag an Athbhreithniú '*na riachtanais foirne a mheas chun torthaí rathúla a chumasú'* chun dul i ngleic leis na dúshláin don deich mbliana atá amach romhainn.

Ba cheart don Stiúrthóir agus don fhoireann bhainistíochta **Plean Fórsa Saothair agus Réamhaisnéis i dtaca le Meastacháin do 2022 a chur faoi bhráid DHLGH** chun dúshlán uile de chuid an SPNF a léiriú, mar atá leagtha amach san Athbhreithniú agus Moltaí, ag leanúint ar na cinntí maidir le rialachas an SPNF sa todhchaí.

Cé go dtiocfar ar chinneadh i dtaca le riachtanais foirne amach anseo tríd an bpróiseas pleanála Fórsa Saothair do 2022 agus 2023, moltar go líonfaí na folúntais reatha (folúntas ceadaithe) agus go mbeadh riachtanais foirne bhreise láithreacha. Measaimid go mbeidh **90 ball foirne breise ar a laghad** de dhíth, anuas ar na folúntais atá ceadaithe, sna réimsí tosaíochta seo don SPNF in 2021-22, i ndiaidh cainteanna le baill d'fhoireann Bainistíochta an SPNF, athbhreithniú ar an

Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta do na Páirceanna Náisiúnta (TIMP, féach cuid 4.5.2), pleananna Fórsa Saothair an earraigh 2021 ó gach foireann, agus de réir na Moltaí i rannán 5 den athbhreithniú seo, (Tábla 5.1). Nuair a bheadh críoch leis seo, chinnteodh sé go raibh an **líon iomlán reatha de 360** (Tábla 4.6) ardaithe **go líon inbhuanaithe de 450 ball foirne faoi dheireadh 2022.**

**Tábla 5.1 Íoslíon measta na mball foirne breise atá de dhíth, anuas ar na folúntais cheadaithe, don SPNF in 2021-22**

| **Limistéar/Cineál Foirne** | **Roinn*** | **Líon Foirne** |
|---|---|---|
| An tAonad um Bearta Caomhantais (Príomhoifigeach, G1, G2, G3) | CM | 30 |
| Aonad Eolaíoch/Muirí (beirt Éiceolaí G2, duine amháin G3 agus EO) | SB | 4 |
| An tAonad um Ghníomhú Aeráide | SB | 2 |
| Bainistíocht Sonraí agus Tacaíocht GIS | SB agus PLD | 4 |
| Comhordú agus riarachán clár taighde | SB | 2 |
| Aonad bainistíochta clár LIFE | PLD nó CM | 1 |
| Bainisteoirí Páirce do gach ceann den sé Pháirc Náisiúnta | SRPM | 6 |
| Oifigigh Chaomhantais Cheantair (DCOs) | SRPM | 10 |
| Oibrithe ginearálta/Ceardaithe do gach ceann de na Páirceanna Náisiúnta | SRPM | 16 |
| Aonad Measúnaithe Éiceolaíochta - Éiceolaithe G2 agus Éiceolaí amháin G3 | LL | 4 |
| An tAonad Reachtaíochta agus Treorach (na hAchtanna um Fhiadhúlra, rialacháin um Ghnáthóga) | LL | 2 |
| Aonad Coireachta Fiadhúlra | LL | 3 |
| Ceannasaí Oideachais | SRPM | 1 |
| Ceannasaí Cumarsáide | SRPM | 1 |
| Tacaíocht gnó agus Riarachán | ALL | 4 |

*Déantar leithdháileadh tosaigh a leagan amach de réir na Roinne reatha, mar eolas: Straitéis, Bainistíocht Réigiúnach & Réadmhaoine = SRPM; Eolaíocht & Bithéagsúlacht = SB; Reachtaíocht & Ceadúnú = LL; Ainmniú Tailte Móna & Talún= PLD; Bearta Caomhnaithe = CM

De dheasca na hearcaíochta seo, ba cheart don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra leanúint den phlé leis an DHLGH agus leis an DPER chun teacht ar chumas ar mhaithe le foireann shainithe theicniúil agus eolaíoch a fhostú ag leibhéal a oireann dá dtaithí agus dá n-ionchais i leith an róil (m.sh. foireann eolaíochta Gr. 3, CRanna), agus deiseanna oiliúna agus ardú céime a sholáthar de réir mar is cuí. Tá na cúiseanna ar chóir Oifigigh Chaomhantais Cheantair breise agus GOanna a chuimsiú leagtha amach i Moladh uimh 17 thíos, i dtaca leis na Páirceanna Náisiúnta agus Anclanna.

Cé nach raibh an t-am acu nó go raibh sé sa bhreis ar inniúlacht na foirne athbhreithnithe impleachtaí airgeadais na hearcaíochta seo a chainníochtú go mion, meastar gurb é costas incriminteach a bhaineann leis an 90 post mar a mholtar thuas ná thart ar **€4.9 milliún in aghaidh na bliana** (bunaithe ar mheántuarastail mhí Dheireadh Fómhair 2020 do na gráid faoi seach). Beidh maoiniú de dhíth ar an Roinn ón DPER don chéad chéim eile d'athchóiriú na SPNF.

**Riachtanais Foirne faoi 2030**. Níl se indéanta, laistigh de shrianta an Athbhreithnithe seo, meastóireacht iomlán a dhéanamh ar 'riachtanas foirne an SPNF le freastal ar na dúshláin do na deich mbliana atá amach romhainn'. Mar sin féin, is féidir réamh-mheastachán a dhéanamh ó bhunlíne nua de 450 ball foirne atá beartaithe do 2022, agus na príomhthiománaithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- Cruthaíonn méadú ar **líon na gcuairteoirí** ón mbonn reatha 4 mhilliún in aghaidh na bliana ag láithreáin SPNF, arna spreagadh ag cuairteoirí intíre agus téarnamh na turasóireachta idirnáisiúnta tar éis 2023, éileamh ar bhainistiú cuairteoirí, ar oideachas, ar shábháilteacht agus ar chothabháil láithreán (féach cuid 4.2)
- I gcomhréir leis na ceanglais maidir le hainmniú agus athchóiriú sa bhreis atá beartaithe i **Straitéis Bithéagsúlachta an AE** go 2030 (Roinn 2.2), beifear ag súil go gcinnteoidh an Stát cosaint do limistéar geografach atá méadaithe go suntasach. Méadóidh na héilimh ar fud an SPNF, lena n-áirítear foirne Eolaíochta agus Bithéagsúlachta, athchóiriú tailte móna, Bearta Caomhnaithe, de dheasca sheachadadh na straitéise,
- Ní mór don SPNF foireann Mheasúnaithe Mara neartaithe a thógáil, de dheasca ghéarghá na hÉireann creat tras-Rialtais a chur i bhfeidhm chun na spriocanna um Ghníomhú Aeráide i dtaca le **fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta** (féach roinn 4.9) mar atá leagtha amach i Moladh uimh. 11 thuas.

I bhfianaise na dtiománaithe seo agus ag tógáil ar thagarmharcanna idirnáisiúnta na ngníomhaireachtaí Dúlra ar fud an AE (féach Aguisín 4), tugann croí-líon de **600 ball foirne faoi 2030** fás bliantúil de thart ar 4% in aghaidh na bliana le fios agus is sprioc réalaíoch é seo.

**Moladh** uimh. 15 Ní mór don SPNF nua ceannaireacht i leith an dúlra a léiriú, agus feidhmiú mar chrann seasta ar son an dúlra go náisiúnta (laistigh agus lasmuigh den rialtas) agus go hidirnáisiúnta. Ní mór don SPNF tosaíocht a thabhairt do chaidreamh poiblí agus **Ceannaire Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí** tiomnaithe a bhunú (a thuairiscíonn do Phríomhoifigeach), mar chuid dá phleanáil I dtaca le fórsa saothair, chun foireann fhuinniúil a threorú ar mhaithe le cumarsáid sheachtrach agus na meáin shóisialta a chomhordú. Chuirfeadh an fhoireann seo leis an dea-thoil a d'eascair as Comhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta in 2019. D'oibreodh sé go dlúth leis an Stiúrthóir/POF, Aonaid Eolaíochta, Oideachais agus Páirceanna Náisiúnta laistigh den SPNFchun poiblíocht a bhaint amach ar mhaithe le staid an dúlra agus chun luachanna iolracha an dúlra, an obair dhearfach a bhfuil an SPNF nua ina bun, a chur chun cinn agus i dtaca le hiarmhairtí diúltacha choireanna fiadhúlra. Mar is amhlaidh le Met Éireann faoi láthair, dhéanfadh Ceannaire Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí an SPNF dlúthcheangal le hAonad Cumarsáide níos leithne de chuid an DHLGH agus bhaineadh feidhm as na raon scileanna atá ar fáil ann.

Ní mór don SPNF nua dul i dteagmháil le comhlachtaí rialtais eile, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le grúpaí ábhartha eile chun comhpháirtíochtaí éifeachtacha, malartú eolais déthreo a chinntiú, agus go mbeadh gach duine soiléir faoina gcuid ról agus freagrachtaí. Ní mór go mbeadh bealaí soiléire ar son rannpháirtíochta (maidir le ceadúnas, coireacht fiadhúlra, pleanáil, ainmniú, speicis agus gnáthóga), agus cuir chuige íogaire, ionas go mbeadh páirtithe leasmhara in ann a n-ionchais i dtaca leis an SPNF nua a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Ba cheart don SPNF, in éineacht le forbairt an phlean Straitéisigh agus an chláir Chumarsáide a bhaineann leis, smaoineamh ar chóras gearán poiblí a bhunú, a bheadh ar aon dul nó comhtháite leis an gceann atá i bhfeidhm ar mhaithe le comhlachtaí gaolmhara ar nós an EPA agus Iascaigh Intíre Éireann.

**Moladh** uimh. 16 Is comhartha tábhachtach ratha é cumas fhoireann an SPNF **ag dul i ngleic** le pobail, maidir le feidhmiú as lámha a chéile le pobail i dtaca le caomhnú an dúlra, le feirmeoirí agus úinéirí portaigh maidir le bearta Talmhaíochta agus athchóiriú tailte móna. Ní mór don SPNF foireann tiomnaithe **idirchaidrimh Phobail** a earcú a bhfuil saineolas acu ar rannpháirtíocht pobail agus eolas acu ar chur chuige rannpháirteach i dtaca le caomhnú, mar chuid dá phleanáil fórsa saothair don todhchaí. Spreagfar na baill foirne Pobail seo freisin chun oiliúint ar an láthair oibre a sholáthar, agus iad ag obair mar chuid d'fhoirne trasfheidhmeacha Réigiúnacha (féach Moladh 7), i dtaca le sárchleachtas rannpháirtíochta do chomhghleacaithe SPNF sna foirne Eolaíochta agus Maoirsithe Caomhnaithe. Ba chóir don SPNF breathnú ar LAWPRO agus foghlaim óna dtaithí siúd.

**Moladh** uimh. 17 Mar a leagtar amach i Mír 4.2.2 thuas, níl aon fhoireann bainistíochta tiomnaithe eisiach ann don sé Pháirc Náisiúnta - bíonn an PO um Oibríochtaí agus Straitéis Réigiúnach, an tAonad Páirceanna agus Anclanna agus Bainisteoirí Réigiúnacha agus Rannacha i bhfeidhm an róil seo, chomh maith le raon leathan dualgas eile ar fud na réigiún, lena n-áirítear caomhnú, measúnú, forfheidhmiú agus maoirseacht foirne. Ós rud é go dtugann ceithre mhilliún cuairteoir in aghaidh na bliana (nuair a chuirtear na Anclanna Dúlra ar fad san áireamh) cuairt ar shaoráidí comhcheangailte an SPNF agus go meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí, níl an socrú seo inbhuanaithe.

Moltar seisear **Bainsteoirí Páirce** a cheapadh, duine amháin do gach ceann de Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann. Áiríodh an Moladh seo ar son cheapadh Bhainisteoirí Páirce in athbhreithniú Grant Thornton (2010) ach níl sé curtha i bhfeidhm. Tá sé beartaithe go mbeadh na struchtúir leibhéil agus grádaithe chuí do Bhainisteoirí na Páirce cinntithe ag foireann Bainistíochta an SPNF i gcomhairle le hAcmhainní Daonna agus na saineolaithe athchóirithe eagraíochta seachtraí (de réir Moladh uimh. 6 thuas) Ní mór dualgais na foirne réigiúnaigh, lena n-áirítear Maoirseoirí Caomhnaithe, a dháileadh I leith na Páirce Náisiúnta agus róil níos leithne (neamh-Pháirc), agus níos mó speisialtóireachta a éascú.

Moltar i Moladh uimh. 14 thuas go mbeidh 10 OCD breise ag teastáil faoi 2022, agus an earcaíocht cheadaithe de suas le 50 saoiste nua caomhnaithe agus na limistéir gheografacha leathana atá le clúdach, á gcur san áireamh. Ina theannta sin, ba chóir foireann eolaíoch thiomnaithe amháin nó níos mó a cheapadh agus a shannadh ar mhaithe leis na Páirceanna. Chomh maith leis an moladh maidir le soláthar foirne thuas, ullmhófar plean Fórsa Saothair ar mhaithe le gach Páirc, mar chuid de na pleananna Rannáin do 2023, agus na hoibleagáidí atá leagtha amach sna dréacht-Phleananna Bainistíochta Páirce (féach thíos) maidir le caomhnú, turasóireacht agus bainistíocht taitneamhachta, treoraithe, oideachas, bainistíocht réadmhaoine agus riarachán á gcur san áireamh.

Chomh luath is atá Bainisteoirí Páirce agus foireann tacaíochta i bhfeidhm do gach ceann de na Páirceanna Náisiúnta, ba chóir go leanfadh an SPNF nua ar aghaidh in 2022/2023 le dréachtú agus comhairliúchán i dtaca le **Pleananna Bainistíochta Management** ar mhaithe leis na Páirceanna Náisiúnta. Is dúshlán suntasach é seo, ó fhianaise agus taithí phleananna ón am atá caite (m.sh. i gCill Mhantáin agus i gCill Airne) agus beidh próiseas fairsing comhairliúcháin le pobail áitiúla, le geallsealbhóirí agus leis an bhfoireann caomhantais, de dhíth. Ina theannta sin, beidh príomhróil ag Bainisteoirí Páirce i leith na cumarsáide, phleanáil tionscadail, ag tabhairt faoi mhonatóireacht agus bainistíocht ar shábháilteacht cuairteoirí ag na Páirceanna.

Is féidir le forbairt na bPleananna Bainistíochta creat a sholáthar chomh maith ar mhaithe le scéim **Phrintíseachta Dúlra** a fhorbairt, mar a mholtar i Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025, agus i gcláir shaincheaptha d'Oibrithe Deonacha. Ba mhór an chabhair é seo do chlár Intéirneach an SPNF, atá idir lámha cheana féin. Braitheann feidhmiú céimneach éifeachtach scéim Phrintíseachta dá I eithéid seo, na Páirceanna Náisiúnta sa chéad áit, ar rannpháirtíocht ghníomhach an chohórt reatha de cheardaithe oilte le taithí atá san SPNF.

Ba cheart machnamh a dhéanamh ar chlár gaolmhar infheistíochta ar mhaithe le soláthar cóiríocht foirne teoranta agus le hathchóiriú nuair is féidir ar an stoc foirgneamh atá ag príomhláithreáin Pháirceanna an SPNF.

**Moladh** uimh. 18 Baineann géarghá le **hathchóiriú TF reform** ar chórais bhogearraí agus chrua-earraí laistigh den SPNF. Ba cheart clár infheistíochta ilbhliantúil a chur i dtoll a chéile, lena dtabharfaí

aghaidh ar na croí-laigí (lena n-áirítear, córais Fhaireacháin agus Tuairiscithe ar speicis agus ar ghnáthóga; Córais cheadúnaithe ar líne; Iarratais Fhorbartha; Bainistíocht Maoine agus Sócmhainne), aontaithe agus curtha i bhfeidhm le tacaíocht ó Phríomhoifigeach Faisnéise na Roinne agus le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Ba cheart go n-áireofaí sa **phlean Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)** foireann lárnach speisialtóirí TFC agus Faisnéise Geografaí (GIS) a earcú chun córais nua an NPWS a chothabháil, a neartófaí le hacmhainní ar conradh. Is é an rogha a mholtar ná aonad TFC ar leith a thógáil taobh istigh den SPNF, mar is amhlaidh le Met Éireann atá neamhspleách go hoibríochtúil, cé go bhfuil siad faoi struchtúir rialachais agus maoinithe na Roinne. Tá ceangal ag an moladh seo le dul chun cinn i dtaca le naisc oibriúcháin níos dlúithe a fhorbair leis an NBDC (féach **Moladh** no. 19 thíos).

**Moladh** uimh. 19 Rachaidh an DHLGH agus foireann nua Bhainistíochta an SPNF i dteagmháil leis an gComhairle Oidhreachta agus le Bord Bainistíochta an **Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC)**, chun socruithe a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le caidreamh oibre i bhfad níos dlúithe (lena n-áirítear bainistíocht sonraí, roinnt acmhainní, teicneolaíocht, for-rochtain phoiblí agus cumarsáid) chun freastal ar na riachtanais náisiúnta/an SPNF atá ag fás (Nóta: tá próiseas ar leith ar bun maidir le roghanna rialachais don NBDC amach anseo, mar a luaitear i gcuid 4.6.1 thuas). Thug an próiseas comhairliúcháin a bhí idir lámha againn le fios dúinn gur toradh dearfach, ón meon náisiúnta de, a bheadh ann feidhmeanna agus saineolas an NBDC a chomhtháthú níos dlúithe le gníomhaíochtaí bainistíochta eolaíochta agus sonraí an SPNF nua.

**Moladh** uimh. 20 Moltar san Athbhreithniú go ndéanfaí **caiteachas** ar fud an rialtais i dtaca na Bithéagsúlacht, hAeráide, Uisce agus Cáilíocht Aeir, mar chroí-ghnéithe an Chomhshaoil a chlibeáil, ionas gurbh fhéidir staitisticí a dhíorthú maidir le caiteachas poiblí, chomh maith le héifeachtacht an chaiteachais ar bhonn leanúnach. Ba cheart é seo a ailíniú le cur i bhfeidhm an **Chreata Gníomhaíochta Tosaíochta** (PAF) do Natura 2000 in Éirinn, creat uile-Rialtais, a fhreastlaíonn ar an tréimhse ó 2021 go 2027, ar leagadh béama air i gCuid 4. Is príomhriachtanas d'Éirinn, suas go agus go dtí 2027 é an PAF a sheachadadh. Ba chóir go mbeadh an PAF corpraithe i ngach smaoineamh agus gníomh i dtaca le Bearta Caomhantais agus athchóiriú dúlra ag an SPNF agus ag Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile,

**Moladh** uimh. 21 Tá cur síos ar na dúshláin i dtaca le hathchóiriú ar na príomhréimsí **reachtaíochta** atá ina gcrann taca ag obair an SPNF i Roinn 4.11 thuas. Ní mór acmhainní tiomnaithe a chur ar fáil ar mhaithe leis na reachtanna reatha um chaomhnú an dúlra a nuashonrú agus chun príomhphíosaí reachtaíochta nua a dhréachtú - na hAchtanna um Fhiadhúlra, na rialacháin um Éin agus Gnáthóga agus Acht nua na bPáirceanna Náisiúnta.

**Moladh** uimh. 22 Tugtar cur síos ar fhorbairt an **Aonaid Coireachta Fiadhúlra** laistigh den NPWS I Roinn 4.12. Ní mór na socruithe nua Forfheidhmithe a chuirtear i bhfeidhm laistigh den NPWS a bheith ag teacht agus ailínithe go hiomlán le forbairt an phlean Straitéisigh nua, agus le struchtúir réigiúnacha, foireann-bhunaithe a thógáil. Ba cheart don Aonad Coireachta Fiadhúlra tabhairt faoi mhacnamh láithreach i dtaca le **Bearta Comhlíonta agus Forfheidhmithe** a fhorbairt agus fhoilsiú a leagfadh béim ar chur chuige ginearálta an SPNF maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú. San áireamh anseo, d'fhéadfadh go mbeadh: na prionsabail forfheidhmithe atá mar bun agus barr lena chur chuige; an réimse roghanna forfheidhmithe atá ar fáil; na critéir a chuirtear san áireamh ag an SPNF agus measúnú á dhéanamh ar sháruithe ar reachtaíocht fiadhúlra; agus gníomhaíocht agus torthaí forfheidhmithe á gcur in iúl.

De réir mar a thagann forbairt air, ba cheart d'Aonad Coireachta Fiadhúlra an SPNF MTanna a bhunú agus feidhmiú go dlúth leo agus leis na príomhghníomhaireachtaí eile sa limistéar forfheidhmithe, chomh maith leis na Gardaí, go háirithe Iascach Intíre Éireann (IFI) agus an EPA. Mar a tugadh le fios san aighneacht ón EPA chuig an Athbhreithniú: 'chuirfí comhoibriú i dtaca le forfheidhmiú chun cinn tuilleadh agus an SPNF ag gníomhú go rannpháirteach sa Líonra Forfheidhmithe Náisiúnta (NIECE)'. Ina aighneacht don Athbhreithniú, chuir IIÉ béim ar '*an dúil atá ann feidhmiú go dlúth leis an SPNF ar mhaithe le cosaint sa bhreis a sholáthar d'fiadhúlra agus bithéagsúlacht do na glúin atá le teacht*'

**Moladh** uimh. 23 Ó 2022 ar aghaidh, ba cheart don SPNF na socruithe airgeadais agus bainistíochta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le **clár Taighde** sonrach, a bheadh ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta i dtaca leis an Dúlra agus bithéagsúlacht. Mar a tugadh le fios san aighneacht ón EPA: "*Níl aon chomhlacht amháin chun tosaigh nó a bhfuil sé mar sprioc acu taighde bithéagsúlachta agus éiceachórais a chur chun cinn. Ba chóir go mbeadh ceannasaíocht ag an SPNF ar straitéis taighde náisiúnta ar mhaithe le héiceachórais agus le bithéagsúlacht agus go mbainfeadh siad maoiniú ilbhliantúil amach chun riachtanais straitéiseacha a sheachadadh".* Ba cheart forbairt an chláir seo a thógáil ar chomhoibriú dlúth le gníomhaireachtaí a bhfuil saineolas cruthaithe acu i réimse na bainistíochta taighde, lena n-áirítear an EPA, SFI agus Foras na Mara.

Ba cheart don SPNF socruithe a chur i bhfeidhm ar mhaithe le 3-4 Chomhalta Taighde, a nascfadh obair na bhfoirne Eolaíochta intí le soláthraithe taighde seachtracha, mar chuid den straitéis Taighde seo. Bhain luach le cláir den chineál céanna agus bunachar eolais i ngníomhaireachtaí teicniúla mar an EPA, Foras na Mara agus Met Éireann, á athnua.

**Moladh** uimh. 24 Moltar san an athbhreithniú go gcruthófaí leagan oiriúnaithe de **Chreat Il-leibhéil ar son an Dúlra**:

- **Coiste Comhairleach Dúlra**(NAC) faoi chathaoirleacht ceann/**Stiúrthóir** an SPNF nua, ag leibhéal Rúnaí Cúnta, agus Fóram Náisiúnta Bithéagsúlachta neartaithe, ag a bhfuil bonn náisiúnta de pháirtithe leasmhara, ag cur comhairle ar an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ar an Aire Stáit ábhartha a bhfuil údarás tarmligthe sa réimse seo aige;
- Tacaíocht theicniúil á soláthar ag **Coiste um Chomhordú agus um Bainistiú Dúlra** (NCMC), arna stiúradh ag an ngníomhaireacht theicniúil nua – an SPNF nua, lena n-áirítear an Lárionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta – agus lena n-áirítear raon leathan de ghníomhaireachtaí eolaíocha ábhartha, agus bunachar sonraí náisiúnta gnáthóg/speicis, stádas, saincheisteanna agus bearta á bhforbairt aige;
- Go háitiúil **líonraí tras-Rannach/Gníomhaireachta Dúlra agus Uisce,** a chruthú, lena n-áirítear Bainisteoirí na bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra, lena mbeadh nascadh le húdaráis áitiúla agus le líonraí uisce LAWPRO, á dtacú ag Coistí Dúlra réigiúnacha agus ag cur le líonra na nOifigeach Oidhreachta/Bithéagsúlachta, chun dul i ngleic le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla, le pobail agus le maoiniú ar mhaithe le tacú le cur i bhfeidhm tionscnamh dúlra go háitiúil. Rachaidh an comhordú agus caidreamh le IFI agus le Comhairlí áitiúla chun leasa fhorbairt an Aonaid Coireachta Fiadhúlra chomh maith.

Tá an moladh i dtaca le grúpa tras-Rannach/Gníomhaireachta Dúlra de dheasca thaithí na Roinne Treorach (DHLGH) ar struchtúir náisiúnta rialachais uisce a bhunú. Cuirtear an gealltanas atá leagtha amach i dtionscadal naoi mbliana LIFE '***Dúlra an Atlantaigh Fhiáin'* (2021-2029),** san áireamh chomh maith, tionscadal ilghníomhaireachta, faoi stiúir na Roinne/SPNF, ar mhaithe le grúpa um Beartas Nádúrtha agus Rialachas.

Tá na cosúlachtaí sna dúshláin bheartais i dtaca le Dúlra, Aeráide agus Uisce ina ngnéithe lárnacha de Mhargadh Nua Glas an AE agus leagadh béim orthu ag an ***gComhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta*** in 2019, arna comhóstáil ag an SPNF le Fóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádúrtha (Caipiteal Nádúrtha Éireann). Luaigh agallaithe i Ranna, gníomhaireachtaí agus grúpaí neamhrialtasacha na naisc bheartais seo go rialta le linn an Athbhreithnithe.

Tá cur chuige níos comhtháite de dhíth maidir na gceisteanna comhshaoil seo á gcomhbhainistiú, ag cur le na ceachtanna beartais, an rath a bhí orthu agus na teipeanna i dtaca le samhlacha roimhe seo. Beidh an cur chuige beartais tras-Rialtais seo i leith an dúlra, na haeráide agus an uisce, mar atá leagtha amach sa mheasúnú ar chaomhnú an dúlra in Éirinn (Cuid 1), ina phríomhfhachtóir ratha i maidir le forbairt an SPNF nua, mar a mholtar san Athbhreithniú seo.

## 5.4 Plean Gníomhaíochta

**Céim 1 Mí 1 go 6 (Deireadh Fómhair2021/Márta 2022)**

- Cinneadh ón Aire maidir le **Struchtúr rialachais** don SPNF amach anseo, de dheasca na roghanna agus na moltaí mar a leagtar amach iad i Rannáin 5.2 agus 5.3.
- DHLGH le foireann **Tacaíochta Aistrithea** shannadh (lena n-áirítear foireann a bhfuil taithí acu i dtaca le Tacaíocht Ghnó, Acmhainní Daonna, TFC) ar mhaithe le cabhrú leis an gclár atheagraithe agus athchóirithe de chuid an SPNF nua, go deireadh 2022.
- Sonraíocht poist ar mhaithe le post **Stiúrthóra an NPWS** ag leibhéal an Rúnaí Cúnta a dhréachtú agus an riachtanas atá le scileanna eolaíocha/teicniúla i réimse an dúlra agus caomhnaithe, mar a leagtar amach i **Moladh** uimh.3., á gcur san áireamh. Feidhmiú as lámha a chéile leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) agus mear a chuir faoin bpróiseas earcaíochta
- Cuireann an NPWS **Foireann Aistrithe** ar bun ar mhaithe leis an bpróiseas athraithe i dtreo na Gníomhaireachta nua a threorú; áireofar ar an bhfoireann seo an **Stiúrthóir** nua (nuair a cheaptar é), **na Príomhoifigigh reatha agus na Príomhoifigigh nua,** baill den fhoireann **Tacaíochta Aistrithe** (ó DHLGH) & tacaíocht sheachtrach. Go bunúsach, is í an Fhoireann Aistrithe seo an grúpa feidhmithe i dtaca le torthaí an Athbhreithnithe.
- **Plean Fórsa Saothair mionsonraithe agus comhdhlúite agus réamhaisnéis Meastacháin ar mhaithe le 2022 a chur ar fáil do DHLGH agus DPER** chun méid na ndúshlán an SPNF a léiriú, mar atá leagtha amach san Athbhreithniú agus **Moltaí** uimh. 10, 11, 12, 13, 14 agus 17, lena n-áirítear an riachtanas atá le hAonad Bearta Caomhnaithe tiomnaithe (faoi cheannas Príomhoifigeach/), Aonad Mara agus tacaíochtaí breise ag leibhéal Bainisteoirí Páirce agus foirne, Éiceolaithe G2, Cumarsáid, Oideachas agus Riarachán.
- **Foireann Straitéise,** tras-rannach a roghnú, lena n-áirítear oibrithe deonacha i dtaca le gráid éagsúla (foireann bhunaithe agus neamhbhunaithe), ar mhaithe le **Plean Straitéiseach** a dhréachtú ar son an SPNF nua agus dul i gcomhairle leo, maidir leis na dúshláin chomh fada le 2030. (Tá teimpléad úsáideach forbartha ag Met Éireann, mar a luadh thuas, ar mhaithe le Straitéis a fhorbairt).
- DHLGH agus Stiúrthóir an SPNF chun seirbhísí gnólachta **Dearaidh Eagrúcháin** ghairmiúil a fhostú, a mbeadh sé mar dhualgas orthu tacú le Foireann Aistrithe an SPNF agus struchtúir agus próisis eagraíochtúla na todhchaí go dtí deireadh 2022, á dhearadh agus á gcur i bhfeidhm acu, agus an Plean Straitéiseach nua á chur san áireamh.

Ba chóir go mbeadh an cur chuige comhtháite maidir le hathchóiriú lárnach sa dearcadh i leith an chéad chéim seo de Phlean an SPNF, i.e. pacáiste de chinntí agus de bhearta a threiseoidh a chéile, chun an acmhainn a chruthú ar mhaithe le gníomhaíochtaí atá chun teacht sna sála i gcéim 2 agus 3.

**Céim 2 (Aibreán – Nollaig 2022)**

- An **Plean Straitéiseach** don SPNF nua (2022-2030) a thabhairt chun críche, a fhoilsiú agus a chur in iúl, lena n-áirítear ag sraith de ‘chruinnithe halla an bhaile’ foirne arna stiúradh ag an mBainistíocht Shinsearach agus ag an bhFoireann Straitéise.
- Feidhmiú leis an bhfoireann Dearaidh Eagrúcháin, ag tógáil ar aschuir an **Phlean Straitéise** don SPNF nua, chun na **struchtúir Tuairiscithe** ar mhaithe le gach grád a thabhairt chun críche agus a leabú síos.
- **Clár Earcaíochta ar**mhaithe le heochairfhoireann, ag tógáil ar thorthaí an phlean bhliantúil don Fhórsa Saothair, mar atá leagtha amach i Moladh 14 thuas, lena n-áirítear baill foirne san Aonad nua um Bearta Caomhantais, san Aonad Mara, Bainisteoir Taighde, san Aonad LIFE, Bainisteoirí na bPáirceanna Náisiúnta, OCDanna breise agus Oibrithe Ginearálta, Éiceolaithe G2, ag tógáil an aonaid Choireachta Fiadhúlra, agus tacaíochtaí maidir le hOideachais agus Riaracháin.

- Comhairliúchán mionsonraithe agus '**foirne seachadta Réigiúnacha**" á dtionscain ar fud Réigiúin agus Cheantar uile de chuid an SPNF, lena n-áirítear nósanna imeachta oibriúcháin sonraithe do chláir forfheidhmithe, measúnú éiceolaíoch le hionchuir réigiúnacha, cláir chaomhnaithe agus comhar idirghníomhaireachta. Soláthróidh na foirne seo struchtúr ar mhaithe le speisialtóireacht fheidhmiúil méadaithe ar fud foirne Éiceolaíochta, Bainistíochta Páirce, Maoirseoirí agus Oideachais (Féach **Moladh** uimh. 7).
